2024/1745

24.6.2024

# RIALACHÁN (AE) 2024/1745 ÓN GCOMHAIRLE

## an 24 Meitheamh 2024

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/1744 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ([2])

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 24 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1744, lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, leasaítear an toirmeasc ar thuirlingt i gcríoch an Aontais, ar éirí de thalamh uaithi nó ar eitilt thairsti ionas go mbeidh feidhm aige freisin maidir le haon aerárthach a úsáidtear le haghaidh eitilt neamhsceidealaithe agus a bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach in ann áit nó am a éirí de thalamh nó a thuirlingthe a chinneadh go héifeachtach ina leith, amhail, mar shampla, an iarraidh ó dhaoine nádúrtha Rúiseacha a chomhlíonadh go n-iomprófaí iad chuig cinn scríbe saoire shonracha nó an iarraidh ó dhaoine dlítheanacha Rúiseacha a bhfostaithe a iompar chuig cruinnithe gnó san Aontas nó a gcliaint chuig cinn scríbe turasóireachta. Is é is aidhm don leasú sin cleachtais teacht timpeall a sheachaint maidir leis an toirmeasc ar thuirlingt i gcríoch an Aontais, ar éirí de thalamh uaithi nó ar eitilt thairsti agus an cuspóir a shaothrú tuilleadh maidir leis an mbrú is mó is féidir a chur go hindíreach ar Rialtas na Rúise chun deireadh a chur lena ghníomhaíochtaí agus beartais lena ndéantar an Úcráin a dhíchobhsú agus leis an bhfogha míleata ina coinne. Níl feidhm ag an toirmeasc maidir le haerárthach nach ndéanann duine Rúiseach ach é a phíolótú gan a bheith in ann an áit nó an t-am dá éirí de thalamh nó dá thuirlingt a chinneadh go héifeachtach, amhail i gcás píolótaí atá fostaithe ag aeriompróirí nach aeriompróirí Rúiseacha iad. Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, leasaítear freisin an toirmeasc céanna ar dhíolúine a thabhairt isteach d'aerárthaí áirithe nuair a úsáidtear iad le haghaidh eitiltí príobháideacha, neamhchorpracha a dhéantar laistigh de chríoch agus d'aerspás an Aontais chun críocha áineasa nó oiliúna.

(5) D'fhonn tacar aonfhoirmeach rialacha a bheith ann ar fud an Aontais agus d'fhonn teacht timpeall an toirmisc ar eitiltí a chomhrac, tugtar isteach freisin le Cinneadh (CBES) 2024/1744 oibleagáid ar oibreoirí, i gcás eitiltí neamhsceidealaithe, arna iarraidh sin d'údaráis inniúla an Bhallstáit imeachta, an Bhallstáit cinn scríbe nó an Bhallstáit a dhéanann eitilt thairsti, an fhaisnéis is gá chun comhlíonadh an toirmisc ar eitiltí a fhíorú a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi úinéireacht an aerárthaigh agus, i gcás inarb ann d'fhorais réasúnacha a bheith in amhras go bhfuiltear ag teacht timpeall ar an toirmeasc ar eitiltí, faoi phaisinéirí. Ba cheart faisnéis den sórt sin a sholáthar laistigh de sprioc-am arna leagan síos ag údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

(6) Leis an oibleagáid sin, urramaítear go hiomlán na cearta bunúsacha, go háirithe an ceart go ndéantar meas ar an saol príobháideach agus an ceart go ndéantar sonraí pearsanta a chosaint, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Go háirithe, ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta a bheith teoranta don mhéid is gá chun cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaint amach agus atá comhréireach leis sin. Chun forálacha ábhartha de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a chur i bhfeidhm, ba cheart coincheap na n-eitiltí neamhsceidealaithe

([1]) IO L, 2024/1744, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1744/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, p. 1).
([3]) Cinneadh 2014/512/CBES an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

a léirmhíniú i gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'aersheirbhís sceidealta' a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(7) Chun an riosca theacht timpeall a íoslaghdú, le Cinneadh (CBES) 2024/1744 leasaítear an toirmeasc ar iompar earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear earraí faoi bhealach. Oibreoirí de chuid an Aontais ar le duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach 25 % nó níos mó díobh, ba cheart toirmeasc a chur orthu a bheith ina ngnóthas iompair de bhóthar nó earraí a iompar de bhóthar san Aontas, lena n-áirítear faoi bhealach. Níl feidhm ag an toirmeasc maidir le gnóthais iompair de bhóthar atá faoi úinéireacht dénáisiúnach nó náisiúnach Rúiseach a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát. Ba cheart do ghnóthais iompair de bhóthar a oibríonn níos mó ná deich bhfeithicil agus atá faoi úinéireacht, sciar ar bith díobh, duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach a struchtúr úinéireachta a nochtadh do na húdaráis inniúla náisiúnta.

(8) Ós rud é go bhfuil stoic shuntasacha diamant á gcoinneáil lasmuigh den Rúis nach soláthraíonn ioncam don Rúis a thuilleadh, ach a bhféadfadh sé gur gá iad a onnmhairiú lena bpróiseáil nó a allmhairiú tar éis a bpróiseála, soiléirítear le Cinneadh (CBES) 2024/1744 nach gcumhdaítear leis an toirmeasc ar dhiamaint gharbha a allmhairítear ón Rúis roimh an 1 Eanáir 2024 agus diamaint snasta a allmhairítear ón Rúis nó a mhonaraítear roimh an 1 Márta 2024 nó an 1 Meán Fómhair 2024, ag brath ar mheáchan an diamaint. Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, leasaítear freisin ar an toirmeasc ar dhiamaint na Rúise chun allmhairiú nó onnmhairiú sealadach seodra a chumasú le haghaidh deisiúcháin, ceantanna agus aontaí trádála. Déantar leasú teicniúil leis freisin ar an gceanglas atá ar allmhaireoirí fianaise ar thionscnamh diamant a sholáthar nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tíortha seachas an Rúis.

(9) An margadh le haghaidh seodra ina bhfuil diamaint, is margadh domhanda é atá idirnasctha go dlúth. Is éifeachtaí na bearta sriantacha maidir leis an seodra sin agus is lú seans go rachfar timpeall orthu nuair a fhorcuirtear iad i gcomhréir le príomh-chomhpháirtithe an Aontais, G7, mar shampla. Dá bhrí sin, foráiltear le Cinneadh (CBES) 2024/1744, ar bhonn sealadach, nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc indíreach ar allmhairiú diamant Rúiseach arna bpróiseáil i dtríú tíortha seachas an Rúis maidir le seodra ina bhfuil na diamaint sin go dtí go gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt, in oirchill na gníomhaíochta a dhéanfar le faoi chuimsiú G7 chun an beart sin a shaothrú.

(10) Faigheann an Rúis ioncam mór ó dhíol agus iompar gáis nádúrtha leachtaithe (GNL). Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, cuirtear toirmeasc ar sheirbhísí athlódála i gcríoch an Aontais, chun críocha oibríochtaí trasloingsithe i gcás ina n-úsáidtear na seirbhísí sin chun GNL na Rúise a thrasloingsiú, ach amháin i gcás trasloingsithe den sórt sin chuig na Ballstáit. Cumhdaítear leis an toirmeasc sin aistrithe ó long go long agus aistrithe ó long go tír araon agus oibríochtaí athlódála chomh maith. Tá toirmeasc freisin ar sheirbhísí coimhdeacha a bhaineann le trasloingsiú den sórt sin. Ní dhéanann an toirmeasc sin difear d'allmhairí isteach san Aontas ná do shlándáil soláthair na mBallstát. Ba cheart don Choimisiún faireachán agus tuairisciú a dhéanamh don Chomhairle ar fhorbairtí GNL a bhaineann leis an toirmeasc agus bearta maolaitheacha a mholadh i gcás forbairtí tábhachtacha a bhaineann leis.

(11) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 cuirtear toirmeasc ar infheistíocht nua agus soláthar earraí, teicneolaíochtaí agus seirbhísí chun tionscadail GNL a thabhairt chun críche, amhail GNL Artach agus GNL Murmansk. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear do cheannach agus d'allmhairiú GNL ó chríochfoirt na Rúise agus ó sheirbhísí airgeadais a sholáthraítear do thionscadail GNL den sórt sin. Cuireann beart den sórt sin teorainn le leathnú acmhainneacht GNL na Rúise agus, ar an gcaoi sin, cuirtear teorainn le hioncam na Rúise.

(12) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, tugtar isteach srianta allmhairiúcháin ar GNL na Rúise trí chríochfoirt GNL de chuid an Aontais nach bhfuil nasctha leis an gcóras gáis nádúrtha idirnasctha. Ní chuireann sé bac ar bhealach ar bith ar allmhairí GNL ón Rúis trí shaoráidí eile san Aontas agus níl aon éifeacht dhíobhálach aige ar mhargadh gáis an Aontais ná ar shlándáil a sholáthair, lena n-áirítear ar na méideanna agus ar na praghsanna atá ar fáil. Níor cheart do na srianta sin difear a dhéanamh do sholáthar GNL na Rúise ó mhórthír Ballstáit chuig na réigiúin is forimeallaí dá chuid.

(13) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, tugtar isteach toirmeasc earnála lena dtoirmisctear rochtain ar chalafoirt agus loic na mBallstát chomh maith le raon leathan seirbhísí a bhaineann le muiriompar do shoithí a chuireann le cumas na Rúise cogadh a fhearadh i gcoinne na hÚcráine. Leis an mbeart sin, ba cheart srian a chur le gníomhaíocht soithí

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31/10/2008, lch. 3).

a bhfuil baint acu le hiompar earraí a ghineann ioncam do chogaíocht na Rúise nó le soithí a oibrítear chun rannchuidiú nó tacú le gníomhaíochtaí nó beartais a thacaíonn le gníomhaíochtaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Liostaítear na soithí atá faoi réir na mbeart sriantach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1744. Níl bearta sriantacha an Aontais, ar uirlis bhunriachtanach iad de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, dírithe ar shoithí a bhfuil bratach an Aontais ar foluain acu. Oibríonn soithí den sórt sin faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta agus ní mór dóibh a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir leis an dlí sin. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ina ndlínsí faoi seach maidir le soithí faoi bhratach an Aontais. Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1744 soiléirítear raon feidhme an toirmisc ar rochtain ar chalafoirt do shoithí a bhfuil bratach na Rúise ar foluain acu agus cuirtear maolú leis.

(14) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 tugtar isteach toirmeasc ar earraí maoine cultúrtha de chuid na hÚcráine agus earraí eile a bhfuil tábhacht seandálaíochta, stairiúil, chultúrtha, neamhchoitianta eolaíochta nó reiligiúnach leo a cheannach, a allmhairiú, a aistriú nó a onnmhairiú, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha amhrais ann gur aistríodh na hearraí ón Úcráin go neamhdhleathach. Thairis sin, tugtar isteach leis toirmeasc ar sheirbhísí gaolmhara.

(15) In 2020, thug an Rúis forálacha nua isteach ina Cód Nós Imeachta Eadrána chun áirithiú, mura mbunaítear a mhalairt le conradh idirnáisiúnta de chuid na Rúise nó le comhaontú na bpáirtithe, inniúlacht eisiach na gcúirteanna sa Rúis i ndíospóidí le rannpháirtíocht daoine a gcuirtear bearta sriantacha i bhfeidhm ina leith nó i ndíospóidí duine Rúiseach nó eachtrach amháin le duine Rúiseach nó eachtrach eile, más bearta sriantacha is bunús leis na díospóidí sin. Tá sé mar chuspóir nó mar éifeacht shoiléir ag reachtaíocht den sórt sin, atá curtha i bhfeidhm go forleathan ag cúirteanna na Rúise, go gcuirfí iallach ar shásamh éileamh in aghaidh sócmhainní cuideachtaí de chuid an Aontais i ndlínse eachtrach, agus maíonn sí go gcuirfí toirmeasc orthu murach sin comhlíonadh a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 833/2014nó Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([5]). Dá bhrí sin, d'fhonn na costais ar Chónaidhm na Rúise a bhaineann lena gníomhaíochtaí neamhdhleathacha san Úcráin a mhéadú, agus chun brú a chur uirthi deireadh a chur le gníomhaíochtaí den sórt sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1744 is féidir cuideachtaí a bhaineann úsáid as na forálacha sin de dhlí na Rúise a chur faoi réir toirmeasc ar idirbhearta.

(16) D'fhorbair Banc Ceannais na Rúise an 'Córas um Aistriú Teachtaireachtaí Airgeadais (SPFS)', seirbhís speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais chun sonraí airgeadais a mhalartú, arb é is aidhm dó tionchar na mbeart arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a neodrú, go háirithe maidir leis an earnáil baincéireachta agus airgeadais. D'fhonn forbairt SPFS a shrianadh, cumas na Rúise cogadh a fhearadh a laghdú agus frustrachas na mbeart arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a chosc, le Cinneadh (CSFP) 2024/1744 cuirtear toirmeasc ar úsáid SPFS nó seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise, agus cuirtear toirmeasc idirbhirt ar oibreoirí an Aontais a bhfuil eintitis atá liostaithe go sonrach acu agus a úsáideann an córas sin lasmuigh den Rúis. Ní bhaineann na bearta sin le heintitis atá bunaithe agus ag feidhmiú sa Rúis, lena n-áirítear fochuideachtaí d'eintitis de chuid an Aontais. Le Cinneadh (CSFP) 2024/1744, ní chuirtear toirmeasc ar eintitis de chuid an Aontais déileáil le heintitis Rúiseacha a úsáideann SPFS, ar choinníoll nach nascann na heintitis sin de chuid an Aontais le SPFS iad féin. Ina theannta sin, chun iarmhairtí neamhbheartaithe a sheachaint maidir le hidirbhearta agus idirbhearta dlisteanacha gnó a mhaoiniú agus maidir le híocaíocht a dhéanamh ina leith chun críoch eile a bhfuil údar cuí leo, leagtar amach freisin i gCinneadh (CSFP) 2024/1744 eisceachtaí spriocdhírithe lena gceadaítear d'eintitis de chuid an Aontais nascadh le SPFS.

(17) D'fhéadfadh sé go bhfuil institiúidí creidmheasa agus airgeadais áirithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas ag éascú idirbheart lena gcuirtear bac ar na bearta arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 bunaítear toirmeasc ar idirbhearta ar oibreoirí an Aontais a bhfuil a bhfuil institiúidí creidmheasa agus airgeadais acu chomh maith le soláthraithe criptea-shócmhainní, atá bunaithe lasmuigh den Rúis, i gcás inar chinn an Chomhairle go n-éascaíonn na heintitis sin idirbhearta a thacaíonn le bonn cosanta tionsclaíoch na Rúise trí earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, earraí agus teicneolaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinní XI, XX agus XXXV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ítimí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó airm thine agus armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a onnmhairiú, a sholáthar, a dhíol, a aistriú nó a iompar chuig an Rúis ([6]).

(18) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, leathnaítear tuilleadh an toirmeasc atá ann cheana ar thacaíocht a sholáthar, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais nó aon tairbhe eile, ó chlár de chuid an Aontais, Euratom nó Ballstáit d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis nó clár d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar leo é go tromlach. Tugtar díolúintí spriocdhírithe isteach freisin.

(19) Ionas nach gcuirfear srian míchuí ar an gceart chun fostaíochta atá ag náisiúnaigh de chuid an Aontais a raibh cónaí orthu sa Rúis roimh ionradh na hÚcráine i mí Feabhra 2022 agus atá fostaithe ag fochuideachtaí de chuid an Aontais agus d'eintitis de chuid tíortha comhpháirtíochta sa Rúis, cruthaítear le Cinneadh (CBES) 2024/1744 díolúine ón toirmeasc ar sheirbhísí áirithe a sholáthar do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

(20) Tá rialtas na Rúise agus cúirteanna na Rúise ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun a gcosaint sa Rúis a bhaint go neamhdhlisteanach de shealbhóirí ceart maoine intleachtúla na mBallstát. Mar thoradh air sin, tá buntáiste iomaíoch míchuí ann d'earnáil tionsclaíochta na Rúise agus cuireadh le hioncam na Rúise, rud a chuir ar a cumas cogadh a fhearadh san Úcráin. Chun an méid sin a neodrú, le Cinneadh (CBES) 2024/1744, forchuirtear srianta maidir le hiarratais ar chlárú ceart maoine intleachtúla áirithe arna ndéanamh ag náisiúnaigh na Rúise, ag daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis agus ag cuideachtaí Rúiseacha a ghlacadh san Aontas. Go háirithe, agus gan dochar dá rialacha nós imeachta, níor cheart d'Oifigí Maoine Intleachtúla ná d'institiúidí inniúla eile a cheadú go ndéanfaí na hiarratais ábhartha a chomhdú. Ina theannta sin, agus an oibleagáid sin á comhlíonadh acu, i gcás ina gcomhdófaí aon iarratas den sórt sin, níor cheart a cheangal ar Oifigí Maoine Intleachtúla ná ar institiúidí inniúla eile cinneadh foirmiúil diúltaithe a eisiúint, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí athchomhdú a dhéanamh a luaithe a aisghairfí an srian atá idir lámha. Chun an srian sin a chur chun feidhme, ba cheart a chur ar a gcumas d'Oifigí Maoine Intleachtúla agus d'institiúidí inniúla eile an fhaisnéis is gá a iarraidh ar dhaoine nádúrtha agus ar chuideachtaí a dhéanann iarratas ar chlárú na gceart maoine intleachtúla ábhartha.

(21) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 tugtar isteach toirmeasc ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla, comhghuaillíochtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear meithleacha machnaimh, agus soláthraithe seirbhísí meán san Aontas, glacadh le maoiniú, tabhartais nó aon tairbhe eacnamaíoch eile nó tacaíocht ón Rúis, go díreach nó go hindíreach. I bhfianaise na n-iarrachtaí comhbheartaithe leanúnacha atá á ndéanamh ag an Rúis cur isteach ar na próisis dhaonlathacha agus ar an bhfondúireacht dhaonlathach san Aontas, lena n-áirítear trí fheachtais tionchair agus trí mhífhaisnéis a chur chun cinn, arb é is aidhm dóibh an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus bolscaireacht ar son na Rúise a chur chun cinn atá dírithe ar bhonn cirt a thabhairt do chogadh fhoghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus tacú leis, is iomchuí toirmeasc a chur ar chistiú ó Stát na Rúise agus óna ionadaithe do ghníomhaithe san Aontas atá mar chuid de na próisis fhoirmithe tuairime poiblí. Leis na feachtais bolscaireachta agus bréagaisnéise sin, is féidir an bonn a bhaint de bhunchlocha sochaithe daonlathacha agus is cuid lárnach iad d'uirlisí na n-ionsaithe hibrideacha nua-aimseartha. Is é is aidhm don tacaíocht airgeadais sin sláine phróisis pholaitiúla an Aontais a chosaint, saoránaigh an Aontais a chosaint ar chúbláil agus gnóthaí inmheánacha an Aontais a chosaint ar chur isteach mailíseach, trí chosaint phrionsabail an smachta reachta, an daonlathais agus iolrachas na meán a áirithiú. Is féidir leis na Ballstáit cur i gcoinne cur isteach den sórt sin ar phróisis dhaonlathacha agus an bonn a bhaint d'fhondúireachtaí daonlathacha, de réir mar is iomchuí laistigh de shrianta na gcreataí náisiúnta um chomhlíonadh atá ann cheana. I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt, go háirithe leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoine mar a aithnítear in Airteagail 11, 16 agus 17, faoi seach, di, ní chuireann an srian sin cosc ar sholáthraithe seirbhíse meán agus ar a bhfoireann aon ghníomhaíochtaí eile a dhéanamh san Aontas, amhail taighde agus agallaimh. Ina theannta sin, ní mhodhnaítear leis an srian sin an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú, lena n-áirítear sa Chairt, agus i mbunreachtanna na mBallstát, laistigh dá réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.

(22) D'fhonn feasacht a mhéadú maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, is iomchuí go dtuairisceoidh na Ballstáit faoi na pionóis a fhorchuirtear i leith sáruithe ar na bearta sriantacha.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

(23) I gcomhréir le cuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, is iad sin an tsíocháin a chaomhnú, an tslándáil idirnáisiúnta threisiú agus an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, an daonlathas, an smacht reachta, agus, go sonrach, na cuspóirí arna saothrú le Cinneadh 2014/512/CBES a chur chun cinn, is iomchuí a áirithiú go mbeidh doiciméid atá i seilbh na Comhairle, an Choimisiúin agus an Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('An tArdionadaí') a bhaineann le forfheidhmiú na mbeart sriantach a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó a bhaineann le sárú nó teacht timpeall a chosc, faoi réir rúndacht ghairmiúil agus go mbeidh an chosaint acu a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais, ós rud é go bhféadfaí na doiciméid atá iontu a úsáid ar bhealach chun cosc a chur ar fhorfheidhmiú na mbeart sin nó a n-éifeachtacht a chur i mbaol, ós rud é go bhféadfadh na daoine agus na heintitis lena mbaineann gníomhú ar bhealach a chuirfeadh cosc ar a bhforfheidhmiú. Ba cheart an chosaint sin a áirithiú freisin do thograí comhpháirteacha ó Ardionadaí an Aontais agus ón gCoimisiún chun Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus aon doiciméad ullmhúcháin gaolmhar a leasú toisc go bhféadfaí difear a dhéanamh d'éifeachtacht na mbeart a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus d'ullmhú agus do chaibidlíocht ar bhonn tograí a bheidh ann amach anseo dá nochtfaí na tograí sin. Is minic a chuireann an tArdionadaí agus an Coimisiún bearta áirithe a bhíonn i dtograí mar sin nach féidir leis an gComhairle a ghlacadh ar chúiseanna éagsúla isteach i dtograí a dhéantar ina dhiaidh sin. Tá sé tábhachtach an chumhacht tionscnaimh sin a chosaint ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leasanna poiblí nó príobháideacha a dhéanann iarracht, lasmuigh de chomhairliúcháin eagraithe, a cheangal ar institiúidí an Aontais agus ar a sheirbhísí leasú a mholadh, a ghlacadh, a leasú nó a chomhaontú. Dá nochtfaí na tograí sin, d'fhéadfadh na bearta féideartha nua a bheith neamhéifeachtach toisc go mbeadh sé ráite cheana féin go bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis go ndéanfaí dochar do shlándáil an Aontais nó do shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó dá gcaidrimh idirnáisiúnta dá nochtfaí na doiciméid sin.

(24) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 tugtar isteach maolú le go bhféadfar éilimh áirithe arna dtabhairt ag daoine, eintitis agus comhlachtaí Rúiseacha a shásamh má tá géarghá leis sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh.

(25) Is iomchuí forálacha a thabhairt isteach chun a chur ar chumas náisiúnaigh agus cuideachtaí na mBallstát cúiteamh a fháil ó dhaoine aonair agus eintitis Rúiseacha a rinne damáistí dóibh. Áirítear leis sin damáistí a rinneadh do na cuideachtaí atá faoina n úinéireacht nó faoina rialú, i ndáil le conradh nó idirbheart a ndearna na bearta a fhorchuirtear faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 difear dá bhfeidhmiú, agus i ndáil leis an mbainistíocht shealadach neamhdhlisteanach arna forchur le cinneadh ó cheannaireacht na Rúise lena ndírítear ar mhaoin daoine eachtracha, atá lonnaithe ar chríoch Chónaidhm na Rúise, a bhfuil baint acu le 'stáit eachtracha mhíchairdiúla', is é sin, stáit a thug bearta sriantacha isteach i gcoinne na Rúise. Is féidir cúiteamh a fháil ar choinníoll go bhfuil an cinneadh sin neamhdhleathach faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis nó faoi chonradh déthaobhach infheistíochta arna dhéanamh idir Ballstát agus an Rúis. I gceachtar cás, d'fhéadfaí an cúiteamh a éileamh ar choinníoll nach bhfuil rochtain éifeachtach ag náisiúnach nó cuideachta de chuid an Bhallstáit lena mbaineann ar leigheasanna, mar shampla faoin gconradh déthaobhach infheistíochta ábhartha. Féadfar an cúiteamh sin a éileamh os comhair chúirteanna na mBallstát i gcomhréir le forálacha ábhartha dhlí an Aontais agus dhlí na mBallstát maidir le dlínse agus nósanna imeachta cúirte in ábhair shibhialta agus thráchtála, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le nósanna imeachta eatramhacha faoisimh a d'fhéadfadh a bheith ann.

(26) I gcás ina nochtann duine nádúrtha nó dlítheanach sárú ar na bearta sriantacha sin go deonach, go hiomlán agus in am trátha, ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta a bheith in ann an féin-nochtadh sin a chur san áireamh agus pionóis á gcur i bhfeidhm acu, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta riaracháin nó le dlí náisiúnta ábhartha eile nó le rialacha náisiúnta ábhartha eile. Tá na na bearta sin arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Threoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus tá feidhm ag na ceanglais atá inti maidir le himthosca maolaitheacha.

(27) Níl feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ach amháin laistigh de na teorainneacha dlínse a shainítear in Airteagal 13 de. Ag an am céanna, má tá oibreoirí an Aontais in ann tionchar cinntitheach a dhearbhú go héifeachtach ar iompar duine dlisteanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe lasmuigh den Aontas, féadfaidh siad freagracht a thabhú as gníomhaíochtaí an duine dhlísteanaigh, eintitis nó comhlachta sin a bhaineann an bonn de na bearta sriantacha agus ba cheart dóibh a dtionchar a úsáid chun cosc a chur ar na gníomhaíochtaí sin.

([7]) Treoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673 (IO L, 2024/1226, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1226/oj).

(28) Is féidir tionchar den sórt sin eascairt as úinéireacht nó rialú ar an duine dlisteanach, eintiteas nó comhlacht. Ciallaíonn úinéireacht 50 % nó níos mó de chearta dílseánaigh an duine dlisteanach, eintitis nó comhlachta a bheith i seilbh an eintitis, nó leas tromlaigh a bheith aige ann. Áirítear an méid a leanas ar na ngnéithe a léiríonn rialú: an ceart nó an chumhacht tromlach de chomhaltaí an chomhlachta riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta a cheapadh nó a chur as oifig; an ceart chun sócmhainní uile an duine dhlisteanaigh, eintitis nó comhlachta, nó cuid díobh, a úsáid; gnó an eintitis a bhainistiú ar bhonn aontaithe, agus cuntais chomhdhlúite á bhfoilsiú ag an am céanna; nó an ceart chun tionchar ceannasach a fheidhmiú ar an duine dlisteanach, eintiteas nó comhlacht.

(29) Is iomchuí a cheangal ar oibreoirí an Aontais a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú nach nglacfaidh daoine dlistenacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil úinéireacht nó rialú acu orthu páirt i ngníomhaíochtaí a chuireann bac ar na bearta sriantacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí den sórt sin gníomhaíochtaí a bhfuil mar thoradh orthu go bhféachtar leis na bearta sriantacha sin le cosc a chur, mar shampla, ar fhaighteoir sa Rúis earraí, teicneolaíocht, maoiniú nó seirbhísí de chineál atá faoi réir toirmisc faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a fháil.

(30) Ba cheart a thuiscint gurb é atá sna hiarrachtaí is fearr na gníomhaíochtaí uile atá oiriúnach agus riachtanach chun an toradh a bhaint amach maidir leis an mbonn a bhaint de na bearta sriantacha i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a chosc. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, mar shampla, cur chun feidhme beartas, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí chun rioscaí a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach, agus tosca ar nós an tríú tír bhunaíochta, na hearnála gnó agus cineáil gníomhaíochta an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta atá faoi úinéireacht nó faoi rialú oibreoir an Aontais á gcur san áireamh. San am céanna, ba cheart a thuiscint nach gcuimsíonn na hiarrachtaí is fearr ach gníomhaíochtaí atá indéanta d'oibreoir an Aontais i bhfianaise a chineáil, a mhéide agus na n-imthosca fíorasacha ábhartha, go háirithe méid an rialaithe éifeachtaigh ar an duine dlítheanach, ar an eintiteas nó ar an gcomhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas. Áirítear ar na himthosca sin an cás nach féidir le hoibreoir an Aontais, ar chúiseanna dosheachanta, ar nós reachtaíocht tríú tír, rialú a fheidhmiú ar dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar leis é.

(31) Le hAirteagal 12g de Rialachán (AE) Uimh 833/2014, cuirtear de cheangal ar oibreoirí de chuid an Aontais a áirithiú go gcuirfidh siad toirmeasc ar earraí íogaire agus teicneolaíocht íogair acu, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XI, XX agus XXXV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ítimí ardtosaíochta coiteanna áirithe mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó airm tine agus armlón, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ('clásal eisiata na Rúise'), faoi úinéireacht nó faoi rialú conarthach acu, toirmeasc ar athonnmhairiú chuig an Rúis agus ar athonnmhairiú lena n-úsáid sa Rúis. I gcás conarthaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 12g de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a tugadh i gcrích roimh an 19 Nollaig 2023, ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid faoin Airteagal sin comhlíonta má tá clásal ginearálta sa chonradh lena dtoirmisctear onnmhairiú agus athonnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta atá i gceist chuig dlínsí a ndírítear bearta sriantacha an Aontais orthu, agus má leagtar amach ann leigheasanna leordhóthanacha i gcás ina sárófar an clásal sin.

(32) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar atá ag teacht i bhfeidhm na hoibleagáide atá ann cheana faoi Airteagal 5b de Chinneadh 2014/512/CBES 'clásal eisiata na Rúise' a úsáid ar theacht timpeall a dhíspreagadh. Déanfaidh sé grinnmheasúnú freisin ar shonraí trádála, ar staidreamh onnmhairiúcháin agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le patrúin teacht timpeall maidir leis na hearraí dá dtagraítear san Airteagal sin, lena n-áirítear an ról a d'fhéadfadh a bheith ag fochuideachtaí d'oibreoirí an Aontais i dtríú tíortha sna patrúin sin. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil 'clásal eisiata na Rúise' iomchuí dá fheidhm agus breithneoidh sé aon ghníomhaíochtaí iomchuí eile chun srian a chur le rochtain na Rúise ar earraí íogaire lena gcuirtear ar a cumas leanúint de chogadh a chur ar an Úcráin, lena n-áirítear an fhéidearthacht ceangal a chur ar oibreoirí an Aontais a áirithiú go n-úsáidfeadh a bhfochuideachtaí i dtríú tíortha an 'clásal eisiata na Rúise' freisin.

(33) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 ceanglaítear ar oibreoirí toirmeasc conarthach a chur ar a gcontrapháirtithe tráchtála i dtríú tíortha úsáid a bhaint as cearta maoine intleachtúla, rúin trádála nó ábhar nó faisnéis atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla nó atá faoi chosaint mar rún trádála a aistrítear chucu i dtaca le hítimí coiteanna ardtosaíochta atá le díol, le soláthar nó le honnmhairiú chuig an Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis, nó úsáid na gceart, na rún trádála nó an ábhair nó na faisnéise sin a cheadú. Chun comhlíonadh na hoibleagáide sin a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí a áireamh an oibleagáid leigheasanna cuí a ghlacadh igcomhaontuithe den sórt sin. Ba cheart d'oibreoirí de chuid an Aontais aon sárú a bhraitear a thuairisciú do na húdaráis inniúla náisiúnta. I gcás conarthaí a thagann faoi raon feidhme an tsriain seo agus a tugadh i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, ba cheart a mheas go bhfuil an oibleagáid comhlíonta má tá clásal ginearálta sa chonradh lena dtoirmisctear úsáid a bhaint as cearta

maoine intleachtúla, rúin trádála nó ábhar nó faisnéis atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla nó atá cosanta mar rún trádála atá i gceist, nó lena gceadaítear a n úsáid, agus má leagtar amach ann leigheasanna leordhóthanacha i gcás ina sárófar an clásal sin.

(34) Chun cuidiú le dul i ngleic le hathonnmhairiú earraí coiteanna ardtosaíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a fhaightear ar an láthair chatha san Úcráin nó atá ríthábhachtach d'fhorbairt, do tháirgeadh nó d'úsáid chórais mhíleata na Rúise, cuireann Cinneadh (CBES) 2024/1744 de cheangal ar oibreoirí an Aontais a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí coiteanna ardtosaíochta chuig tríú tíortha, seachas na tíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, sásraí díchill chuí a chur chun feidhme atá in ann rioscaí a bhaineann le honnmhairiú chuig an Rúis a shainaithint agus a mheasúnú agus na rioscaí sin a mhaolú. Thairis sin, cuireann Cinneadh (CBES) 2024/1744 de cheangal ar oibreoirí an Aontais go n-áiritheoidh siad go gcuirfidh daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú na ceanglais sin chun feidhme freisin.

(35) I gcás ina gcuireann Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 seo de cheangal ar oibreoirí de chuid an Aontais a áirithiú go ndéanfaidh daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas ar leo iad nó a rialaíonn siad gníomhaíochtaí áirithe chun onnmhairiú nó athonnmhairiú earraí nó teicneolaíochta chuig an Rúis a chosc, ba cheart na ceanglais sin a shaothrú a mhéid a cheadaítear le reachtaíocht an tríú tír ina bhfuil an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht i dtrácht bunaithe.

(36) Soiléirítear le Cinneadh (CBES) 2024/1744 nach féidir an chosaint ar dhliteanas a dheonaítear d'oibreoirí i gcás nach raibh a fhios acu, agus nach raibh aon chúis réasúnach acu amhras a bheith orthu, go sáródh a ngníomhaíochtaí bearta sriantacha an Aontais a agairt i gcás nach ndearna oibreoirí dícheall cuí iomchuí. Ba cheart faisnéis atá ar fáil go poiblí nó go héasca a chur san áireamh agus dícheall cuí den sórt sin á dhéanamh. Dá bhrí sin, mar shampla, níor cheart oibreoir an Aontais a bheith in ann an chosaint sin a agairt go rathúil nuair a chuirtear ina leith gur sháraigh sé na bearta sriantacha ábhartha toisc gur mhainnigh sé seiceálacha nó cigireachtaí simplí a dhéanamh, nó nuair a thabhaíonn sé freagracht as gníomhaíochtaí cuideachta ar leis í nó atá faoi rialú aici.

(37) Chun ailíniú le léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-72/11 a áirithiú, leasaítear le Cinneadh (CBES) 2024/1744 an fhoráil lena dtoirmisctear imchéimniú chun a shoiléiriú go gcomhlíontar ceanglais an eolais agus na hintinne, ní hamháin i gcás ina lorgaíonn duine d'aon turas an cuspóir nó an éifeacht a bhaineann le dul timpeall ar bhearta sriantacha ach freisin i gcás ina bhfuil duine atá rannpháirteach i ngníomhaíocht a bhfuil sé mar chuspóir nó éifeacht aici dul timpeall ar bhearta sriantacha ar an eolas go bhféadfaidh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ag an rannpháirtíocht sin, agus go nglacann sé leis an bhféidearthacht sin.

(38) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, cuirtear 52 eintiteas nua le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a thacaíonn le coimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 áirítear ar an liosta sin freisin eintitis áirithe i dtríú tíortha seachas an Rúis a bhfuil baint acu le teacht timpeall ar shrianta trádála agus atá páirteach i soláthar ítimí íogaire a úsáidtear, mar shampla, chun Aerárthaigh Gan Foireann a tháirgeadh, nó a thugann tacaíocht ábhartha d'oibríochtaí míleata na Rúise.

(39) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744, leathnaítear liosta na n-ítimí a rannchuidíonn le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála trí ítimí a chur leis a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus ítimí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear meaisín-uirlisí áirithe agus 'Feithiclí Uile-Thír-raoin' áirithe.

(40) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 forchuirtear srianta breise ar onnmhairiú earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú go háirithe le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise, ceimiceáin lena n-áirítear mianta mangainéise agus comhdhúile tearc-chré, plaistigh, innealra tochailte, monatóirí agus trealamh leictreach. Thairis sin, cuireadh cúig ítim ardtosaíochta choiteanna leis na srianta ar onnmhairiú earraí.

(41) Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1744 tugtar isteach srianta breise ar allmhairiú héiliam lena ngintear ioncam mór don Rúis, rud a fhágann gur féidir leanúint dá cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.

(42) Foráiltear le sásra na caidhpe praghais go bhféadfar tionscadail shonracha atá fíor-riachtanach do shlándáil fuinnimh tríú tíortha áirithe a dhíolmhú ón gcaidhp phraghais a chomhaontaigh Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais. I ndlúthchomhar le Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais, le Cinneadh (CBES) 2023/2874 ([8]) cuirtear síneadh leis an díolúine dá bhforáiltear i ndáil le Tionscadal Sakhalin-2 (Сахалин-2), atá lonnaithe sa Rúis, go dtí an 28 Meitheamh 2025 chun riachtanais slándála fuinnimh na Seapáine a áirithiú.

(43) Le Cinneadh (CBES) 2024/1744 déantar leasuithe teicniúla áirithe ar an téacs oibríochtúil agus ar na hiarscríbhinní, lena scriostar tagairtí d'idirthréimhsí atá imithe in éag. Níl sé beartaithe aon éifeacht dhlíthiúil a bheith ag scriosadh tagairtí d'idirthréimhsí atá imithe in éag cheana ar chonarthaí a bhí ann roimhe seo nó atá ar siúl faoi láthair ná ar infheidhmeacht na n-idirthréimhsí sin.

(44) Tá an tAontas tiomanta bagairtí ar an tsábháilteacht núicléach agus ar an tslándáil núicléach a sheachaint. Dá bhrí sin, leis na bearta sa Rialachán seo, ní fhéachtar leis an mbonn a bhaint de phleanáil, de thógáil agus innealtóireacht, de choimisiúnú, de chothabháil nó de sholáthar breosla Paks II, tionscadal núicléach nuathógtha. Ar an gcaoi sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1744, tugtar isteach díolúine chothrománach ó na toirmisc sa Rialachán seo le haghaidh thionscadal Paks II, chomh maith le hoibleagáid maidir le fógra a thabhairt faoi na gníomhaíochtaí sin.

(45) Ar deireadh, cuireann Cinneadh (CBES) 2024/1744 le liostaí na dtíortha comhpháirtíochta a chuireann tacar beart rialaithe onnmhairiúcháin nó tacar beart sriantach ar allmhairí iarainn agus cruach agus tacar beart rialaithe allmhairiúcháin i bhfeidhm atá coibhéiseach cuid mhaith leis na cinn a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(46) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(47) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(ze) ciallaíonn "eagraíocht neamhrialtasach" comhlacht saorálach féinrialaitheach nó eagraíocht shaorálach féinrialaitheach a bhunaítear chun cuspóirí a bunaitheoirí nó a comhaltaí a shaothrú, ar cuspóirí neamhbhrabúsacha iad go bunúsach;

(zf) ciallaíonn "oibríocht trasloingsithe":

(i) aistriú ó long go long, ar oibríocht díluchtaithe agus athlódála chomhuaineach é a dhéantar a aistriú go díreach ó shoitheach gáis nádúrtha leachtaithe amháin go soitheach gáis nádúrtha leachtaithe eile; nó

(ii) aistriú agus athluchtú ó long go tír, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail gás nádúrtha leachtaithe a dhíluchtú ó shoitheach chuig umar críochfoirt, gás nádúrtha leachtaithe a stocáil isteach san umar, agus athluchtú ar shoitheach; is féidir na gníomhaíochtaí sin a thráchtálú mar sheirbhísí aonair nó mar sheirbhísí cuachta.';

(2) in Airteagal 2(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;';

([8]) Cinneadh (CBES) 2023/2874 ón gComhairle an 18 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2023/2874, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2874/oj).

(3) in Airteagal 2a(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;';

(4) in Airteagal 3a(1), cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

'(a) aon rannpháirtíocht nua a fháil, nó aon rannpháirtíocht atá ann cheana a leathnú, in aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht arna ionchorprú nó arna chomhdhéanamh faoi dhlí na Rúise nó faoi dhlí aon tríú tír agus a oibríonn in earnáil an fhuinnimh sa Rúis, lena n-áirítear tionscadail atá á dtógáil chun gás nádúrtha leachtaithe a tháirgeadh;'

(5) in Airteagal 3c, cuirtear an mír seo a leanas isteach:

'6f. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, onnmhairiú agus aistriú na n-earraí a thagann faoi chód AC 9026 00 00, mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá lonnaithe go fisiciúil san Aontas a údarú ón 25 Meitheamh 2024 chun críocha cothabhála nó deisiúcháin, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, árachas nó athárachas, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis d'fheidhmiú Thionscadal Sakhalin-2 (Сахалин-2) chun slándáil fuinnimh na Seapáine a áirithiú.';

(6) leasaítear Airteagal 3d mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Toirmiscfear ar aon aerárthach atá á oibriú ag aeriompróirí Rúiseacha, lena n-áirítear ina gcáil mar iompróir margaíochta trí shocruithe roinnte cóid nó trí shocruithe suíochán blocáilte nó ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, nó ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá faoi úinéireacht ag aon duine Rúiseach nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas Rúiseach nó comhlacht Rúiseach, nó atá cairtfhostaithe aige, tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti. Beidh feidhm ag an toirmeasc sa mhír seo freisin maidir le haon aerárthach eile, i ndáil le duine Rúiseach nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas Rúiseach nó comhlacht Rúiseach in ann áit nó am éirí de thalamh nó tuirlingthe an aerárthaigh a chinneadh go héifeachtach. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sa mhír seo maidir le haerárthaí ag a bhfuil spás uasta suí ceathrair agus ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh nach mó ná 2000 kg nuair a úsáidtear iad le haghaidh eitiltí príobháideacha, neamh-chorparáideacha laistigh de chríoch agus d'aerspás an Aontais a dhéantar chun críoch áineasa nó chun críche oiliúna le haghaidh ceadúnais do phíolótaí príobháideacha agus rátálacha gaolmhara le soláthraithe oiliúna de chuid an Aontais.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Gan dochar do mhír 5, soláthróidh oibreoirí aerárthaí, i gcás eitiltí neamhsceidealta, an fhaisnéis is gá chun a fhíorú go gcomhlíonfar mír 1, lena n-áirítear i measc faisnéis eile:

(a) faisnéis inchreidte shásúil maidir le húinéir tairbhiúil iarbhír an aerárthaigh agus, i gcás inarb infheidhme, an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a dhéanann an t-aerárthach a chairtfhostú ar deireadh. agus

(b) dearbhú ginearálta, liosta paisinéirí nó doiciméad oifigiúil eile ina dtaispeántar ainmneacha iomlána, dátaí breithe, áiteanna breithe agus náisiúntachtaí na bpaisinéirí uile, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun bheith in amhras go ndeachthas timpeall ar an toirmeasc i mír 1, ar bhonn tosca amhail ródúchán agus áit tionscnaimh na heitilte, nó faisnéis faoin oibreoir ábhartha;

Cuirfear an fhaisnéis ar fáil arna iarraidh sin d'údaráis inniúla an Bhallstáit imeachta, an Bhallstáit cinn scríbe nó an Bhallstáit a bheidh ag eitilt thairsti.

Soláthrófar an fhaisnéis roimh thabhairt i dtír, roimh éirí de thalamh nó roimh eitilt thar chríoch an Aontais, laistigh de sprioc-am arna leagan síos ag údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta de bhun na míre seo, is i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialacháin (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) a dhéanfar í agus ní dhéanfar í ach amháin a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

(*) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, p. 39).';

(7) leasaítear Airteagal 3ea mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh toirmeasc ar rochtain a sholáthar, tar éis an 16 Aibreán 2022, ar chalafoirt agus, tar éis an 29 Iúil 2022, ar loic i gcríoch an Aontais, ar aon soitheach atá cláraithe faoi bhratach na Rúise, agus ar rochtain a thabhairt do na soithí sin ar chalafoirt agus ar loic, cé is moite de rochtain ar loic chun críoch an Aontais a fhágáil.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) long a thagann faoi raon feidhme na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear macasamhla long stairiúil';

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) chun breosla núicléach agus earraí eile a bhfuil géarghá leo d'fheidhmiú cumas núicléach sibhialta a iompar.';

(d) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'5c. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soithí a d'athraigh a mbratach Rúiseach go bratach aon Stáit eile roimh an 16 Aibreán 2022, a údarú rochtain a fháil ar chalafort nó ar loc, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh i ndáil leis an soitheach:

(a) gur dearbhaíodh é a bheith tréigthe faoi dhlí Ballstáit roimh an 24 Feabhra 2022;

(b) gur chuir na húdaráis inniúla náisiúnta de chuid Ballstáit faoi réir díol éigeantach é roimh an 24 Feabhra 2022; agus

(c) go raibh sé lonnaithe go fisiciúil i gcríoch Bhallstáit tráth an díola éigeantaigh.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 5, 5a, 5b agus 5c laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(8) in Airteagal 3g, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú, d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'athchóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.';

(9) leasaítear Airteagal 3i mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3c:

'3c. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XXI, nó soláthar cúnaimh theicniúil agus airgeadais lena mbaineann a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'athchóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.';

(b) scriostar mír 3ca;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3ce. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le hallmhairiú nó aistriú earraí a bhí lonnaithe go fisiciúil sa Rúis sular tháinig an toirmeasc ábhartha i bhfeidhm i leith na n-earraí sin, ar earraí iad a thagann faoi chóid AC 8471, 8523, 8536 agus 9027, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI, nó maidir le cúnamh gaolmhar teicniúil agus airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh gur comhpháirteanna de chuid feistí leighis iad na hearraí sin agus gur tugadh isteach san Aontas iad chun earraí comhpháirteanna lochtacha a chothabháil, a dheisiú nó a thabhairt ar ais.

3cf. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC 28042910 agus 284540, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 3ab, 3c agus 3e laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(10) leasaítear Airteagal 3k mar a leanas:

(a) scriostear mír 3aa.

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun radaiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3ad. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn XXIIIC, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3ae. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chód AC 2602, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Iúil 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

3af. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 8481 80 agus 8708 99, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Nollaig 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 1a agus 2 maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe le haghaidh éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach nach beag aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.';

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘5d. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta a thagann faoi chóid AC 3917, 8421, 8471, 8523, 8536 agus 8544, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII, nó maidir leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais chun feistí leighis a cothabháil nó a dheisiú.

5e. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, onnmhairiú agus aistriú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8414 90 agus 9026, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, atá lonnaithe go fisiciúil san Aontas a údarú ón 25 Meitheamh 2024 i leith chun críocha cothabhála nó deisiúcháin, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, árachas nó athárachas, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis d’fheidhmiú Thionscadal Sakhalin-2 (Сахалин-2) chun slándáil fuinnimh na Seapáine a áirithiú.’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5a:

‘5a. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a leanas a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le cúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta tí ag daoine nádúrtha sa Rúis:

(a) earraí a thagann faoi chód AC 8417 20;

(b) sconnaí, cocaí agus comhlaí a thagann faoi chód AC 8481 80 atá deartha le haghaidh córais phluiméireachta, téimh, aerála nó aerchóirithe;

(c) feadáin chopair, píobáin chopair agus feistis do phíopaí chopair a thagann faoi chóid AC 7411 nó 7412 a bhfuil trastomhas inmheánach acu nach mó ná 50 mm.’

(g) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘5aa. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 3917 10 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí sin á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú le haghaidh táirgeadh earraí bia atá ceaptha lena n-ithe ag an duine sa Rúis.’;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 5, 5a, 5aa, 5b, 5c agus 5d, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairí d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, ná le haghaidh a n-úsáide sa Rúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.’;

(11) in Airteagal 31, cuirtear isteach mír 1b:

‘1b. Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach 25 % nó níos mó, beidh toirmeasc ar a ligean isteach chun bheith ina ghnóthas iompair de bhóthar a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear le linn idirthurais.

1c. Toirmiscfear é, amhail ón 26 Meitheamh 2024 i gcás aon ghnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas tar éis 8 Aibreán 2022, agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach 25 % nó níos mó chun earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear ar idirthuras.

1d. Déanfaidh gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas, arna iarraidh d’údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, faisnéis faoina struchtúr úinéireachta a sholáthar don údarás inniúil náisiúnta sin.

2a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1b agus 1c maidir le gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas agus ar le náisiúnaigh Rúiseacha ar náisiúnaigh de Bhallstát iad freisin 25 % nó níos mó nó a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.’;

(12) leasaítear Airteagal 3p mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ón 1 Meán Fómhair 2024 ar aghaidh, cuirfear toirmeasc ar tháirgí a liostaítear i gCodanna A agus B d’Iarscríbhinn XXXVIIIA a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear i dtríú tír iad, agus iad comhdhéanta de dhiamaint de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis nó arna n-onnmhairiú ón Rúis ag a bhfuil meáchan atá cothrom le 0,5 carat nó 0,1 gram nó atá níos mó ná sin in aghaidh an diamaint.

Maidir le táirgí a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn XXXVIIIA, nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tír, ina n-ionchorpraítear diamaint de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis ag a bhfuil meáchan atá cothrom le 0,5 carat nó 0,1 gram in aghaidh an diamaint nó níos mó, beidh feidhm ag an toirmeasc sa mhír seo ón dáta a chinnfidh an Chomhairle de bhun togra arna thíolacadh ar bhonn Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, earraí a thagann faoi chóid AC 7102 31 00 agus 7102 10 00 a allmhairítear isteach san Aontas, cuirfear faoi bhráid an údaráis a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB iad lena bhfíorú gan mhoill, mar aon le doiciméadacht lena ndeimhnítear a dtionscnamh. Áiritheoidh an Ballstát ina dtabharfar na hearraí sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais go gcuirfear faoi bhráid an údaráis a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB iad. Féadfar idirthuras custaim a dheonú chuige sin. Má dheonaítear idirthuras custaim den sórt sin, cuirfear an fíorú dá bhforáiltear sa mhír seo ar fionraí go dtí go dtiocfaidh na hearraí sin chuig an údarás a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB. Beidh an t-allmhaireoir freagrach as gluaiseacht cheart na n-earraí sin agus costais na gluaiseachta sin. Ní bheidh gá na hearraí a chur faoi bhráid an údaráis sin ar choinníoll go ndearnadh an nós imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear sa mhír seo orthu roimhe seo agus ar choinníoll go gcruthaítear é sin le fianaise atá bunaithe ar inrianaitheacht, lena n-áirítear deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nach ndéantar na diamaint a bhaint, a phróiseáil ná a tháirgeadh sa Rúis, dá bhforáiltear i mír 10.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, tráth an allmhairithe, cuirfidh allmhaireoirí fianaise ar fáil maidir le tír thionscnaimh na ndiamant nó na dtáirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a úsáidtear mar ionchur chun an táirge a phróiseáil i dtríú tír.

Ón 1 Meán Fómhair 2024 ar aghaidh, san fhianaise bunaithe ar inrianaitheacht le haghaidh táirgí a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XXXVIIIA áireofar deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nár baineadh, nár próiseáladh ná nár táirgeadh na diamaint sa Rúis.’;

(d) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘11. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 3 agus 4 maidir leis na táirgí a liostaítear i gCodanna A, B agus C d’Iarscríbhinn XXXVIIIA má bhí na táirgí sin lonnaithe go fisiceach san Aontas roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc ar leith sin agus má rinneadh iad a onnmhairiú chuig tríú tír seachas an Rúis ina dhiaidh sin.

Tráth an allmhairithe isteach san Aontas, soláthróidh allmhaireoirí fianaise maidir le dáta an chéad allmhairithe isteach san Aontas nó deimhniú, bunaithe ar dhearbhú stoic a tíolacadh, ón údarás a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB roimh an onnmhairiú ón Aontas.

12. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 3 agus 4 maidir leis na táirgí a liostaítear i gCodanna A, B agus C d’Iarscríbhinn XXXVIIIA má bhí na táirgí sin lonnaithe go fisiceach, nó má rinneadh iad snasú nó a mhonarú, i dtríú tír seachas an Rúis roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc ar leith sin.

Déanfaidh allmhaireoirí, tráth an allmhairithe isteach san Aontas, fianaise a sholáthar gur allmhairíodh na táirgí isteach sa tríú tír ar dtús roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc faoi seach le haghaidh táirgí a thagann faoi na cóid AC 7102 10 00, 7102 31 00 agus 7104 21 00. I gcás táirgí a thagann faoi na cóid AC 7102 39 00 agus 7104 91 00, chomh maith le táirgí a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn XXXVIIIA, déanfaidh allmhaireoirí, tráth an allmhairithe, fianaise a sholáthar go ndearnadh na táirgí a phróiseáil nó a mhonarú go críochnaitheach sa tríú tír, nó go raibh siad lonnaithe go fisiciúil i stát próiseáilte nó monaraithe sa tríú tír roimh dháta infheidhmeachta an toirmisc faoi seach.

13. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 4 agus 5 maidir le táirgí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXXVIIIA agus a monaraíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2024, agus maidir le seirbhísí gaolmhara, má rinneadh na táirgí sin a allmhairiú go sealadach isteach san Aontas ó aon tríú tír nó críoch, seachas an Rúis, nó a allmhairiú tar éis onnmhairiú sealadach chuig aon tríú tír nó críoch, seachas an Rúis, ar choinníoll gur cuireadh na táirgí sin faoi na nósanna imeachta custaim um chead isteach sealadach, um próiseáil isteach nó um próiseáil amach nuair a tháinig siad isteach san Aontas nó gur dearbhaíodh iad agus úsáid á baint as na cóid chustaim le haghaidh onnmhairiú sealadach lasmuigh den Aontas.';

(13) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 3r*

1. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí athlódála i gcríoch an Aontais a sholáthar chun críoch oibríochtaí trasloingsithe gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairíodh ón Rúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. De mhaolú ar na toirmisc i míreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla seirbhísí athlódála a údarú chun críocha oibríochtaí trasloingsithe gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairítear ón Rúis, más gá an athlódáil sin chun é a iompar chuig Ballstát agus dheimhnigh an Ballstát sin go n-úsáidtear trasloingsiú chun soláthar fuinnimh sa Bhallstát sin a áirithiú.

4. Chun comhlíonadh na dtoirmeasc i míreanna 1 agus 2 a áirithiú, féadfaidh údaráis inniúla rialacha agus treoraíocht a bhunú ar an leibhéal náisiúnta. Áireofar sna rialacha agus sa treoraíocht sin ceanglais fheabhsaithe díchill chuí go háirithe chun seirbhísí athlódála a shainaithint a sholáthraítear chun críche oibríochtaí trasloingsithe, agus sainiúlachtaí an chreata rialála náisiúnta is infheidhme maidir le saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe á gcur san áireamh, na cleachtais ghnó a bhí ag na seoltóirí roimhe seo, an t-am idir an díluchtú agus an athlódáil, tásca maidir le naisc thráchtála dhíreacha idir an díluchtú agus an athlódáil, lena n-áirítear seirbhísí nua díluchtaithe agus athlódála a cheannach i mbeart, agus tír chlárúcháin na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla an Coimisiún ar an eolas, ar a dhéanaí faoin 26 Nollaig 2024, faoi na rialacha agus an treoraíocht arna mbunú faoin mír seo, nó nach bhfuil sé i gceist acu na rialacha sin a bhunú.

6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 go dtí an 26 Márta 2025 chun conarthaí a fhorghníomhú arna dtabhairt i gcrích roimh na 25 Meitheamh 2024.

7. Daoine dlítheanacha a dhéanann oibríochtaí díluchtaithe gáis nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairítear ón Rúis, cuirfidh siad údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe ar an eolas faoin 26 Iúil 2024 agus gach mí ina dhiaidh sin faoi na hoibríochtaí díluchtaithe uile agus faoi na hallmhairí gáis nádúrtha leachtaithe uile isteach san Aontas, a thagann faoi chód AC 2711 11 00, ar de thionscnamh na Rúise é nó a onnmhairíodh ón Rúis.

Áireofar sa tuairisciú faisnéis maidir le toirteanna.

8. Ní bheidh feidhm ag mír 2 i gcás soitheach a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás cuarda éigeandála ar chalafort ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun beatha a shábháil ar muir nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeidh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

9. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le seirbhísí athlódála is gá le haghaidh buncaeireacht soithí gáis nádúrtha leachtaithe-bhreoslaithe.

10. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar shreafaí, margaí agus praghsanna gáis nádúrtha leachtaithe, iomaíochas an Aontais, agus sciar na n-allmhairí gáis nádúrtha leachtaithe ón Rúis in allmhairí fuinnimh iomlána an Aontais. Cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle i gcás aon fhorbairtí tábhachtacha a bhfuil baint acu leis na toirmisc i míreanna 1 agus 2, agus laistigh den 26 Meitheamh 2025 ar a dhéanaí. Cuirfidh an Chomhairle na tuarascálacha sin san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar na bearta sriantacha.

11. I gcás forbairtí tábhachtacha a bhaineann leis na toirmisc i míreanna 1 agus 2, ar forbairtí iad a dhéanann difear do shreafaí, margaí agus praghsanna gáis nádúrtha leachtaithe, d'iomaíochas an Aontais nó don sciar d'allmhairithe gáis nádúrtha leachtaithe ón Rúis in allmhairí fuinnimh iomlána an Aontais, molfaidh an Coimisiún bearta maolaitheacha don Chomhairle, agus measúnú ar thionchar na mbeart sin ag gabháil leo.

*Airteagal 3s*

1. Toirmiscfear na nithe seo a leanas a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach, i ndáil le haon soitheach a liostaítear in Iarscríbhinn XLII:

(a) rochtain a sholáthar ar chalafoirt, criosanna ancaireachta agus loic i gcríoch an Aontais, agus rochtain a bheith ag soitheach den sórt sin orthu;

(b) soitheach den sórt sin a allmhairiú isteach san Aontas, é a cheannach nó é a aistriú;

(c) soitheach den sórt sin a dhíol, a sholáthar, lena n-áirítear é a chairtfhostú, nó a onnmhairiú;

(d) soitheach den sórt sin a oibriú nó criú loinge a sholáthar dó;

(e) seirbhísí cláraithe bratach, aicmithe, iniúchta agus deimhniúcháin a sholáthar chun tairbhe do shoitheach den sórt sin;

(f) maoiniú agus cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear árachas, chomh maith le seirbhísí bróicéireachta, lena n-áirítear bróicéireacht loinge;

(g) cúnamh teicniúil a sholáthar agus seirbhísí eile, lena n-áirítear buncaeireacht, seirbhísí soláthair loinge, seirbhísí athraithe criú loinge, seirbhísí luchtaithe lasta agus díluchtaithe lasta, seirbhísí soláthair gardaí agus tugaí chun tairbhe do shoitheach den sórt sin; agus dul i mbun aistrithe ó long go long nó i mbun aon aistriú lasta le soitheach den sórt sin ná seirbhísí a fháil ó shoitheach den sórt sin.

(h) dul i mbun aistrithe ó long go long nó i mbun aon aistriú lasta le soitheach den sórt sin ná seirbhísí a fháil ó shoitheach den sórt sin.

2. In Iarscríbhinn XLII áireofar soithigh:

(a) a iompraíonn earraí agus teicneolaíocht a úsáidtear in earnáil na cosanta agus na slándála, ón Rúis nó chuig an Rúis, lena n-úsáid nó lena húsáid sa Rúis nó le haghaidh chogaíocht na Rúise san Úcráin;

(b) a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, ar táirgí iad atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis le linn a bheith i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;

(c) a oibrítear ar shlí lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais chun earnáil an fhuinnimh a fhorbairt sa Rúis, nó chun borradh a chur fúithi, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, nó iompar onnmhairí fuinnimh a éascú nó a bharrfheabhsúar bhealach atá contrártha leis an gcuspóir ioncam na Rúise san earnáil sin a laghdú;

(d) a oibrítear ar bhealach lena rannchuidítear nó lena dtacaítear le gníomhaíochtaí nó beartais a dhéanann dochar do mharthain eacnamaíoch nó slándáil bia na hÚcráine; amhail iompar ghrán na hÚcráine a goideadh, nó oidhreacht chultúrtha na hÚcráine a chaomhnú, amhail iompar earraí cultúrtha na hÚcráine a goideadh;

(e) lena n-iompraítear earraí de thionscnamh an Aontais nó a onnmhairítear ón Aontas a liostaítear in Iarscríbhinní XI, XX agus XXIII a ghabhann leis an Rialachán seo, nó earraí de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a allmhairítear isteach san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an Rialachán seo agus, ar an gcaoi sin, lena gcumasaítear gníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine;

(f) a oibrítear ar bhealach lena n-éascaítear nó lena dtéitear i mbun forálacha an Rialacháin seo nó forálacha Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014, (AE) Uimh. 692/2014 nó (AE) 2022/263 a shárú nó dul timpeall orthu nó iad a chur ó rath go mór ar bhealach eile; nó

(g) atá faoi úinéireacht, nó atá á gcairtfhostú nó á n-oibriú ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, nó a úsáidtear ar bhealach eile in ainm, thar ceann nó i ndáil le daoine den sórt sin, nó a úsáidtear chun tairbhe do dhaoine den sórt sin.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás soitheach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLII a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, ná cuaird éigeandála ar chalafort de dhíth air ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó nó chun críoch daonnúil, nó chun duine a shábháil ar muir, nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach nach beag aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha, nó chun breithiúnas nó dámhachtain eadrána a tugadh i mBallstát a aithint nó a fhorghníomhú.

4. De mhaolú ar phointí (a) agus (g) de mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit oileánaigh soitheach a liostaítear in Iarscríbhinn XLII faoi mhír 2(e) a údarú chun rochtain a fháil ar chalafoirt agus ar chriosanna ancaireachta, agus seirbhísí a fháil faoi mhír 1(g) faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil géarghá leis na hearraí chun bunriachtanais an Bhallstáit sin a chomhlíonadh; agus

(b) nach bhfuil toirmeasc ar shlí eile ar allmhairiú na n-earraí sin faoin Rialachán seo.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú. Áireofar san fhógra sin faisnéis maidir leis na hearraí is gá chun bunriachtanais an Bhallstáit sin a chomhlíonadh.

*Airteagal 3t*

1. Toirmiscfear earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, agus toirmiscfear seirbhísí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis más le haghaidh thionscadail gáis nádúrtha leachtaithe a chur i gcrích, amhail críochfoirt agus gléasra, atá earraí, teicneolaíocht agus seirbhísí den sórt sin.

2. Toirmiscfear an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann le hearraí, teicneolaíocht agus seirbhísí sa Rúis i gcás ina bhfuilt earraí, teicneolaíocht agus seirbhísí den sórt sin beartaithe chun dtionscadail gáis nádúrtha leachtaithe a chur i gcrích.

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann le hearraí, teicneolaíocht agus seirbhísí sa Rúis i gcás ina bhfuilearraí, teicneolaíocht agus seirbhísí den sórt sin beartaithe chun tionscadail gáis nádúrtha leachtaithe a chur i gcrích.

3. Beidh na toirmisc i míreanna 1 agus 2 gan dochar don fhorghníomhú go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

*Airteagal 3u*

1. Maidir le gás nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00, atá de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairíodh ón Rúis, toirmiscfear é a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, trí chríochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe san Aontas nach bhfuil nasctha leis an gcóras gáis nádúrtha idirnasctha.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 go dtí an 26 Iúil 2024 maidir le conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

4. Ní bheidh aon tionchar ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 ar sholáthar GNL de thionscnamh na Rúise ó mhórthír Ballstáit chuig na réigiúin is forimeallaí dá chuid.

*Airteagal 3v*

1. Maidir le hearraí maoine cultúrtha de chuid na hÚcráine agus earraí eile lena mbaineann tábhacht seandálaíochta, stairiúil, chultúrtha, reiligiúnach nó tábhacht eolaíoch as an ngnáth, toirmiscfear iad a cheannach, a allmhairiú, a aistriú, a dhíol, a sholáthar nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun bheith in amhras gur aistríodh na hearraí ón Úcráin gan toiliú a n-úinéirí dlisteanacha nó gur aistríodh iad de shárú ar dhlí na hÚcráine nó an dlí idirnáisiúnta, go háirithe más cuid dhílis iad na hearraí de na bailiúcháin phoiblí a liostaítear i bhfardail na mbailiúchán caomhnúcháin atá ag músaeim, cartlanna nó leabharlanna na hÚcráine, nó i bhfardail institiúidí reiligiúnacha na hÚcráine.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1 agus 2 má léirítear an méid seo a leanas:

(a) rinneadh na hearraí a onnmhairiú ón Úcráin roimh an 1 Márta 2014; nó

(b) tá na hearraí á gcur ar ais go sábháilte chuig úinéirí dlisteanacha na n-earraí san Úcráin.';

(14) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 5ab*

1. Toirmiscfear dul i mbun idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c), d'Airteagal 11(1), atá tar éis éileamh a thaisceadh os comhair cúirt Rúiseach i gcoinne duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (c) nó (d) d'Airteagal 13 chun urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas nó cinneadh Cúirte eile a fháil de bhun Airteagal 248 de Chód Nós Imeachta Eadrána Chónaidhm na Rúise, nó de bhun reachtaíocht Rúiseach choibhéiseach, i dtaca le haon chonradh a bhfuil difear déanta dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, mar thoradh ar na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLIII.

2. Mura dtoirmisctear ar bhealach eile iad, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin Rialachán seo;

(b) a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát ar choinníoll go bhfuil idirbhearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014;

(c) atá gan dochar do phointe (b) den mhír seo, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun cúiteamh a fháil i leith damáistí de bhun na nithe seo a leanas:

(i) Airteagal 11(4) nó (5) den Rialachán seo; nó

(ii) Airteagal 11 (4) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

*Airteagal 5ac*

1. Ón 25 Meitheamh 2024, beidh toirmeasc ar dhaoine dlítheanacha, ar eintitis nó ar chomhlachtaí atá bunaithe san Aontas agus a oibríonn lasmuigh den Rúis nascadh go díreach le Córas Aistrithe Teachtaireachtaí Airgeadais (SPFS) Bhanc Ceannais na Rúise nó le seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise.

2. Toirmeascfar gabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Rúis mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLIV.

Áireofar in Iarscríbhinn XLIV na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Rúis a úsáideann (i) SPFS Bhanc Ceannais na Rúise nó (ii) seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise a mhéadaíonn ceachtar acu athléimneacht airgeadais na Rúise agus arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar thoirmisc sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 26 Meán Fómhair 2024 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear in Iarscríbhinn XLIV roimh an 24 Márta 2024, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XLIV íocaíochtaí dlite a ghlacadh de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 24 Márta 2024.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) a bhfuil géarghá leo chun gás nádúrtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarann a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas, i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, san Eilvéis, nó sna Balcáin Thiar;

(b) a bhfuil géarghá leo chun ola, lena n-áirítear táirgí peitriliam scagtha, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríd an Rúis, mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 3m nó Airteagal 3n; nó

(c) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia a cheannach, chomh maith lena n-iompar agus lena n-aistriú isteach san Aontas, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a gceannach, chomh maith lena n-iompar agus lena n-aistriú isteach san Aontas, faoin Rialachán seo.

(d) a bhfuil gá leo chun fiach atá dlite do náisiúnach Ballstáit nó do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas a aisíoc;

(e) a bhfuil gá leo chun scéim pinsin a íoc le duine atá bunaithe san Aontas; nó

(f) a bhfuil gá leo chun íocaíocht a fháil ón gcomhdháil um Éilimh Ghiúdacha nó chun íocaíocht a dhéanamh leis an gcomhdháil sin.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta agus leighis nó talmhaíochta agus bia a cheannach, a onnmhairiú, a sholáthar, a dhíol a aistriú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a gceannach, a n-onnmhairiú, a soláthar, a ndíol nó a n-aistriú, faoin Rialachán seo agus a bhfuil gá leis chun dul i ngleic le slándáil bia i dtríú tíortha.

(b) a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát agus má tá idirbhearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 269/2014.

(c) a bhfuil gá leo chun críoch daonchairdiúla, amhail cúnamh a sheachadadh nó seachadadh cúnaimh a éascú, lena n-áirítear soláthairtí liachta, bia, nó aistriú oibrithe daonchairdiúla agus cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnaithe;

(d) a bhfuil gá leo chun fiach atá dlite do náisiúnach Ballstáit nó do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas a aisíoc; nó

(e) atá ag brath ar dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith rannpháirteach chun seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí a sholáthar.

(f) a bhfuil gá leo chun go ndéanfadh náisiúnach Ballstáit nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas íocaíocht faoi chomhaontú iasachta arna thabhairt i gcrích ag Ballstát.

*Airteagal 5ad*

1. Toirmeascfar gabháil go díreach nó go hindíreach d'aon idirbheart leis na nithe seo a leanas:

(a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Rúis, ar institiúid creidmheasa nó airgeadais é nó ar eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní a bhfuil baint acu le hidirbhearta lena n-éascaítear, go díreach nó go hindíreach, onnmhairiú, díol, soláthar, aistriú nó iompar earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide, earraí nó teicneolaíochta chuig an Rúis mar a liostaítear in Iarscríbhinní VII, XI, XX agus XXXV a ghabhann leis an Rialachán seo, ítimí coiteanna ardtosaíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn XL a ghabhann leis an Rialachán seo, agus airm thine agus armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XLV a ghabhann leis an Rialachán seo; nó

(b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hidirbhearta:

(a) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-onnmhairiú, a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-iompar chuig an Rúis faoin Rialachán seo, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar;

(b) a bhfuil géarghá leis chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 269/2014.

(c) a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, amhail seachadadh cúnaimh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú nó le haghaidh aslonnuithe.'

(15) in Airteagal 5k(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) oibriú, cothabháil, díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;';

(16) in Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh toirmeasc ar thacaíocht a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais nó aon sochar eile faoi chlár agus faoi chonarthaí náisiúnta an Aontais, Euratom nó na mBallstáit de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*):

(a) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;

(b) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).';

(17) in Airteagal 5l(2), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad (a) pointe (d):

'(d) oibriú, cothabháil, díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;';

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(h) feidhmiú comhlachas tráchtála, comhlachas gnó, lárionad cultúrtha agus oideachais, institiúidí reiligiúnacha agus clár malartaithe acadúil ó Bhallstáit sa Rúis;

(i) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta nó aon chríoch eile, amhail iriseoireacht neamhspleách nó an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise, atá comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo sa Rúis;

(j) cláir um fhreagracht stairiúil na mBallstát agus tacaíocht do mhionlaigh eitneacha na mBallstát sa Rúis.';

(18) leasaítear Airteagal 5n mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2, 2a agus 2b go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 maidir le díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú, nó soláthar seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh,

eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre is comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'8a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 2a maidir le soláthar seirbhísí, ag náisiúnaigh de Bhallstát ar cónaitheoirí de chuid na Rúise iad ón 24 Feabhra 2022 agus a bhí amhlaidh roimh an 24 Feabhra 2022 agus atá fós amhlaidh, do na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 10 ar a bhfostóirí iad, ar choinníoll go bhfuil na seirbhísí sin beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin.';

(c) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun radaiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;';

(19) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

*'Airteagal 5s*

1. Oifigí maoine intleachtúla agus institiúidí inniúla eile atá comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi dhlí an Aontais, agus institiúidí inniúla eile, ní ghlacfaidh siad leis na nithe seo a leanas:

(a) iarratais nua ar chlárú trádmharcanna, paitinní, dearaí tionsclaíocha, cuspaí áisiúlachta, ainmniúcháin thionscnaimh faoi chosaint, agus tásca geografacha arna gcomhdú ag náisiúnaigh Rúiseacha nó ag daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear má chomhdaíonn náisiúnach de chuid na Rúise nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis i gcomhpháirt le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é nó í a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis;

(b) aon iarratas nó aighneacht arna chomhdú ag náisiúnaigh de chuid na Rúise nó ag daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis le linn na nósanna imeachta um chlárú sula raibh baint ag na hoifigí maoine intleachtúla le haon cheann de na cearta maoine intleachtúla dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Déanfaidh na Ballstáit, ina gcáil mar Stáit Chonarthacha sa Choinbhinsiún ar Dheonú Paitinní Eorpacha an 5 Deireadh Fómhair 1973, arna athbhreithniú an 17 Nollaig 1991 agus an 29 Samhain 2000 (dá ngairtear CPE anseo feasta) agus a n-oibleagáidí idirnáisiúnta arna ngabháil orthu féin in CPE á gcomhlíonadh acu, a seacht ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh Oifig na bPaitinní Eorpacha le hiarrataí ar éifeacht aonadach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) arna gcomhdú ag náisiúnaigh Rúiseacha nó ag daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear, i gcás ina gcomhdaíonn náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis go comhpháirteach iad le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis.

3. Déanfaidh na Ballstáit, ina gcáil mar Stáit Chonarthacha in CPE agus i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí idirnáisiúnta arna ngabháil de láimh in CPE, a ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh Oifig Eorpach na bPaitinní le hiarratais nua ar chlárú iarratas ar phaitinn Eorpach arna gcomhdú ag náisiúnaigh Rúiseacha nó ag daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear, i gcás ina gcomhdaíonn náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis go comhpháirteach iad, le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis.

4. Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, an tAontas, agus iad ag gníomhú faoin gCoinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil an 14 Iúil 1967 agus arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979 (WIPO), a seacht ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh EDMI ná oifigí maoine intleachtúla arna mbunú faoi dhlí Ballstáit nó faoi dhlí an Aontais, ná Oifig Eorpach na bPaitinní, le hiarratais nua ar na cearta sin ó aon náisiúnaigh Rúiseacha nó ó aon daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, nó ó dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá

bunaithe sa Rúis, lena n-áirítear má chomhdaíonn náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis i gcomhpháirt le duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó nach Rúiseach é a chónaíonn nó atá bunaithe lasmuigh den Rúis.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 4 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

*Airteagal 5t*

1. Toirmiscfear glacadh le deonacháin, sochair eacnamaíocha nó tacaíocht, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais, bídís díreach nó indíreach, uathu seo a leanas:

(a) Rialtas na Rúise; nó

(b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil breis agus 50 % de faoi úinéireacht phoiblí; nó

(c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (i) nó (ii); nó

(d) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi stiúir eintitis dá dtagraítear i bpointe (i), (ii) nó (iii) den mhír seo.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:

(a) páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

(b) páirtithe polaitiúla agus comhghuaillíochtaí polaitiúla, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1141/2014, gan dochar do bhunphrionsabail de chineál bunreachtúil, mar a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit iad, lena rialaítear feidhmiú na bpáirtithe agus na gcomhghuaillíochtaí polaitiúla sin;

(c) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe nó cláraithe i gcomhréir le dlí Ballstáit; agus

(d) soláthraithe seirbhíse meán, mar a shainmhínítear iad i Rialachán (AE) 2024/1083 (***), atá bunaithe i mBallstát, gan dochar do bhunphrionsabail de chineál bunreachtúil, mar a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit iad, a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú go nglacfaí le deonacháin, sochair eacnamaíocha nó tacaíocht, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais ag na heintitis dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) de mhír 2, ar choinníoll nach ndéanfadh an glacadh sin aon dochar do na próisis dhaonlathacha san Aontas nó dá bhonn daonlathach, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí fheachtais tionchair agus trí bhréagaisnéis a chur chun cinn, agus í dírithe ar dhochar a dhéanamh d'iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine, agus trí ghníomhaíochtaí bolscaireachta lena dtacaítear le fogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2012 lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú (IO L 361, 31/12/2012, lch. 1).

(**) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 04/11/2014, lch. 1).

(***) Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj).';

(20) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) fadhbanna maidir le sárú agus forfheidhmiú, pionóis a ghearrtar as sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus breithiúnais arna dtabhairt ag na cúirteanna náisiúnta;';

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'4. Aon doiciméad a bheidh i seilbh na Comhairle, an Choimisiúin nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") chun forfheidhmiú na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú, nó chun sárú na mbeart sin nó teacht timpeall orthu a chosc, beidh sé faoi réir rúndacht ghairmiúil agus beidh an chosaint aige a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais. Is amhlaidh a bheidh maidir leis na tograí comhpháirteacha ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú agus maidir le haon doiciméad ullmhúcháin a bhaineann leo.

Glacfar leis go ndéanfaí dochar do shlándáil an Aontais nó do shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó dá gcaidrimh idirnáisiúnta dá nochtfaí na doiciméid nó tograí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Beidh feidhm ag an gcosaint sin maidir leis na tograí comhpháirteacha ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú agus maidir le haon doiciméid ullmhúcháin a bhaineann leo.';

(21) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

| 652. | China Head Aerospace Group<br>Ainm áitiúil: **北京和德宇航技**术有限公司<br>Dá ngairtear freisin: China Head Aerospace Technology Co.; China Head Technology Co.; China Head Technology Company | Seoladh (nó Seoltaí): Seomra Uimh.°1, Urlár 13, Foirgneamh Uimh.°5, Defence Science and Technology Park, Compound A2, West 3rd Ring North Road, ceantar Haidian, Béising, Daon-Phoblacht na Síne<br>Uimhir theileafóin: +86 10 82890470<br>Suíomh gréasáin: http://www.head-aerospace.com/<br>Seoladh ríomhphoist: info@head-aerospace.com<br>Uimhir Chlárúcháin: 91110108661572276L (USCC) | 25.6.2024 |
| 653. | Changsha Tianyi Space Science and Technology Research (SpaceTy)<br>Ainm áitiúil: 长沙天仪空间科技研究院有限公司<br>Dá ngairtear freisin: Spacety China; Changsha Tianyi Space Science and Technology Research Institute Co. LTD; Spacety Co., Ltd. | Seoladh (nó Seoltaí): Urlár 25, Foirgneamh A, Lugu Science&Technology Innovation and Entrepreneurship Park, 1698 Yuelu West Avenue, High-tech development zone, Changsha, Hunan, Daon-Phoblacht na Síne<br>Uimhir theileafóin: +86 0731-88712659<br>Suíomh gréasáin: https://cn.spacety.com/<br>Seoladh ríomhphoist: sales@spacety.cn; bd@spacety.cn; sar@spacety.cn<br>Uimhir Chlárúcháin: 914301003206989977 (USCC) | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 654. | Shenzhen 5G High Tech Innovation Co., Ltd<br>Ainm áitiúil: **深圳五力高科**创新科技有限公司 | Seoladh (nó Seoltaí): B502, Bloc B, Rongchao Foirgneamh Yinglong, Longfu Road, Shangjing Community, Focheantar Longcheng, Ceantar Longgang, Shenzhen, Daon-Phoblacht na Síne; 306 Garden Road, Pingxi Community, Focheantar Pingdi, Ceantar Longgang, Shenzhen, Daon-Phoblacht na Síne<br>Uimhir Chlárúcháin: 91440300MA5HLP0L6L (USCC) | 25.6.2024 |
| 655. | Afox Corporation<br>Ainm áitiúil: **元富科技集團股份有限公司** | Seoladh (nó Seoltaí): Ft F 10/F, Hung Cheung Ind Ctr Phs 1, 12 Tsing Yeung Circuit Tuen Mun Nt, Hong Cong; 807, Ionad Yan Hing, 9-13 Wong Chuk Yeung St., Fo Tan, NT, Hong Cong; Pan-Asia, Australia, S. America countries and global sales 2F, No.3, Lane 5, Wu Kai Sha Village, Ma On Shan, Nt, Hong Cong<br>Uimhir theileafóin: +852 81930016<br>Suíomh gréasáin: http://afox-corp.com<br>Seoladh ríomhphoist: sales@afox-corp.com<br>Uimhir Chlárúcháin: 1385734 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1745/oj

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 656. | DEXP International Limited | Seoladh (nó Seoltaí): Aonad 7103, 7/F Yf Life Tower 33 Lockhart Road Wan Chai, Hong Cong; 7B, 1801-03, 18/F, Foirgneamh East Town, 41 Lockhart Road, Wan Chai, Hong Cong<br>Uimhir theileafóin: +852 2760 2965<br>Suíomh gréasáin: https://dexp.org/<br>Seoladh ríomhphoist: info@dexp.org<br>Uimhir Chlárúcháin: 2745132 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |
| 657. | Agu Information Technology Co Limited<br>Ainm áitiúil: 麥克維爾工業貿易有限公司<br>Dá ngairtear freisin: Makewell Industrial Trading Co., Limited | Seoladh (nó Seoltaí): Aonad 22, 2/F, Foirgneamh Foo To, 98 Argyle Street, Mongkok, Kowloon, Hong Cong<br>Uimhir Chlárúcháin: 3142653 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |
| 658. | Grants Promotion Service Limited<br>Dá ngairtear freisin: Catalano Limited; GPSL; Zhenao Co. Ltd. | Seoladh: 430-436 Nathan Road, Nathan Commercial Building, Urlár 8, Seomra A, Yau Ma Tei, Hong Cong<br>Suíomh gréasáin: https://grantspsltd.com/<br>Seoladh ríomhphoist: clients@grantspsltd.com<br>Uimhir Chlárúcháin: 086468819 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 659. | Innovio Ventures | Seoladh (nó Seoltaí): 944 Bloc C Sushant Lok Phase 1, Gurugram, Haryana, 122001, Poblacht na hIndia; Basai Road, Shop No. 141, Gurgaon, Haryana, 122001, Poblacht na hIndia<br>Uimhir theileafóin: +91 9717344646<br>Suíomh gréasáin: https://innovioventures.com/<br>Seoladh ríomhphoist: contact@innovioventures.com<br>Uimhir Chlárúcháin: 06AAFFI1755F1ZL (GSTIN) | 25.6.2024 |





ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1745/oj

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 660. | Imaxchip<br>Ainm áitiúil: 愛瑪芯科技有限公司<br>Dá ngairtear freisin: Imaxchip Technology Co Limited; Imaxchip Technology CO Ltd.; Emmaxin Technology Co., Ltd | Seoladh (nó Seoltaí): 18E, Foirgneamh 2, China Phoenix Building, Shennan Road, Ceantar Futian, 518000, Shenzhen, Daon-Phoblacht na Síne; No. 59 King Yip Street, King Yip Factory Building, Urlár 5, Aonad D5, Kwun Tong, Kowloon, Hong Cong; Shennan Middle Road, International Culture Building, Seomra 2508B, Ceantar Futian, Shenzhen, Guangdong, Daon-Phoblacht na Síne; Kwun Tong Industrial Center Phase 3, Urlár 3, Aonad L, Kwun Tong, Kowloon, Hong Cong; Uimhreacha 436–446 Kwun Tong Road, Urlár 13, Aonad A15, Kowloon, Hong Cong; Shennan Road, Phoenix Building 2, Seomra 18E, Ceantar Futian, Shenzhen, Guangdong, Daon-Phoblacht na Síne; Foirgneamh Lianqiu, Uimh. 735 Renmin West Road, Ceantar Wucheng, Jinhua, Zhejiang, an tSín; Foirgneamh Shenfang B3109, Ceantar Futian, Shenzhen, Guangdong, Daon-Phoblacht na Síne<br>Uimhir theileafóin: +86 755 83257992<br>Suíomh gréasáin: www.imax-chip.com<br>Seoladh ríomhphoist: kris@imaxchip.com<br>Uimhir Chlárúcháin: 69392858 (USCC); 2697983 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 661. | M Star International Trading Company Limited<br>Ainm áitiúil: 美星國際貿易(香港)有限公司; 美星國際貿易有限公司<br>Dá ngairtear freisin: M-Star International Trading Co., Ltd.; Meixing International Trade Co., Ltd | Seoladh (nó Seoltaí): Seomra 2501, International Science & Technology Building, Ceantar Futian, Shenzhen, Guangdong, Daon-Phoblacht na Síne; No. 52, Fu Hang Road, Tuen Mun, NT, Hong Kong; Arasán/Seomra D19 3/F, Wong King Industrial Building, No 2 Tai Yau Street, KL, Hong Cong<br>Uimhir theileafóin: +86 15818601197<br>Suíomh gréasáin: http://www.m-starit.com<br>Seoladh ríomhphoist: sales@m-starit.com<br>Uimhir Chlárúcháin: 61365134 (USCC); 2025579 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |
| 662. | Ix Elektronik Ic Ve Dis Ticaret Limited<br>Ainm áitiúil: Ix Elektronik İç Ve Diş Ticaret Limited Şirketi | Seoladh (nó Seoltaí): Summer Park Sitesi D Blok, No:8D-23 OBA Mahallesi, Antalya, Poblacht na Tuirce; 07450, Alanya/Antalya, Oba Mahallesi 225, Sok Summer Park Sitesi No:8 D BL, Poblacht na Tuirce | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 663. | Allparts Trading Co, Limited<br>Dá ngairtear freisin: All Parts Trading Company Limited | Seoladh (nó Seoltaí): 3 Garden Road Central, Hong Cong; Seomra 13, 27/F, Ho King Commercial Centre, 2-16 Fa Yuen, Street, Mongkok Kowloon, Hong Cong; Seomra 2901B, Bank of Communications, Ceantar Futian, Shenzhen, Daon-Phoblacht na Síne; Seomra 803, Chevalier House, 45-51 Chatham Road South, Kowloon, Tsim Sha Tsui, Hong Cong 4/F Foirgneamh 6 Deguan Lighting Factory, No. 2 South 1st, Guangzhou, Daon-Phoblacht na Síne; Seomra 1901H Bank of Communications, Ceantar Futian, Shenzhen, Daon-Phoblacht na Síne<br>Uimhir Chlárúcháin: 3168281 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |
| 664. | Bee Insaat Mimarlik Anonim Sirketi<br>Ainm áitiúil: Bee İnşaat Mimarlik Anonim Şirketi<br>Comhainmneacha: Bee Insaat; Bee İnşaat Mimarlik A.Ş. | Seoladh (nó Seoltaí): Merkez Mah., Seckin Sok. Z Ofis 2-4 A, Kagithane, Iostanbúl, Poblacht na Tuirce<br>Suíomh gréasáin: https://beeinsaat.com/<br>Seoladh ríomhphoist: Info@beeinsaat.com<br>Uimhir Chlárúcháin: 0160-0722-3990-0001 (Uimhir Lárchórais Clárúcháin) | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 665. | Dason HK Technology Co., Ltd.<br>Ainm áitiúil: 達仕恩(香港)科技有限公司<br>Dá ngairtear freisin: Dason (HK) Technology Co., Limited | Seoladh (nó Seoltaí): Aonad 08, 15/F Witty Commercial Building 1A-1L Tung Choi St. KLN, Hong Cong<br>Uimhir Chlárúcháin: 1827596 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta) | 25.6.2024 |
| 666. | Da Group 22<br>Ainm áitiúil: Товарищество с Ограниченной Ответственностью «DA GROUP 22» (ТОО «DA GROUP 22»); «DA GROUP 22» Жауапкершілігі Шектеулі Серіктестігі («DA GROUP 22» ЖШС) | Seoladh (nó Seoltaí): Oifig 1309, Ionad Gnó ISKER, 13, Abay Avenue, Ceantar Saryarka, Astana, Poblacht na Casacstáine<br>Uimhir theileafóin: +7 (705) 207-24-77<br>Suíomh gréasáin: https://da-group22.kz/<br>Uimhir Chlárúcháin: 220340015320 (BIN) | 25.6.2024 |
| 667. | SERVIS-SN<br>Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью «СЕРВИС-СН» (ООО «СЕРВИС-СН»)<br>Ar a dtugtar freisin: SERVIS-SN LLC | Seoladh nó Seoltaí: 426065, Poblacht Udmurt, Izhevsk, Avotzavodskaya Str., 2A, Premises 162, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir theileafóin: +73412708888<br>Suíomh gréasáin: http://servicesn.ru/<br>Uimhir Chlárúcháin: 1840119099 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 668. | RTK LLC<br>Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью «РТК» (ООО «РТК»)<br>Ar a dtugtar freisin: ООО RTK; RTK LLC | Seoladh nó Seoltaí: 107113, Moscó, Ceantar Bardasach Sokolniki, Malenkovskaya Str. 14, Building 3, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir theileafóin: +79855407740<br>Uimhir Chlárúcháin: 9715415169 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |
| 669. | LLC GAUSS<br>Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью «ГАУСС» (ООО «ГАУСС»)<br>Ar a dtugtar freisin: ООО GAUSS | Seoladh nó Seoltaí: 107113, Moscó, Ceantar Bardasach Marina Roshcha, Perunovsky Pereulok, 3, Building 2, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir theileafóin: +7 (495) 112-00-20<br>Suíomh gréasáin: https://gaussaero.ru/<br>Seoladh ríomhphoist: info@gaussaero.ru<br>Uimhir Chlárúcháin: 9715444498 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |
| 670. | JSC Emergency Digital Solutions (EDS)<br>Ainm áitiúil: Акционерное Общество «Эмерджени Диджитал Солюшенс» (АО «ЭДС»)<br>Ar a dtugtar freisin: АО EDS | Seoladh nó Seoltaí: 107113, Moscó, Ceantar Bardasach Marina Roshcha, Perunovsky Pereulok, 3, Building 2, Cónaidhm na Rúise; 127055, Moscó, Bosca Poist 132, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir theileafóin: +7 (495) 796-78-79<br>Suíomh gréasáin: https://www.eds.ai/<br>Seoladh ríomhphoist: info@eds.ai<br>Uimhir Chlárúcháin: 9715475552 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 671. | 48th Central Scientific Research Institute (TsNII)<br><br>Ainm áitiúil: Федеральное Государственное Бюджетное Учреждение «48 Центральный Научно-Исследовательский Институт» Министерства Обороны Российской Федерации (ФГБУ «48 ЦНИИ» Минобороны России)<br><br>Ar a dtugtar freisin: 48th TsNII; Institiúid Bhuiséadach an Stáit Cónaidhme '48 Central Scientific Research Institute'Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise; FGBU '48 Central Scientific Research Institute' | Seoladh nó Seoltaí: 141306, Réigiún Mhoscó, Sergeev Posad-6, Oktyabrskaya Str., 11, Cónaidhm na Rúise; 610017, Réigiún Kirov, Kirov, Oktyabrsky Prospekt, 119, Cónaidhm na Rúise; 620085, Réigiún Sverdlovsk, Yekaterinburg, Zvezdnaya Str., 1, Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir theileafóin: +7 (496) 552-12-00; +7 (496) 552-12-06<br><br>Suíomh gréasáin: https://ens.mil.ru/science/SRI/information.htm?id=12024@morfOrgScience<br><br>Seoladh ríomhphoist: 48cnii@mil.ru<br><br>Uimhir Chlárúcháin: 9715475552 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |





ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1745/oj

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 672. | 48th Central Scientific Research Institute (TsNII)<br><br>Ainm áitiúil: Федеральное Государственное Бюджетное Учреждение «27 Центральный Научно-Исследовательский Институт» Министерства Обороны Российской Федерации (ФГБУ «27 ЦНИИ» Минобороны России)<br><br>Ar a dtugtar freisin: 27th TsNII; Institiúid Bhuiséadach an Stáit Cónaidhme ‘27 Central Scientific Research Institute’ Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise; FGBU ‘27 Central Scientific Research Institute’; 27th Military Scientific Centre; 27th Research and Development Centre Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise | Seoladh nó Seoltaí: 123007, Moscó, 1st Khoroshevsky Proezd, 5, Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir theileafóin: +7 (495) 945-76-96; +7 (495) 945-70-77<br><br>Suíomh gréasáin: https://ens.mil.ru/science/SRI/information.htm?id=10992@morfOrgScience<br><br>Seoladh ríomhphoist: fin27cnii@mail.ru<br><br>Uimhir Chlárúcháin: 7714676767 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 673. | 48th Central Scientific Research Institute (TsNII)<br><br>Ainm áitiúil: Федеральное Государственное Бюджетное Учреждение «33 Центральный Научно-Исследовательский Испытательный Институт» Министерства Обороны Российской Федерации (ФГБУ «33 ЦНИИИ» Минобороны России)<br><br>Ar a dtugtar freisin: 33rd Scientific Research and Testing Institute; Institute of Chemical Defence; 33rd Central Scientific Research Institute; 33rd Central Experimental Institute for Scientific Research Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise; 33rd Central Research and Testing Institute Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise; 33rd Military Scientific Centre; 33rd Research and Development Centre Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise | Seoladh nó Seoltaí: 412918, Réigiún Saratov, Shikhany, Volsk-18, Cónaidhm na Rúise; 412918, Réigiún Saratov, Volsk, Shikhany-2, Krasnoznamennaya Str., 1, Cónaidhm na Rúise<br><br>Uimhir theileafóin: +7 (84593) 5-38-37; +7 (84593) 5-24-96; +7 (845) 935-31-94<br><br>Suíomh gréasáin: https://ens.mil.ru/science/SRI/information.htm?id=12027@morfOrgScience<br><br>Seoladh ríomhphoist: 33cnii-fes@mil.ru<br><br>Uimhir Chlárúcháin: 6441013942 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1745/oj

| Uimhir | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|
| 674. | Engineering Center of Innovative Technologies<br>Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью «Центр Инновационных Технологий и Инжиниринга» (ООО « ЦИТИ»)<br>Ar a dtugtar freisin: ECITECH; OOO TsITI; LLC 'Centre of Innovative Technologies and Engineering' | Seoladh nó Seoltaí: 141190, Réigiún Mhoscó, Fryazino, Zavodskoy Proezd, 2, Office 632, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir theileafóin: +7 499 390-19-63<br>Suíomh gréasáin: https://ecitech.ru/<br>Seoladh ríomhphoist: info@ecitech.ru<br>Uimhir Chlárúcháin: 5050127869 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |
| 675. | Limited Liability Company 'Videoglaz Project'<br>Ainm áitiúil: Общество с Ограниченной Ответственностью Технологическая Компания «Флай Бридж» (ООО ТК «Флай Бридж»)<br>Ar a dtugtar freisin: OOO TK FLY BRIDGE; Limited Liability Company Technological Company Fly Bridge; LLC TC Fly Bridge | Seoladh nó Seoltaí: 141707, Réigiún Mhoscó, Dolgoprudny, Patsaeva Prospekt, 7, Building 1, Office 28/1, Cónaidhm na Rúise; 141700, Réigiún Mhoscó, Dolgoprudny, Dirizhabelnaya Str., 15a, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir theileafóin: +7 (926) 319-44-28<br>Suíomh gréasáin: http://flybridge.cc/<br>Seoladh ríomhphoist: max@flybridge.cc<br>Uimhir Chlárúcháin: 5008054416 (Uimhir Aitheantais Chánach/INN) | 25.6.2024 |

,

## IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014:

‘IARSCRÍBHINN VII

Liosta na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 2a(1) agus 2b(1)

Cuid A

Tá feidhm maidir leis an Iarscríbhinn seo ag na Nótaí Ginearálta, na hAcrainmneacha agus na Giorrúcháin, agus ag na Sainmhínithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, cé is moite de ‘Páirt I - Nótaí Ginearálta, Acrainmneacha agus Giorrúcháin, agus Sainmhínithe, Nótaí Ginearálta a ghabhann le hIarscríbhinn I, pointe 2’.

Tá feidhm maidir leis an Iarscríbhinn seo ag na sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear Liosta Comhchoiteann Míleata (LCM) an Aontais Eorpaigh (2020/C 85/01).

Gan dochar d’Airteagal 12 den Rialachán seo, maidir le hítimí neamhrialaithe ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna a liostaítear san Iarscríbhinn seo, ní bheidh na hítimí sin faoi réir na rialuithe faoi Airteagal 2a agus Airteagal 2b den Rialachán seo.

Gan dochar d’Airteagal 12 den Rialachán seo, maidir le hítimí neamhrialaithe ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna a liostaítear san Iarscríbhinn seo, ní bheidh na hítimí sin faoi réir na rialuithe faoi Airteagal 2a agus Airteagal 2b den Rialachán seo.

Catagóir I - Leictreonaic

X.A.I.001 Feistí leictreonacha agus comhpháirteanna.

a. ‘Micreachiorcaid mhicreaphróiseálaithe’, ‘micreachiorcaid mhicriríomhaire’ agus micreachiorcaid mhicririalaitheora, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá luas feidhmíochta 5 GigeaFLOPS nó níos mó acu agus aonad loighce uimhríochta acu a bhfuil leithead rochtana aige arb ionann é agus 32 ghiotán nó ar mó é ná sin;

2. Tá ráta clogmhinicíochta acu ar mó é ná 25 MHz; nó

3. Tá níos mó ná bus sonraí amháin nó bus treorach amháin nó port cumarsáide srathaí amháin acu, a sholáthraíonn idirnasc seachtrach díreach idir ‘micreachiorcaid mhicreaphróiseálaithe’ chomhthreomhara a bhfuil ráta aistrithe de 2,5 Mb/s acu;

b. Ciorcaid iomlánaithe stórála, mar a leanas:

1. Cuimhní inléite amháin in-ríomhchláraithe in-léirscriosta go leictreach (EEPROManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu;

a. Ar mó é ná 16 Mbit in aghaidh an phacáiste le haghaidh cineálacha flaischuimhne; nó

b. Ar mó é ná ceachtar den dá theorainn seo a leanas le haghaidh chineálacha uile eile EEPROM:

1. Ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó

2. Ar mó é ná 256 chilighiotán in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 80 ns;

2. Cuimhní randamrochtana statacha (SRAManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu:

a. Ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó

b. Ar mó é ná 256 chilighiotán in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 25 ns;

c. Tiontairí ó analógach go digiteach ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá taifeach 8 ngiotán nó níos mó, ach níos lú ná 12 ghiotán, acu agus ráta aschuir is mó ná 200 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;

2. Tá taifeach 12 ghiotán acu agus ráta aschuir is mó ná 105 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;

3. Tá taifeach acu is mó ná 12 ghiotán ach atá cothrom le 14 ghiotán nó níos lú ná sin, agus ráta aschuir is mó ná 10 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind; nó

4. Tá taifeach acu is mó ná 14 ghiotán agus ráta aschuir is mó ná 2,5 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;

d. Feistí loighce in-ríomhchláraithe sa réimse a bhfuil uasmhéid ionchur/aschur digiteach aonathraithe acu idir 200 agus 700;

e. Próiseálaithe Trasfhoirme Tapa Fourier (FFT) a bhfuil aga rite rátaithe acu do FFT coimpléascach phointe 1 024 ar lú é ná 1 ms;

f. Ciorcaid iomlánaithe shaincheaptha nach eol cén fheidhm a bhaineann leo nó nach eol don mhonaróir an stádas rialaithe atá ag an trealamh ina n-úsáidfear an ciorcad iomlánaithe, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá níos mó ná 144 teirminéal acu; nó

2. Tá 'moill ar fhorleathadh bunúsach' thipiciúil níos lú ná 0,4 ns acu;

g. 'Feistí folúis leictreonacha' toinne taistil, de thonn bhíogach nó leanúnach, mar a leanas:

1. Feistí cuasán cúplaithe, nó díorthaigh díobh sin;

2. Feistí atá bunaithe ar chiorcaid héilics, tonntreorach fillte, nó tonntreorach lúbaí, nó ar dhíorthaigh díobh sin, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá 'bandaleithead meandrach' leath ochtáibhe nó níos mó acu, agus meánchumhacht (arna sloinneadh in kW) iolraithe faoin minicíocht (arna sloinneadh in GHz) is mó ná 0,2; nó

b. Tá 'bandaleithead meandrach' acu ar lú é ná leath octáibhe; agus meánchumhacht (arna sloinneadh in kW) iolraithe faoin minicíocht (arna sloinneadh in GHz) is mó ná 0,4;

h. Tá tonntreoracha solúbtha acu atá ceaptha lena n-úsáid ag minicíochtaí arb airde iad ná 40 GHz;

i. Feistí tonnta fuaimiúla dromchla agus feistí tonnta fuaimiúla um bearradh dromchla (bulc éadomhain) (i.e., feistí ‘próiseála comharthaí’ lena n-úsáidtear tonnta leaisteacha in ábhair), ar fíor ina leith ceachtar de na nithe seo a leanas:

1. Tá minicíocht iompróra acu ar mó í ná 1 GHz; nó

2. Tá minicíocht iompróra acu arb ionann í agus 1 GHz nó ar lú í ná sin; agus

a. Tá ‘diúltú minicíochta taobhlóba’ acu ar mó é ná 55 dB;

b. Is mó toradh na moille uasta agus an bhandaleithid (am in μs agus bandaleithead in MHz) acu ná 100; nó

c. Tá moill spréite acu ar mó í ná 10 μs;

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.I.001.i, is é is ‘diúltú minicíochta taobhlóba’ ann luach uasta an diúltaithe a shonraítear ar an mbileog sonraí.*

j. ‘Cealla’, mar a leanas:

1. ‘Cealla príomhúla’ a bhfuil ‘dlús fuinnimh’ acu arb ionann é agus 550 Wh/kg nó níos lú ag 293 K (20 °C);

2. ‘Cealla tánaisteacha’ a bhfuil ‘dlús fuinnimh’ acu arb ionann é agus 350 Wh/kg nó níos lú ag 293 K (20 °C);

*Nóta: Le X.A.I.001.j., ní rialaítear ceallraí, lena n-áirítear ceallraí aonchille.*

*Nótaí Teicniúla:*

1. *Chun críocha X.A.I.001.j, ríomhfar dlús fuinnimh (Wh/kg) ón voltas ainmniúil á iolrú faoin acmhainneacht ainmniúil in aimpéaruaireanta á roinnt ar an mais i gcileagraim. Mura luaitear an acmhainneacht ainmniúil, ríomhfar an dlús fuinnimh ón voltas ainmniúil á chearnú agus ansin á iolrú faoin ré díluchtaithe in uaireanta á roinnt ar an ualach díluchtaithe in Óim agus an mhais i gcileagraim.*

2. *Chun críocha X.A.I.001.j., sainmhínítear 'cill' mar fheiste leictriceimiceach a bhfuil leictreoidí dearfacha agus diúltacha, agus leictrilít aici, agus ar foinse fuinnimh leictrigh í. Is é bloc tógála bunúsach an cheallra é.*

3. *Chun críoch X.A.I.001.j.1., is éard atá i 'gcill phríomhúil' ná 'cill' nach bhfuil deartha lena luchtú ó aon fhoinse eile.*

4. *Chun críoch X.A.I.001.j.2., is éard atá i 'gcill thánaisteach' ná 'cill' atá deartha lena luchtú ó fhoinse leictreach sheachtrach.*

k. Leictreamaighnéid nó solanóidigh 'fhorsheoltacha' atá saindeartha lena luchtú nó lena ndíluchtú go hiomlán laistigh de níos lú ná nóiméad amháin, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

*Nóta: Le X.A.I.001.k, ní rialaítear leictreamaighnéid nó solanóidigh 'fhorsheoltacha' atá deartha lena n-úsáid i dtrealamh leighis um Íomháú Athshondais Mhaighnéadaigh.*

1. Is mó ná 500 kJ in aghaidh an tsoicind an fuinneamh uasta a sholáthraítear i rith an díluchtaithe á roinnt ar ré an díluchtaithe leo;

2. Tá trastomhas inmheánach ag na tochráin iompróra srutha acu ar mó é ná 250 mm; agus

3. Tá siad rátaithe d'ionduchtú maighnéadach ar mó é ná 8 T nó do 'dhlús iomlán an tsrutha' ar mó é ná 300 A/mm2 sa tochrán;

l. Ciorcaid nó córais le haghaidh stóráil fuinnimh leictreamaighnéadaigh a bhfuil comhpháirteanna iontu atá monaraithe as ábhair 'fhorsheoltacha' atá saindeartha chun go bhfeidhmeoidh ar a laghad ceann amháin dá gcomhchodaigh 'fhorsheoltacha' ag teochtaí arb ísle iad ná an 'teocht chriticiúil', ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Tá minicíochtaí oibriúcháin athshondacha acu ar mó iad ná 1 MHz;

2. Tá dlús fuinnimh thaiscthe acu arb ionann é agus 1 MJ/m3 nó ar mó é ná sin; agus

3. Tá aga díluchtaithe acu ar lú é ná 1 ms;

m. Tíreatróin hidrigine/hidrigine-iseatóip atá déanta de mhiotal ceirmeach acu agus atá rátaithe le haghaidh bhuaicshrutha 500 A nó níos mó;

n. Scagairí minicíochta ceirmeacha;

o. Grianchealla, cóimeálacha fuinneog idirnasctha cealla (CIC), grianphainéil agus eagair ghréine, atá 'spáscháilithe', agus nach rialaítear le 3A001.e.4(1) ;

p. gearrthóirí ceirméid.

[1] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.A.I.002 ‘Cóimeálacha leictreonacha’ ilchuspóireacha, modúil agus trealamh.

a. Trealamh tástála leictreonach, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

b. Taifeadáin dhigiteacha sonraí ionstraimíochta téipe maighnéadaí, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas;

1. Tá uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh acu ar mó é ná 60 Mbit/s agus úsáidtear teicnící scanta héiliciúla iontu;

2. Tá uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh acu ar mó é ná 120 Mbit/s agus úsáidtear teicnící cnoga fhosaithe iontu; nó

3. ‘Spáscháilithe’;

c. Trealamh, a bhfuil uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh aige ar mó é ná 60 Mbit/s, atá deartha chun fístaifeadáin dhigiteacha téipe maighnéadaí a thiontú chun a n-úsáide mar thaifeadáin dhigiteacha sonraí ionstraimíochta;

d. Ascalascóip analógacha neamh-mhodúlacha a bhfuil bandaleithead acu arb ionann é agus 1 GHz nó ar mó é ná sin;

e. Córais ascalascóip analógaigh neamh-mhodúlaigh, ar fíor ina leith ceachtar de na saintréithe seo a leanas:

1. Tá mór-ríomhaire acu a bhfuil bandaleithead aige arb ionann é agus 1 GHz nó ar mó é ná sin; nó

2. Tá modúil a phlugáiltear isteach acu a bhfuil bandaleithead aonair acu arb ionann é agus 4 GHz nó ar mó é ná sin;

f. Ascalascóip analógacha shamplála chun anailís a dhéanamh ar na feiniméin athfhillteacha a bhfuil bandaleithead éifeachtach acu ar mó é ná 4 GHz;

g. Ascalascóip dhigiteacha agus taifeadáin díomuana, lena úsáidtear teicnící tiontaithe ó analógach go digiteach, lenar féidir díomuanta a stóráil trí shampláil sheicheamhach a dhéanamh ar ionchuir urchair aonair ag eatraimh chomhleantacha ar lú iad ná 1 ns (níos mó ná 1 Ghigeashampla in aghaidh an tSoicind), lena ndigitítear go 8 ghiotán nó taifeach níos mó agus lena stóráiltear 256 shampla nó níos mó.

*Nóta: Le X.A.I.002 rialaítear na comhpháirteanna saindeartha seo a leanas le haghaidh ascalascóip analógacha:*

*1. Aonaid a phlugáiltear isteach;*

*2. Aimplitheoirí seachtracha;*

*3. Réamhaimplitheoirí;*

*4. Gairis samplála;*

*5. Feadáin gha-chatóideacha.*

X.A.I.003 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

a. Athróirí minicíochta agus a gcomhpháirteanna saindeartha, seachas iad sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;’;

b. Mais-speictriméadair, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

c. Meaisíní x-ghathanna splaince uile, agus comhpháirteanna de chórais cumhachta bíogaí atá deartha díobh, lena n-áirítear gineadóirí Marx, líonraí lena múnlaítear bíog ardchumhachta, toilleoirí ardvoltias, agus truicir;

d. Bíog-aimplitheoirí, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

e. Trealamh leictreonach maidir le giniúint moille ama nó tomhas eatraimh ama, mar a leanas:

1. Gineadóirí moille ama dhigitigh ag a bhfuil taifeach arb ionann é agus 50 nanashoicind nó ar lú é ná sin thar eatraimh ama arb ionann iad agus 1 mhicreashoicind nó ar mó iad ná sin; nó

2. Méadar eatraimh ilchainéil (trí cinn nó níos mó) nó méadar eatraimh ama mhodúlaigh agus trealamh cronaiméadrachta ag a bhfuil taifeach arb ionann é agus 50 nanashoicind nó ar lú é ná sin thar eatraimh ama arb ionann iad agus 1 mhicreashoicind nó ar mó iad ná sin;

f. Ionstraimí anailíseacha crómatagrafaíochta agus speictriméadrachta.

X.B.I.001 Trealamh chun comhpháirteanna nó ábhair leictreonacha a mhonarú, mar a leanas, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena aghaidh:

a. Trealamh atá saindeartha chun leictreonfheadáin, eilimintí optúla agus comhpháirteanna atá saindeartha lena aghaidh a mhonarú, ar trealamh é a rialaítear le 3A001([2]) nó le X.A.I.001;

[2] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

b. Trealamh atá saindeartha chun feistí leathsheoltacha, ciorcaid iomlánaithe agus ‘cóimeálacha leictreonacha’ a mhonarú, mar a leanas, agus córais ina n-ionchorpraítear an trealamh sin nó ag a bhfuil saintréithe an trealaimh sin:

*Nóta: Le X.B.I.001.b. freisin, rialaítear trealamh a úsáidtear nó atá modhnaithe lena úsáid chun feistí eile a mhonarú, amhail gairis íomháithe, gairis leictrea-optúla, feistí tonnta fuaimiúla.*

1. Trealamh chun ábhair a phróiseáil chun gairis agus comhpháirteanna a mhonarú mar a shonraítear i gceannteideal X.B.I.001.b, mar a leanas:

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001 feadáin fhoirnéise grianchloiche, líneálacha foirnéise, céaslaí, báid (cé is moite de chásbháid shaindeartha), dí-oighreoirí, caiséid nó breogáin atá saindeartha le haghaidh an trealaimh próiseála a rialaítear le X.B.I.001.b.1.*

a. Trealamh chun sileacan polachriostalach agus ábhair a rialaítear le 3C001 a tháirgeadh([3]);

b. Trealamh atá saindeartha chun ábhair leathsheoltacha III/V agus II/VI a íonú nó a phróiseáil agus a rialaítear le 3C001, 3C002, 3C003, 3C004, nó 3C005([4]) cé is moite de tharraingeoirí criostail – maidir le tarraingeoirí criostail, féachtar X.B.I.001.b.1.c thíos;

3 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821
4 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

c. Tarraingeoirí criostail agus foirnéisí criostail, mar a leanas:

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.c foirnéisí idirleata agus ocsaídiúcháin.*

1. Trealamh ainéalta agus athchriostalaithe seachas na foirnéisí teochta sheasta ina n-úsáidtear rátaí arda aistrithe fuinnimh, ar trealamh é lenar féidir sliseoga a phróiseáil ar ráta is mó ná 0,005 $m^2$ in aghaidh an nóiméid;

2. Tarraingeoirí criostail den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. Tá siad in-athluchtaithe gan coimeádán an bhreogáin a ionadú;

b. Tá ar a gcumas feidhmiú ag brúnna os cionn 2,5 x $10^5$ Pa; nó

c. Tá ar a gcumas criostail a tharraingt a bhfuil trastomhas acu is mó ná 100 mm;

d. Trealamh den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' le haghaidh fás eipealuadrach ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Tá ar a chumas ciseal sileacain dar tiús nach mó ná ±2,5 % thar achar 200 mm nó níos mó a tháirgeadh;

2. Tá ar a chumas ciseal aon ábhair a tháirgeadh seachas sileacan darb aonfhoirmeacht tiúis ar feadh na sliseoige nach lú ná ± 3,5 %; nó

3. Uainíocht sliseog aonair le linn na próiseála;

e. Trealamh fáis eipealuadraigh léasacha móilíneacha;

f. Trealamh ‘spriúchta’ atá feabhsaithe go maighnéadach agus a bhfuil loic lódála chomhtháite saindeartha acu lenar féidir sliseoga a aistriú i dtimpeallacht folúis leithlisithe;

g. Trealamh atá saindeartha le haghaidh an ian-ionphlandaithe, an idirleata ianfheabhsaithe nó fhótaifheabhsaithe, agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Cumas patrúnaithe;

2. Fuinneamh léis (voltas luasghéaraithe) is mó é ná 200 keV;

3. Tá siad optamaithe chun oibriú ag fuinneamh léis (voltas luasghéaraithe) ar lú é ná 10 keV; nó

4. Tá ar a gcumas ionphlandú ardfhuinnimh ocsaigine a dhéanamh i ‘bhfoshraith’ téite;

h. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ le haghaidh baint roghnaíoch (eitseáil) trí mhodhanna tirime ainiseatrópacha (e.g. plasma), mar a leanas:

1. ‘Cineálacha baisce’ ag a bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

a. Aimsiú críochphointe, seachas cineálacha speictreascópacht astaíochta optúla; nó

b. Brú oibríochta (eitseáil) imoibreora 26,66 Pa nó níos lú;

2. ‘Cineálacha sliseog aonair’ ag a bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

a. Aimsiú críochphointe, seachas cineálacha speictreascópacht astaíochta optúla;

b. Brú oibríochta (eitseáil) imoibreora 26,66 Pa nó níos lú; nó

c. Láimhseáil caiséad go caiséad agus glasanna ualaí sliseog;

*Nótaí:*

1. *Tagraíonn ‘cineálacha baiste’ do mheaisíní nach bhfuil saindeartha chun sliseoga aonair a phróiseáil. Le meaisíní den sórt sin is féidir dhá shliseog nó níos mó a phróiseáil go comhuaineach le paraiméadair phróisis choitianta, e.g., cumhacht RF, teocht, speicis gháis eitseála, rátaí sreafa.*

2. *Le ‘cineálacha sliseog aonair’, tagraítear do mheaisíní atá ‘saindeartha’ chun sliseoga aonair a phróiseáil. Sna meaisíní sin d'fhéadfadh teicnící uathoibríocha láimhseála sliseog a bheith in úsáid chun sliseog aonair a luchtú sa trealamh lena próiseáil. Sa sainmhíniú áirítear trealamh lenar féidir roinnt sliseog a lódáil agus a phróiseáil ach inar féidir na paraiméadair eitseála, e.g. cumhacht radaimhinicíochta nó críochphointe, a chinneadh go neamhspleách i gcás gach sliseoige aonair.*

i. Trealamh ‘deascadh trí ghalú ceimiceach’ (CVD), e.g., CVD atá feabhsaithe le plasma (PECVD) nó CVD fóta-fheabhsaithe, do mhonarú feistí leathsheoltacha, ar fíor ina leith ceachtar den dá chumas seo a leanas, chun ocsaídí, nítrídí, miotail nó sileacan polaichriostalta a dheascadh:

1. Trealamh ‘deascadh gaile ceimiceach’ a oibríonn faoi bhun $10^5$ Pa; nó

2. Trealamh PECVD a oibríonn faoi bhun 60 Pa nó ag a bhfuil láimhseáil sliseog uathoibríoch le fearais caiséad-go-caiséad agus le loic lódála;

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.i córais ‘deascadh ceimiceach galaithe’ lagbhrú (LPCVD) ná trealamh imoibríoch den chineál ‘spriúchta’.*

j. Córais léasacha leictreon atá saindeartha nó atá modhnaithe chun maisc a dhéanamh nó chun feistí leathsheoltacha a phróiseáil, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Sraonadh léasacha leictreastatacha;

2. Próifíl léis neamh-Ghuaiseach, í múnlaithe;

3. Ráta comhshó ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 3 MHz;

4. Cruinneas tiontaithe ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 12 giotán; nó

5. Cruinneas rialaithe aischothúcháin maidir le suíomh ó sprioc go léas 1 mhicreaméadar nó níos míne;

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.j córais deasctha léasacha leictreon ná micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha.*

k. Trealamh críochnaithe dromchla chun sliseoga leathsheoltacha a phróiseáil mar a leanas:

1. Trealamh atá saindeartha chun próiseáil chúlrach a dhéanamh ar shliseoga is tanaí ná 100 micriméadar agus an deighilt ina dhiaidh sin; nó

2. Trealamh atá saindeartha chun gairbhe dromchla a bhaint amach i ndromchla gníomhach sliseoige próiseáilte dar luach dhá-shigme nach mó ná 2 mhicriméadar, léamh iomlán léirithe (TIR);

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.k trealamh lapála agus snasaithe aontaobha chun dromchla sliseog a bhailchríochnú.*

l. Trealamh idirnasctha lena n-áirítear comhchuasáin folúis aonair nó ilchuasáin folúis atá saindeartha chun gur féidir aon trealamh a rialaítear le X.B.I.001 a chomhtháthú i gcóras iomlán;

m. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ lena n-úsáidtear ‘léasair’ chun ‘ciorcaid iomlánaithe mhonailiotacha’ a dheisiú nó a bhearradh, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Cruinneas aimsiúcháin suímh is mó ná ± 1 micriméadar; nó

2. Tá méid an spota (leithead an ghearrtha) níos lú ná 3 micriméadar.

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.001.b.1, is éard atá sa ‘spriúchadh’ próiseas brataithe forleagain ina ndéantar iain a bhfuil lucht deimhneach iontu a luathú le réimse leictreach, i dtreo dromchla sprice (ábhar brataithe). Is leor fuinneamh cinéiteach na n-ian tuinsimh chun go scaoilfí adaimh an dromchla sprice agus chun go ndeascfaí iad ar fhoshraith. (Tugtar faoi deara: Is gnáthmhodhnuithe ar an bpróiseas iad spriúchadh trióide, maighnéatróin nó radaimhinicíochta chun greamaitheacht an bhrataithe agus an ráta deasctha a mhéadú.).*

2. Maisc, foshraitheanna masc, trealamh chun maisc a dhéanamh agus trealamh aistrithe íomhánna chun gairis agus comhpháirteanna a mhonarú mar a shonraítear i gceannteideal X.B.I.001, mar a leanas:

*Nóta: Leis an téarma maisc, tagraítear do na maisc a úsáidtear i liteagrafaíocht léasacha leictreon, i liteagrafaíocht X-ghathach, agus i liteagrafaíocht ultraivialait, chomh maith leis an ngnáth-fhótailiteagrafaíocht ultraivialaite agus infheicthe.*

a. Maisc chríochnaithe, mioneangaí agus dearaí lena n-aghaidh, ach amháin:

1. Maisc nó mioneangacha críochnaithe le haghaidh táirgeadh ciorcad iomlánaithe nach rialaítear le 3A001([5]); nó

2. Maisc nó mioneangaí ag a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas:

a. Tá a ndearadh bunaithe ar gheoiméadracht 2,5 micriméadar nó níos mó; agus

b. Ní áirítear sa dearadh gnéithe speisialta chun an úsáid atá beartaithe a athrú trí threalamh táirgthe nó trí ‘bhogearraí’;

[5] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

b. Foshraitheanna masc, mar a leanas:

1. ‘Foshraitheanna’ (e.g., gloine, grianchloiche, saifír) dromchla crua (e.g., cróimiam, sileacan, molaibdéineam) atá brataithe chun maisc a ullmhú ag a bhfuil toisí is mó ná 125 mm x 125 mm; nó

2. Foshraitheanna atá saindeartha le haghaidh maisc x-ghathacha;

c. Trealamh, seachas ríomhairí ilchuspóireacha, atá saindeartha le haghaidh dearadh ríomhchuidithe (CAD) feistí leathsheoltacha nó ciorcad iomlánaithe;

d. Trealamh nó meaisíní, mar a leanas, chun maisc nó mioneangaí a mhonarú:

1. Ceamaraí céime agus athdhéanta fóta-optúla agus athcheamaraí lenar féidir eagair is mó ná 100 mm x 100 mm a tháirgeadh, nó lenar féidir aon nochtadh amháin is mó ná 6 mm x 6 mm a tháirgeadh sa phlána íomhá (i.e., fócasach), nó lenar féidir leithid líne is lú ná 2,5 micriméadar a tháirgeadh san fhótaifhriotaí ar an ‘bhfoshraith’;

2. Trealamh chun maisc nó mioneangaí a dhéanamh lena n-úsáidtear liteagrafaíocht léis iain nó ‘léasair’ lenar féidir leithid líne is lú ná 2,5 micriméadar a tháirgeadh; nó

3. Trealamh nó gabhdáin chun maisc nó mioneangaí a athrú nó chun scannáin a chur isteach nó chun fabhtanna a bhaint;

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.d.1 ná le b.2.d.2 trealamh monaraithe masc ina n-úsáidtear modhanna fóta-optúla a bhí ar fáil ar bhonn tráchtála roimh an 1 Eanáir 1980, nó nach fearr a bhfeidhmíocht ná an trealamh sin.*

e. Trealamh den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' chun maisc, mioneangaí nó scannáin a iniúchadh mar a leanas:

1. Taifeach 0,25 micriméadar nó taifeach is míne ná sin; agus

2. Beachtas 0,75 micriméadar nó beachtas is míne ná sin thar fhad 63,5 mm nó níos mó i gcomhordanáid amháin nó dhó;

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.e micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha ach amháin nuair atá siad saindeartha agus ionstraimithe chun iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar phatrúin.*

f. Trealamh chun sliseoga a tháirgeadh a ailíniú agus a nochtadh trí mhodhanna fóta-optúla nó x-gha, e.g. trealamh liteagrafaíochta, lena n-áirítear trealamh aistrithe íomhánna teilgin agus trealamh céime agus athdhéanta (céim dhíreach ar an sliseog) nó trealamh céime agus scanta (scanóir), trealamh lenar féidir aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas a dhéanamh:

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.f trealamh rianaithe fhóta-optúil agus ailíniú agus nochtadh masc gaireachta ná trealamh rianaithe aistriú íomhánna.*

1. Táirgeadh patrúin is lú ná 2.5 micriméadar;

2. Ailíniú le beachtas is míne ná ± 0,25 micriméadar (3 shigme);

3. Forleagan meaisín le meaisín nach fearr ná ± 0,3 micriméadar; nó

4. Tonnfhad foinse solais is giorra ná 400 nm;

g. Trealamh léasacha leictreoin, léasacha iain nó trealamh X-ghathach le haghaidh aistriú íomhánna teilgin lenar féidir patrúin is lú é ná 2,5 micriméadar a tháirgeadh;

*Nóta: Maidir le córais dhírithe léasacha sraonta (córais taifeadta dhíreacha), féachtar X.B.I.001.b.1.j.*

h. Trealamh lena n-úsáidtear ‘léasair’ chun taifead díreach a dhéanamh ar shliseoga lenar féidir patrúin is lú ná 2,5 micriméadar a tháirgeadh.

3. Trealamh chun ciorcaid iomlánaithe a chóimeáil, mar a leanas:

a. Nascóir dísle den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. ‘Tá siad saindeartha’ do ‘chiorcaid iomlánaithe hibrideacha’;

2. Bogadh aimsiúcháin céim X-Y is mó ná 37,5 x 37,5 mm; agus

3. Cruinneas suiteála i bplána X-Y is míne ná ± 10 micriméadar;

b. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ chun roinnt nasc a tháirgeadh in aon oibríocht amháin (e.g., nascóirí léis seolán, nascóirí iompartha sliseanna, nascóirí téipe);

c. Séalóirí caipíní teo leath-uathoibríocha nó uathoibríocha, lena ndéantar téamh áitiúil ar an gcaipín go teocht is airde ná corp an phacáiste, atá saindeartha le haghaidh pacáistí ceirmeacha micrichiorcaid a rialaítear le 3A001([6]) agus ag a bhfuil tréchur nach lú ná aon phacáiste amháin in aghaidh an nóiméid.

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.3 spot-táthóirí den chineál friotaíochta ilchuspóirí.*

6 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

4. Scagairí le haghaidh seomraí glana lenar féidir timpeallacht aeir a sholáthar nach mó ná deich gcáithnín atá inti, ar cáithníní 0,3 micriméadar nó níos lú atá iontu, in aghaidh an 0,02832 $m^3$ agus scagairí lena n-aghaidh.

*Nóta Teicniúil: Chun críocha X.B.I.001, is éard is 'rialú le ríomhchlár stóráilte' ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh. Is féidir do threalamh a bheith faoi 'rialú le ríomhchlár stóráilte' bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go hinmheánach sa trealamh nó go seachtrach.*

X.B.I.002 Trealamh chun comhpháirteanna agus ábhair leictreonacha a iniúchadh nó a thástáil, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh.

a. Trealamh atá saindeartha chun iniúchadh nó tástáil a dhéanamh ar leictreonfheadáin, ar eilimintí optúla agus ar chomhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, agus a rialaítear le 3A001([7]) nó X.A.I.001;

b. Trealamh atá saindeartha chun iniuchadh nó tástáil a dhéanamh ar fheistí leathsheoltacha, ar chiorcaid iomlánaithe agus ar 'chóimeálacha leictreonacha', mar a leanas, agus córais ina n-ionchorpraítear an trealamh sin nó ag a bhfuil saintréithe an trealaimh sin:

*Nóta: Le X.B.I.002.b. freisin, rialaítear trealamh a úsáidtear nó atá modhnaithe lena úsáid chun feistí eile a mhonarú, amhail gairis íomháithe, gairis leictrea-optúla, feistí tonnta fuaimiúla.*

7 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

1. Trealamh iniúchta den chineál ‘rialaithe faoi chlár storáilte’ chun fabhtanna, earráidí nó éilleáin nach mó ná 0,6 micriméadar a bhrath ar shliseoga nó ar fhoshraitheanna próiseáilte, nó iontu, cé is moite de chláir ciorcaid phriontáilte nó sliseanna, agus úsáid á baint as teicnící chun íomhánna optúla a fháil lena ndéantar comparáid idir patrúin;

   *Nóta*: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.1. micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha, ach amháin nuair atá siad saindeartha agus sainionstraimithe chun iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar phatrúin.

2. Trealamh tomhais agus anailíse den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’, mar a leanas:

   a. Trealamh atá saindeartha chun an cion ocsaigin nó carbóin in ábhair leathsheoltacha a thomhas;

   b. Trealamh chun leithid líne a thomhas le taifeach 1 mhicriméadar nó taifeach is míne ná sin;

   c. Ionstraimí tomhais saindeartha chun plánacht a thomhas, lenar féidir dialltaí ón bplánacht 10 micriméadar nó níos lú a thomhas le taifeach 1 mhicriméadar nó níos lú.

3. Trealamh scrúdaithe sliseog den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

   a. Cruinneas aimsiúcháin is míne ná 3,5 micriméadar;

b. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ar fheistí ina bhfuil líon is mó ná 68 teirminéal; nó

c. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ag minicíocht is mó ná 1 GHz;

4. Trealamh optúil mar a leanas:

a. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun feistí leathsheoltacha scoite agus díslí neamh-imchochlaithe a thástáil, lenar féidir tástáil a dhéanamh ag minicíochtaí is airde ná 18 GHz;

*Nóta Teicniúil: I measc na bhfeistí leathsheoltacha scoite tá fótaichill agus grianchill*.

b. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe agus ar ‘chóimeálacha leictreonacha’ lena n-aghaidh, lenar féidir tástáil fheidhmiúil a dhéanamh:

1. Ag ‘ráta patrúin’ is mó ná 20 MHz; nó

2. Ag ‘ráta pátrún’ is mó ná 10 MHz ach nach mó ná 20 MHz agus lenar féidir pacáistí ina bhfuil níos mó ná 68 teirminéal a thástáil.

*Nótaí: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.4.b. trealamh tástála atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh orthu seo a leanas:*

*1. Cuimhní;*

*2. ‘Cóimeálacha’ nó aicme ‘cóimeálacha leictreonacha’ le haghaidh feidhmeanna baile agus siamsaíochta; agus*

*3. Comhpháirteanna leictreonacha, ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus ciorcaid iomlánaithe nach rialaítear le 3A001([8]) ná le X.A.I.001, ar choinníoll nach n-ionchorpraítear leis an trealamh tástála sin saoráidí ríomhaireachta le ‘in-ríomhchláraitheacht atá inrochtana don úsáideoir’.*

*Nóta Teicniúil: Chun críocha X.B.I.002.b.4.b, sainmhínítear gurb é is ‘ráta patrúin’ ann uasmhinicíocht an oibriúcháin dhigitigh atá ag tástálaí. Dá bhrí sin, tá sé coibhéiseach leis an ráta sonraí is airde is féidir le tástálaí a sholáthar sa mhód neamh-ilphléacsaithe. Tagraítear dó freisin mar luas tástála, mar uasmhinicíocht dhigiteach nó mar uasluas digiteach.*

c. Trealamh atá saindeartha chun feidhmíocht eagar plánaí fócasacha a chinneadh ag tonnfhaid is mó ná 1 200 nm, agus lena n-úsáidtear tomhais ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ nó meastóireacht ríomhchuidithe agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Úsáid trastomhais spota solais scanacháin is lú ná 0,12 mm;

[8] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

2. Tá siad deartha chun paraiméadair feidhmíochta fótamhothálacha a thomhas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfreagairt mhinicíochta, ar fheidhm aistrithe modhnúcháin, ar aonfhoirmeacht na freagrúlachta nó an torainn; nó

3. Tá siad deartha chun meastóireacht a dhéanamh ar eagair lenar féidir íomhánna a chruthú inar mó ná 32 x 32 dúil líne atá iontu;

5. Córais tástála léis leictreoin atá deartha chun feidhmiú ag 3 keV nó faoina bhun sin, nó córais léasacha ‘léasair’, chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar fheistí leathsheoltacha ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe:

a. Cumas stróbascópaí le dalladh léis nó stróbáil bhrathadóireachta;

b. Speictriméadar leictreon chun voltas a thomhas le taifeach is lú ná 0,5 V; nó

c. Daingneáin tástálacha leictreacha chun anailís feidhmíochta a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe;

*Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.5 micreascóip leictreon scanacháin, ach amháin nuair atá siad saindeartha agus sain-ionstraimithe chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar fheiste leathsheoltach chumhachtaithe.*

6. Córais ilfheidhmeacha léis ian fócasaithe den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun maisc nó feistí leathsheoltacha a mhonarú, a dheisiú, chun anailís a dhéanamh ar a leagan amach fisiciúil agus chun iad a thástáil, agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

    a. Cruinneas rialaithe aischothúcháin maidir le suíomh ó sprioc go léas 1 mhicreaméadar nó níos míne; nó

    b. Cruinneas tiontaithe ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 12 giotán;

7. Córais tomhaiste cáithníní lena n-úsáidtear ‘léasair’ atá deartha chun méid na gcáithníní agus a dtiúchan san aer a thomhas, ag a:

    a. Tá ar a chumas méid cáithníní nach mó ná 0,2 micriméadar a thomhas ag ráta sreafa 0,02832 $m^3$ in aghaidh an nóiméid nó níos mó; agus

    b. Tá ar a chumas aer glan d'Aicme 10 nó níos fearr a shaintréithriú.

*Nóta Teicniúil: Chun críocha X.B.I.002, is éard is ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh. Is féidir do threalamh a bheith faoi ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go hinmheánach sa trealamh nó go seachtrach.*

X.B.I.003 Trealamh chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a mhonarú agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

a. Trealamh próiseála scannán;

b. Trealamh brataithe masc sádair;

c. Trealamh breacaire grianghraif;

d. Trealamh deasctha plátála nó leictreaphlátála;

e. cuasáin agus preasanna folúis;

f. Lannaitheoirí rolla;

g. Trealamh ailínithe; nó

h. Trealamh eitseála.

X.B.I.004 Trealamh iniúchta optúil uathoibrithe chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a thástáil, bunaithe ar bhraiteoirí optúla nó leictreacha, agus atá ábalta aon cheann de na lochtanna cáilíochta seo a leanas a bhrath:

a. Spásáil, achar, toirt nó airde;

b. Bordáil bille;

c. Comhpháirteanna (láithreacht, neamhláithreacht, tiontaithe, seach-churtha, polaraíocht, nó sceabha);

d. Sádar (droicheadú, siúntaí sádair neamh-leordhóthanacha);

e. Luaidheanna (taos neamh-leordhóthanach, ardú);

f. Ceannéirí; nó

g. Leictreach (gearrchiorcaid, ciorcaid oscailte, friotaíocht, toilleas, cumhacht, feidhmíocht eangaí).

X.C.I.001 Friotáin dhearfacha atá deartha le haghaidh liteagrafaíocht leathsheoltóra atá coigeartaithe go speisialta (optamaithe) lena n-úsáid ag tonnfhaid idir 370 nm agus 193 nm.

X.C.I.002 Ceimiceáin agus ábhair den chineál a úsáidtear chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a tháirgeadh, mar a leanas:

a. Foshraitheanna comhchodacha PCB atá déanta as snáithín gloine nó cadás (e.g. FR-4, FR-2, FR-6, CEM-1, G-10, etc.);

b. Foshraitheanna ilchisealacha PCB, a bhfuil ciseal amháin ar a laghad d'aon cheann de na hábhair seo a leanas iontu:

1. Alúmanam;

2. Polaiteitreafluaireitiléin (PTFE); nó

3. Ábhair cheirmeacha (e.g. alúmana, ocsaíd tíotáiniam, etc.);

c. Ceimiceáin eitseálóra;

1. Clóiríd fheireach (7705-08-0);

2. Clóiríd choprach (7447-39-4);

3. Sárshulfáit amóiniam (7727-54-0);

4. Sárshulfáit sóidiam (7775-27-1); nó

5. Ullmhóidí ceimiceacha atá saindeartha le haghaidh eitseála agus ina bhfuil aon cheann de na ceimiceáin a áirítear in X.C.I.002.c.1 go X.C.I.002.c.4.

*Nóta: Ní rialaítear le X.C.I.002.c 'meascáin cheimiceacha' ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceimiceáin atá sonraithe in iontrálacha X.C.I.002.c nach mó ná 10 % de réir mheáchan an mheascáin aon cheimiceán ar leith atá sonraithe.*

d. Scragall copair a bhfuil íos-íonacht 95 % ann agus ar lú a thiús ná 100 m;

f. Substaintí polaiméireacha agus scannáin díobh atá níos lú ná 0,5 mm ar tiús, mar a leanas:

1. Poilimídí armatacha;

2. Pairiléiní;

3. Beinsicioglabúitéiní (BCBanna); nó

4. Polabeansocsasóil.

X.D.I.001 ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’, nó ‘úsáid’ gaireas leictreonach nó comhpháirteanna a rialaítear le X.A.I.001, trealamh leictreonach ilchuspóireach a rialaítear le X.A.I.002, nó trealamh monaraíochta agus tástála a rialaítear le X.B.I.001 agus le X.B.I.002; nó ‘bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le 3B001.g agus le 3B001.h([9]).

X.D.I.002 ‘Bogearraí’ atá saindeartha chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a thástáil, ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’.

X.E.I.001 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ gaireas leictreonach nó comhpháirteanna a rialaítear le X.A.I.001, trealamh leictreonach ilchuspóireach a rialaítear le X.A.I.002, nó trealamh monaraíochta agus tástála a rialaítear le X.B.I.001 nó le X.B.I.002, nó ábhair a rialaítear le X.C.I.001.

X.E.I.002 ‘Teicneolaíocht’ chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

Catagóir II – Ríomhairí

*Nóta: Ní rialaítear le Catagóir II earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

X.A.II.001 Ríomhairí, ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus trealamh gaolmhar, nach rialaítear le 4A001 ná le 4A003([10]), agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

**9** Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821
**10** Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

*Nóta: Is trí stádas rialaithe trealaimh eile agus córas eile a chinnfear stádas rialaithe na 'ríomhairí digiteacha' agus an trealaimh ghaolmhair a dtugtar tuairisc orthu in X.A.II.001, ar na coinníollacha seo a leanas:*

*a. Tá na 'ríomhairí digiteacha' nó an trealamh gaolmhar fíor-riachtanach chun an trealamh eile nó na córais eile a oibriú;*

*b. Nach 'príomheilimint' den trealamh eile nó de na córais eile iad na 'ríomhairí digiteacha' nó an trealamh gaolmhar; agus*

*N.B.1: Is trí stádas rialaithe trealaimh eile, fiú amháin má sháraíonn sé critéar na 'príomheiliminte', a chinnfear stádas rialaithe an trealaimh 'próiseála comharthaí' nó an trealaimh 'feabhsaithe íomhánna' atá saindeartha le haghaidh trealamh eile a bhfuil a chuid feidhmeanna teoranta do na feidhmeanna a theastaíonn le haghaidh an trealaimh eile.*

*N.B.2: Maidir le stádas rialaithe na 'ríomhairí digiteacha' nó an trealaimh ghaolmhair do threalamh teileachumarsáide, féach Catagóir 5, Cuid 1 (Teileachumarsáid)([11]).*

*c. Go gcinnfear le 4E an 'teicneolaíocht' do na 'ríomhairí digiteacha' agus don trealamh gaolmhar([12]).*

a. Ríomhairí leictreonacha agus trealamh gaolmhar, agus 'cóimeálacha leictreonacha' agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, atá rátaithe chun oibriú ag teocht chomhthimpeallach os cionn 343 K (70 C);

11 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821
12 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

b. ‘Ríomhairí digiteacha’, lena n-áirítear trealamh ‘próiseála comharthaí’ nó trealamh ‘feabhsaithe íomhánna’, ag a bhfuil ‘Buaicfheidhmiú Coigeartaithe’ (‘APP’) atá cothrom le 0,0128 Teireaflap Ualaithe (WT) nó níos mó;

c. ‘Cóimeálacha leictreonacha’ atá saindeartha nó modhnaithe chun feidhmíocht a fheabhsú trí phróiseálaithe a chomhbhailiú, mar a leanas:

1. Cinn atá deartha chun bheith in ann comhbhailiú a dhéanamh i gcumraíochtaí ina bhfuil 16 phróiseálaí nó níos mó;

2. Ní úsáidtear;

*Nóta 1: Níl feidhm ag X.A.II.001.c. ach amháin maidir le ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus idirnaisc in-ríomhchláraithe ag a bhfuil ‘APP’ nach sáraíonn na teorainneacha in X.A.II.001.b. tráth a sheoltar iad mar ‘chóimeálacha leictreonacha’ neamh-chomhtháite. Níl feidhm aige maidir le ‘cóimeálacha leictreonacha’ atá teoranta go bunúsach i ngeall ar iad a bheith deartha lena n-úsáid mar threalamh gaolmhar a rialaítear le X.A.II.001.k.*

*Nóta 2: Ní rialaítear le X.A.II.001.c. aon ‘chóimeáil leictreonach’ atá saindeartha le haghaidh táirge nó le haghaidh tacar táirgí nach sáraíonn a n-uaschumraíocht na teorainneacha in X.A.II.001.b.*

d. Ní úsáidtear;

e. Ní úsáidtear;

f. Trealamh ‘próiseála comharthaí’ nó trealamh ‘feabhsaithe íomhánna’ ag a bhfuil ‘Buaicfheidhmiú Coigeartaithe’ (‘APP’) atá cothrom le 0,0128 Teireaflap Ualaithe (WT) nó níos mó;

g. Ní úsáidtear;

h. Ní úsáidtear;

i. Trealamh ina bhfuil ‘trealamh teirminéil comhéadain’ a sháraíonn na teorainneacha in X.A.III.101;

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.II.001.i, ciallaíonn ‘trealamh teirminéil comhéadain’ trealamh ag a dtéann faisnéis isteach i gcóras teileachumarsáide, nó amach as e.g. Teileafón, seirbhís sonraí, ríomhaire, etc.*

j. Trealamh atá saindeartha chun idirnasc seachtrach ‘ríomhairí digiteacha’ a sholáthar nó trealamh gaolmhar lenar féidir cumarsáid a dhéanamh ag rátaí sonraí a sháraíonn 80 Meigibheart/s.

*Nóta: Ní rialaítear le X.A.II.001.j. trealamh inmheánach um idirnascadh (e.g. cúlphlánaí, busanna), trealamh éighníomhach um idirnascadh, ‘rialaitheoirí rochtana ar an líonra’ nó ‘rialaitheoirí cainéal cumarsáide’.*

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.II.001.j, is iad 'rialaitheoirí an chainéil cumarsáide' an comhéadan fisiceach lena rialaítear sreabhadh na faisnéise digitítionchronaí nó aisionchronaí. Cóimeáil atá ann is féidir a chomhtháthú i dtrealamh ríomhaireachta nó i dtrealamh teileachumarsáide ionas go mbeidh rochtain ar chumarsáid.*

k. 'Ríomhairí hibride' agus 'cóimeálacha leictreonacha' agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, ina bhfuil tiontairí analógach-go-digiteach ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:

1. 32 chainéal nó níos mó; agus

2. Taifeach 14 ghiotán (maille le sínghiotán) nó níos mó ag a bhfuil ráta comhshó 200 000 Hz nó níos mó.

X.D.II.001 'Bogearraí' cruthaithe agus bailíochtaithe 'feidhmchlár', 'bogearraí' lenar féidir 'cóid foinse' a ghiniúint go huathoibríoch, agus 'bogearraí' córais oibriúcháin atá saindeartha le haghaidh trealamh 'próiseála fíor-ama'.

a. 'Bogearraí' cruthaithe agus bailíochtaithe 'feidhmchlár' a bhaineann úsáid as teicnící matamaiticiúla agus anailíseacha agus atá deartha nó modhnaithe le haghaidh 'feidhmchláir' ag a bhfuil níos mó ná 500 000 treoir maidir le 'cóid foinse';

b. 'Bogearraí' lenar féidir 'cóid foinse' a ghiniúint go huathoibríoch ó shonraí a fhaightear ar líne ó bhraiteoirí seachtracha a dtugtar tuairisc orthu i Rialachán (AE) 2021/821; nó

c. ‘Bogearraí’ córais oibriúcháin atá saindeartha le haghaidh trealamh ‘próiseála fíor-ama’ lena ráthaítear ‘am folaigh idirbhriste uilíoch’ is lú ná 20 micreashoicind.

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.D.II.001, is éard is ‘am folaigh idirbhriste uilíoch’ ann an méid ama a ghlacann sé ar an gcóras ríomhaireachta idirbhriseadh de bharr teagmhais a aithint, an t-idirbhriseadh a sheirbhísiú agus aistriú comhthéacs a dhéanamh chuig tasc malartach cuimhne-lonnaithe atá ar feitheamh ag an idirbhriseadh.*

X.D.II.002 ‘Bogearraí’, cé is moite de na bogearraí a rialaítear le 4D001([13]) atá saindeartha nó modhnaithe le haghaidh ‘forbairt’ ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le 4A1011([14]) .

X.E.II.001 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’ ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.A.II.001, nó ‘bogearraí’ a rialaítear le X.D.II.001 nó X.D.II.002.

X.E.II.002 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘táirgeadh’ trealaimh atá deartha le haghaidh ‘próiseáil sreafaí sonraí iomadúla’.

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.E.II.002, is éard is ‘próiseáil sreafaí sonraí iomadúla’ ann teicníc micreachláir nó ailtireachta trealaimh a fhágann gur féidir próiseáil chomhuaineach a dhéanamh ar dhá sheicheamh sonraí nó níos mó ná sin faoi rialú ceann amháin nó níos mó de sheichimh treoracha trí bhíthin nithe mar iad seo a leanas:*

*1. Ailtireachtaí Il-Sonraí Treoracha Singile (SIMD) amhail próiseálaithe veisteora nó eagair;*

[13] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821
[14] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

*2. Ailtireachtaí Il-Sonraí Il-Treoracha Singile (MSIMD);*

*3. Ailtireachtaí Il-Sonraí Il-Treoracha (MIMD), lena n-áirítear cinn atá cúpláilte go teann, cúpláilte go dlúth nó cúpláilte go scaoilte; nó*

*4. Eagair struchtúrtha d'eilimintí próiseála, lena n-áirítear eagair shiopstólacha.*

Catagóir III. Cuid 1 – Teileachumarsáid

*Nóta: Catagóir III.Ní rialaítear le Cuid 1 earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

X.A.III.101 Trealamh teileachumarsáide.

a. Aon chineál trealaimh cumarsáide, nach bhfuil á rialú ag 5A001.a([15]), atá saincheaptha chun oibriú lasmuigh den raon teochta 219 K (-54°C) go 397 K (124°C).

b. Trealamh agus córais tarchurtha teileachumarsáide, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saincheaptha lena n-aghaidh, ag a bhfuil aon cheann de na tréithe, feidhmeanna nó gnéithe seo a leanas:

*Nóta: Trealamh tarchurtha teileachumarsáide:*

*a. Arna aicmiú mar a leanas, nó teaglamaí díobh sin:*

*1. Trealamh raidió (e.g., tarchuradóir, glacadóirí agus trasghlacadóirí);*

**15** Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

2. *Trealamh teirminéil líne;*

3. *Trealamh aimplitheora idirmheánaigh;*

4. *Trealamh athchurtha;*

5. *Trealamh athghiniúna;*

6. *Ionchódóirí aistriúcháin (traschódóirí);*

7. *Trealamh ilphléacsaithe (lena n-áirítear ilphléascú staidrimh);*

8. *Modhnóirí/dímhodhnóirí (móideimí);*

9. *Trealamh tras-ilphléascaithe (féach an Moladh ó CCITT G701);*

10. *Trealamh trasnasctha digiteach den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte';*

11. *'Tairsí' agus 'droichid';*

12. *'Aonaid um rochtain meán cumarsáide'; agus*

b. *Arna ceapadh le haghaidh a úsáide i gcumarsáid cainéil aonair nó ilchainéil trí aon cheann díobh seo a leanas:*

1. *Sreang (líne);*

2. *Cábla comhaiseach;*

*3. Cábla snáithín optúil;*

*4. Radaíocht leictreamaighnéadach; nó*

*5. Forleathadh fuaimthoinne faoi uisce.*

1. Ina n-úsáidtear teicnící digiteacha, lena n-áirítear próiseáil dhigiteach comharthaí analógacha, agus é ceaptha chun a bheith ag oibriú ar ‘ráta an aistrithe dhigitigh’ ar an leibhéal is airde ilphléacaithe os cionn 45 Mbit/s nó ar ‘ráta iomlán an aistrithe dhigitigh’ os cionn 90 Mbit/s;

   *Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh atá saindeartha chun a chomhtháite agus a oibrithe in aon chóras satailíte le haghaidh úsáid shibhialta.*

2. Móideimí a úsáideann ‘bandaleithead aon chainéil gutha amháin’ ar a bhfuil ‘ráta comharthaíochta sonraí’ os cionn 9 600 giotán in aghaidh an tsoicind;

3. Tá trealamh trasnasctha digiteach den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann ag a bhfuil ‘ráta aistrithe dhigitigh’ is mó ná 8,5 Mbit/s in aghaidh an phoirt;

4. Trealamh raidió ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

   a. ‘Rialaitheoirí rochtana ar an líonra’ agus an meán coiteann atá gaolmhar leo, ag a bhfuil ‘ráta aistrithe dhigitigh’ is mó ná 33 Mbit/s; nó

b. ‘Rialaitheoirí cainéal cumarsáide’ ag a bhfuil aschur digiteach ag a bhfuil ‘ráta comharthaíochta sonraí’ is mó ná 64 000 bit/s in aghaidh an chainéil;

*Nóta: Más amhlaidh go bhfuil ‘rialaitheoir rochtana ar an líonra’ in aon trealamh neamhrialaithe, ní ceadmhach aon chineál comhéadain teileachumarsáide a bheith aige, cé is moite díobh sin a dtugtar tuairisc orthu in X.A.III.101.b.4, ach gan é a bheith á rialú aige.*

5. Trealamh lena n-úsáidtear ‘léasar’, ina bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas:

a. Tonnfhad tarchurtha os cionn 1 000 nm; nó

b. Úsáidtear leis teicnící analógacha agus tá bandaleithead aige ar mó é ná 45 MHz;

c. Úsáidtear leis teicnící optúla comhtháite tarchuradóireachta nó teicnící braite optúla comhtháite (ar a dtugtar teicnící homaidíne nó teicnící heitridíne freisin);

d. Úsáidtear leis teicnící ilphléacsaithe roinnte tonnfhad; nó

e. Trealamh a dhéanann ‘aimpliú optúil’;

6. Trealamh raidió a oibríonn ag minicíochtaí ionchurtha nó aschurtha os cionn:

a. 31 GHz le haghaidh feidhmchláir idir satailít agus stáisiún talún; nó

b. 26,5 GHz le haghaidh feidhmchláir eile;

*Nóta: Le X.A.III.101.b.6., ní rialaítear trealamh le haghaidh úsáid shibhialta nuair atá sé i gcomhréir le banda leithdháilte de chuid Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide idir 26,5 GHz agus 31 GHz.*

7. Is trealamh raidió é ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

   a. Úsáidtear ann teicnící Modhnúcháin Aimplitiúide Cearnaithe (QAM) os cionn leibhéal 4 más mó ná 8,5 Mbit/s ‘ráta iomlán an aistrithe dhigitigh’;

   b. Úsáidtear ann teicnící Modhnúcháin Aimplitiúide Cearnaithe (QAM) os cionn leibhéal 16 más cothrom le 8,5 Mbit/s nó más lú ná sin ‘ráta iomlán an aistrithe dhigitigh’;

   c. Úsáidtear teicnící modhnúcháin dhigiteacha eile ann agus is mó ná 3 bit/s/Hz an ‘éifeachtúlacht speictreach’; nó

   d. Oibríonn sé sa bhanda idir 1,5 MHz agus 87,5 MHz agus ionchorpraítear leis teicnící oiriúnaitheacha lena soláthraítear sochtadh ar mó é ná 15 dB ar chomhartha trasnaíochta.

      *Nótaí:*

      *1. Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh atá saindeartha chun a chomhtháite agus a oibrithe in aon chóras satailíte le haghaidh úsáid shibhialta.*

*2. Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh athsheachadáin raidió a bhfuiltear lena oibriú i mbanda arna leithroinnt ag an Aontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU):*

*a. Ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:*

*1. Ní théann sé thar 960 MHz; nó*

*2. Ní mó ná 8,5 Mbit/s an 'ráta iomlán an aistrithe dhigitigh' ann; agus*

*b. Ní mó ná 4 bit/s/Hz an 'éifeachtúlacht speictreach' ann.*

c. Trealamh lascacháin den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' agus córais chomharthaíochta ghaolmhara, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe, de na feidhmeanna nó de na sainghnéithe seo a leanas, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh:

*Nóta: Maidir le hilphléacsóirí staitistiúla ag a bhfuil ionchur digiteach agus aschur digiteach agus a chuireann lascachán ar fáil, caitear leo mar lasca den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte'.*

1. Trealamh nó córais 'lascacháin sonraí (teachtaireachtaí)' atá deartha le haghaidh 'lascadh paicéid', cóimealacha leictreonacha agus 'comhpháirteanna' lena n-aghaidh, cé is moite dóibh siúd a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

2. Ní úsáidtear;

3. Ródú nó lascadh paicéad ‘sonragraim’;

*Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.3 líonraí nach n-úsáidtear iontu ach ‘rialaitheoirí rochtana ar an líonra’, ná líonraí nach n-úsáidtear iontu ach na ‘rialaitheoirí rochtana ar an líonra’ féin.*

4. Ní úsáidtear;

5. Tosaíocht il-leibhéil agus réamhthosaíocht le haghaidh lascadh ciorcad;

*Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.5 réamhthosaíocht glao aon-leibhéil.*

6. Tá sé deartha le haghaidh glaonna raidió cheallaigh ar lasca ceallacha eile a chur ar atreo go huathoibríoch nó le haghaidh nascadh go huathoibríoch le bunachar láraithe suibscríobhaithe a bhfuil níos mó ná aon lasc amháin ag baint úsáid as;

7. Tá trealamh trasnasctha digiteach den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann ag a bhfuil ‘ráta aistrithe dhigitigh’ is mó ná 8,5 Mbit/s in aghaidh an phoirt:

8. Tá ‘comharthaíocht cainéil choitinn’ ann a oibríonn i mód oibriúcháin neamh-chomhcheangailte, sin nó i mód oibriúcháin cuasa-chomhcheangailte;

9. ‘Ródú oiriúnaitheach dinimiciúil’;

10. Is éard atá ann lasca paicéid, lasca ciorcad agus ródairí ag a bhfuil poirt nó línte a théann thar an méid seo a leanas:

    a. ‘Ráta comharthaíochta sonraí’ 64 000 bit/s in aghaidh an phoirt le haghaidh ‘rialaitheoir cainéil cumarsáide’; nó

    *Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.10.a naisc ilchodacha ilphléacs nach bhfuil comhdhéanta ach de bhealaí cumarsáide nach rialaítear go leithleach le X.A.III.101.b.1.*

    b. ‘Ráta aistrithe dhigitigh’ 33 Mbit/s le haghaidh ‘rialaitheoir um rochtain ar an líonra’ agus meáin choiteanna ghaolmhara;

    *Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.10 lasca paicéid ná ródairí ag a bhfuil poirt nó línte nach dtéann thar na teorainneacha atá in X.A.III.101.c.10.*

11. ‘Lascadh optúil’;

12. Úsáidtear teicnící den chineál ‘Modh Aistrithe Aisioncronach’ (‘ATM’) ann.

d. Snáithíní optúla agus cáblaí snáithíní optúla is faide ná 50 m atá deartha le haghaidh oibriú aonmhóid;

e. Rialú láraithe líonra ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

    1. Faigheann sé sonraí ó na nóid; agus

2. Déanann sé próiseáil ar na sonraí sin chun rialú tráchta a dhéanamh nach n-éilíonn aon chinntí ón oibreoir, agus ar an gcaoi sin déanann sé ‘ródú oiriúnaitheach dinimiciúil’;

*Nóta 1: Ní chuimsítear le X.A.III.101.e cásanna a bhaineann le cinntí ródúcháin a dhéantar de réir faisnéis réamhshainithe.*

*Nóta 2: Ní chuirtear as an áireamh le X.A.III.101.e rialú tráchta a athraíonn de réir dálaí tráchta staitistiúla intuartha.*

f. Aeróga eagair chéimnithe, a oibríonn ag minicíocht is airde ná 10,5 GHz, ina bhfuil eilimintí gníomhacha agus comhpháirteanna dáilte, agus atá deartha ar bhealach a fhágann gur féidir rialú leictreonach a dhéanamh ar mhúnlú agus ar threodhíriú léasa, cé is moite de chórais tuirlingthe ina bhfuil ionstraimí atá de réir chaighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) (córais tuirlingthe micreathoinne (MLS));

g. Trealamh cumarsáide móibílí, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus cóimeálacha leictreonacha agus comhpháirteanna lena n-aghaidh; nó

h. Trealamh cumarsáide athsheachadáin raidió atá deartha lena úsáid ag minicíochtaí 19,7 GHz nó níos airde, agus comhpháirteanna lena aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.III.101:*

1) *Modh aistrithe is ea é 'modh aistrithe aisioncronach' ('ATM') ina n-eagraítear an fhaisnéis i gcealla; tá sé aisioncronach sa bhrí go bhfuil atarlú na gceall ag brath ar an ráta giotán atá ag teastáil nó ar an ráta giotán meandrach.*

2) *Trealamh cumarsáide sonraí is ea é 'bandaleithead aon chainéil gutha amháin' atá ceaptha oibriú ar aon chainéal gutha amháin, is é sin 3 100 Hz, faoi mar a shainítear i Moladh G.151 ó CCITT.*

3) *An comhéadan fisiceach is ea é 'rialaitheoir an chainéil chumarsáide', lena rialaítear sreabhadh na faisnéise digití sioncrónaí nó aisioncrónaí. Cóimeáil atá ann is féidir a chomhtháthú i dtrealamh ríomhaireachta nó i dtrealamh teileachumarsáide ionas go mbeidh rochtain ar chumarsáid.*

4) *Eintiteas cuimsithe, neamhspleách sonraí is ea é 'sonragram' ina n-iompraítear faisnéis leordhóthanach ionas gur féidir í a threorú ón bhfoinse go dtí trealamh teirminéil sonraí an chinn scríbe gan a bheith ag brath ar mhalartuithe a rinneadh ní ba luaithe idir an fhoinse sin agus trealamh teirminéil sonraí an chinn scríbe agus an líonra iompair.*

5) *Saoráid is ea é 'mear-roghnaigh' a bhfuil feidhm aici maidir le glaonna fiorúla a fhágann go bhfuil trealamh teirminéil in ann cur lena chumas sonraí a tharchur i 'bpaicéid' a bhaineann le leagan amach agus imréiteach na nglaonna agus atá lasmuigh de chumais bhunúsacha na nglaonna fiorúla.*

*6) ‘Tairseach’ is ea í an fheidhm is féidir le haon teanglaim de threalamh agus ‘bogearra’ a dhéanamh, ar feidhm í a dhéanann na coinbhinsiúin a chomhshó chun faisnéis a úsáidtear i gcóras amháin a ionadú, a phróiseáil nó a chur in iúl do na coinbhinsiúin chomhfhreagracha, ach éagsúla, a úsáidtear i gcóras eile.*

*7) Líonra digiteach aontaithe ó cheann go ceann is ea é an ‘Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite’ (ISDN), ina dtarchuirtear sonraí ó gach cineál cumarsáide (e.g. Guth, téacs, sonraí, pictiúir socra agus reatha) ó phort (teirminéal) sa mhalartán (lasc) thar aon líne rochtana go dtí an rannpháirtí agus ar ais uaidh.*

*8) Is éard is ‘paicéad’ ann, grúpa de dhigití dénártha lena n-áirítear sonraí agus comharthaí rialaithe glaonna a dhéantar a lascadh mar aonad iomlán comhchodach amháin. Na sonraí, na comharthaí rialaithe glaonna agus an fhaisnéis rialaithe earráide a d’fhéadfadh a bheith ann, déantar iad a shocrú i bhformáid shonraithe.*

*9) Ciallaíonn ‘comharthaíocht cainéil choitinn’ faisnéis rialaithe (comharthaíocht) a tharchur trí chainéal ar leithligh seachas an cainéal a úsáidtear le haghaidh na dteachtaireachtaí. Is gnách go rialaíonn an cainéal comharthaíochta an iliomad cainéal teachtaireachtaí.*

*10) Ciallaíonn ‘ráta comharthaíochta sonraí’ an ráta, mar a shainítear i Moladh 53-36 ó ITU, agus é á chur san áireamh nach cothrom le chéile, i gcás modhnú neamh-dhénártha, báid in aghaidh an tsoicind agus giotáin in aghaidh an tsoicind. Cuimsítear giotáin le haghaidh códaithe, seiceála agus feidhmeanna sioncronaithe.*

*11) Ciallaíonn ‘ródú oiriúnaitheach dinimiciúil’ trácht a athródú go huathoibríoch agus an t-athródú sin arna bhunú ar bhrath agus ar anailísiú na ndálaí líonra láithreacha iarbhír.*

*12) Ciallaíonn ‘aonaid um rochtain meán cumarsáide’ trealamh ina bhfuil comhéadan cumarsáide amháin nó níos mó (‘Rialaitheoir rochtana ar an líonra’, ‘rialaitheoir cainéil cumarsáide’, móideim nó bus ríomhaire) lena nasctar trealamh teirminéil le líonra.*

*13) Ciallaíonn ‘éifeachtúlacht speictreach' an ‘ráta aistrithe dhigitigh’ [giotáin/s] / 6 dB bandaleithead speictrim in Hz.*

*14) Is éard is ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh.*

*<u>Nóta</u>: Is féidir do threalamh a bheith faoi ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go hinmheánach sa trealamh nó go seachtrach.*

X.B.III.101 Trealamh tástála teileachumarsáide, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.C.III.101 Réamhfhoirmeacha gloine nó réamhfhoirmeacha d’aon ábhar eile atá optamaithe chun snáithíní optúla a rialaítear le X.A.III.101 a mhonarú.

X.D.III.101 ‘Bogearraí’ atá ‘saindeartha’ nó modhnaithe le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.A.III.101 agus le X.B.III.101, agus bogearraí ródaithe oiriúnaithigh dhinimiciúil atá de réir na tuairisce seo a leanas:

a. ‘Bogearraí’, cé is moite de bhogearraí i bhfoirm is inrite ag meaisín, atá saindeartha le haghaidh ‘ródú oiriúnaitheach dinimiciúil’;

b. Ní úsáidtear.

X.E.III.101 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.B.III.101 nó le X.B.III.101, nó ‘bogearraí’ a rialaítear le X.D.III.101, agus ‘teicneolaíochtaí’ eile mar a leanas:

a. ‘Teicneolaíochtaí’ sonracha mar a leanas:

1. ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh bratuithe a phróiseáil agus a fhorleagan ar shnáithíní optúla atá saindeartha le go mbeidh siad oiriúnach lena n-úsáid faoi uisce;

2. ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’ trealaimh ina n-úsáidtear teicnící den chineál ‘Ordlathas Digiteach Sioncronach’ (‘SDH’) nó teicnící den chineál ‘Líonra Optúil Sioncronach’ (‘SONET’).

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.E.III.101*:

*1) Is éard is ‘ordlathas digiteach sioncronach’ (SDH) ann ordlathas digiteach lena gcuirtear cóir ar fáil chun bainistiú agus ilphléacsú a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla tráchta dhigitigh, agus chun rochtain a fháil ar an trácht sin, trí fhormáid tarchuir shioncronaigh a úsáid ar chineálacha éagsúla meán. Tá an fhormáid sin bunaithe ar an Modúl Iompair Shioncronaigh (STM) a shainítear i Moladh G.703, G.707, G.708, G.709 ón gCoiste Comhairleach um Nuálaíocht agus Aistriú Teicneolaíochta (CCITT) agus i gcinn eile atá gan foilsiú fós. Is é 155,52 Mbits/s ráta céadleibhéil ‘SDH’.*

*2) Is éard is 'líonra optúil sioncronach' (SONET) ann líonra lena gcuirtear cóir ar fáil chun bainistiú agus ilphléacsú a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla tráchta dhigitigh, agus chun rochtain a fháil ar an trácht sin, trí fhormáid tarchuir shioncronaigh a úsáid i snáithíní optúla. Is leagan de chuid Mheiriceá Thuaidh de 'SDH' atá san fhormáid agus úsáidtear an Modúl Iompair Shioncronaigh (STM) inti freisin. Mar sin féin, is é an Comhartha Iompair Shioncronaigh (STS) an modúl iompair bunúsach a úsáidtear inti, agus é ag ráta céadleibhéil 51.81 Mbits/s. Tá caighdeáin SONET á gcomhtháthú ionas go mbeidh siad ag teacht le caighdeáin 'SDH'.*

Catagóir III. Cuid 2 – Slándáil faisnéise

*Nóta: Catagóir III.Ní rialaítear le Cuid 2 earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

X.A.III.201 Trealamh mar a leanas:

a. Ní úsáidtear;

b. Ní úsáidtear;

c. Earraí atá aicmithe mar chriptiú mórmhargaidh i gcomhréir le Nóta Cripteagrafaíochta – Nóta 3 a ghabhann le Catagóir 5, Cuid 2([16]).

16 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.D.III.201 ‘Bogearraí’ na ‘Slándála Faisnéise’ mar a leanas:

*Nóta: Leis an iontráil seo, ní rialaítear ‘bogearraí’ atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun cosaint a thabhairt ar dhamáiste mailíseach ríomhaire, e.g., víris, i gcás nach féidir an ‘chripteagrafaíocht’ a úsáid ach amháin le haghaidh fíordheimhnithe, síniú digiteach agus/nó chun sonraí nó comhaid a dhíchriptiú.*

a. Ní úsáidtear;

b. Ní úsáidtear;

c. ‘Bogearraí’ atá aicmithe mar bhogearraí criptithe mórmhargaidh i gcomhréir le Nóta Cripteagrafaíochta – Nóta 3 a ghabhann le Catagóir 5, Cuid 2([17]).

X.E.III.201 ‘Teicneolaíocht’ na ‘Slándála Faisnéise’ de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, mar a leanas:

a. Ní úsáidtear;

b. ‘Teicneolaíocht’, cé is moite di sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh ‘úsáid’ earraí mórmhargaidh a rialaítear le X.A.III.201.c nó ‘bogearraí’ mórmhargaidh a rialaítear le X.D.III.201.c.

[17] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

Catagóir IV – Braiteoirí agus Léasair

X.A.IV.001 Trealamh fuaime muirí nó talún, atá in ann rudaí nó gnéithe faoi uisce a bhrath nó a aimsiú, nó árthaí dromchla nó feithiclí faoi uisce a shuí; agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.IV.002 Braiteoirí Optúla mar a leanas:

a. Feadáin dianaitheora íomhá agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

1. Feadáin dianaitheora íomhá ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá buaicfhreagairt i raon tonnfhaid acu ar mó í ná 400 nm, ach nach mó í ná 1 050 nm;

b. Tá pláta micreachainéal acu chun aimpliú leictreonach a dhéanamh ar íomhánna agus tá spásáil idir poill (spásáil lár-go-lár) ar lú í ná 25 micriméadar ag an bpláta; agus

c. Ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. S-20, S-25 nó fótacatóid il-alcaile; nó

2. Fótacatóid GaAs nó GaInAs;

2. Tá plátaí micreachainéal acu atá ‘saindeartha’ agus a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu:

a. 15 000 feadán toll nó níos mó in aghaidh an phláta; agus

b. Spásáil idir poill (spásáil lár-go-lár) ar lú í ná 25 micriméadar.

b. Trealamh íomháithe amhairc dhírigh a oibríonn sa speictream infheicthe nó sa speictream infridhearg, lena n-ionchorpraítear feadáin dianaitheora íomhá a bhfuil na saintréithe a liostaítear in X.A.IV.002.a.1 acu.

X.A.IV.003 Ceamaraí mar a leanas:

a. Ceamaraí a chomhlíonann critéir Nóta 3 a ghabhann le A003.b.4([18]);

b. Ní úsáidtear;

X.A.IV.004 Optaic mar a leanas:

*Nóta: Le X.A.IV.004, ní rialaítear scagairí optúla ag a bhfuil bearnaí aeir seasta nó scagairí de chineál Lyot.*

a. Scagairí optúla:

1. I gcás tonnfhaid atá níos faide ná 250 nm, ar a bhfuil bratuithe optúla agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá bandaleithid acu atá cothrom le 1 nm Lánleithead Leathdhéine (FWHI) nó atá níos lú ná sin agus tá buaic-tharchur 90 % nó níos mó acu; nó

[18] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

b. Tá bandaleithid acu atá cothrom le 0,1 nm FWHI nó atá níos lú ná sin agus tá buaic-tharchur 50 % nó níos mó acu;

2. I gcás tonnfhaid atá níos faide ná 250 nm, agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

a. Tá siad intiúnta thar raon speictrim 500 nm nó níos mó;

b. Tá bandabhealach meandrach 1,25 nm nó níos mó acu;

c. Is féidir an tonnfhad a athshocrú laistigh de 0,1 ms le cruinneas 1 nm nó níos fearr laistigh den raon speictreach intiúnta; agus

d. Tá buaic-tharchur aonair 91 % nó níos mó acu;

3. Lasca (scagairí) optúla teimhneachta ag a bhfuil réimse radhairc 30° nó níos leithne agus aga freagartha atá cothrom le 1 ns nó atá níos lú ná sin;

b. Cábla ‘snáithín fluairíde’, nó snáithíní optúla lena aghaidh sin, ag a bhfuil maolú is lú ná 4 dB/km sa réimse tonnfhaid os cionn 1 000 nm ach nach airde ná 3 000 nm;

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.IV.004.b, is éard is ‘snáithíní fluairíde’ ann snáithíní a monaraíodh as comhdhúile bulcfhluairíde.*

X.A.IV.005 ‘Léasair’ mar a leanas:

a. ‘Léasair’ dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá cumhacht aschuir CW acu ar mó í ná 10 kW;

2. Tá aschur bíogach acu ag a bhfuil ‘fad bíge’ is mó ná 10 µs; agus

a. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 10 kW; nó

b. Tá ‘uaschumhacht’ bhíogach acu ar mó í ná 100 kW; nó

3. Tá aschur bíogach acu ag a bhfuil ‘fad bíge’ 10 µs nó níos lú ná sin; agus

a. Tá bíogfhuinneamh acu ar mó é ná 5 J sa bhíog agus tá ‘uaschumhacht’ acu ar mó í ná 2,5 kW; nó

b. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 2.5 kW;

b. Léasair leathsheoltóra mar a leanas:

1. ‘Léasair’ aonair leathsheoltóra aonmhóid thrasnaigh ar fíor ina leith aon cheann de na nithe seo a leanas:

a. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 100 mW; nó

b. Tonnfhad os cionn 1 050 nm;

2. ‘Léasair’ aonair leathsheoltóra ilmhóid thrasnaigh, nó eagair ‘léasar’ aonair leathsheoltóra, ag a bhfuil tonnfhad ar mó é ná 1 050 nm;

c. ‘Léasair’ rúibíní ag a bhfuil fuinneamh aschuir ar mó é ná 20 J sa bhíog;

d. ‘Léasair bhíogacha’ nach bhfuil ‘intiúnta’ ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 975 nm ach nach mó é ná 1 150 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. ‘Fad bíge’ atá cothrom le 1 ns nó ar mó é ná 1 ns ach nach mó é ná 1 μs, agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 12 % agus tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriallta bíge atá níos mó ná 1 kHz; nó

2. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 20 W; nó

b. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 18 % agus tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 30 W;

2. Tá ‘uaschumhacht’ acu ar mó í ná 200 MW; nó

3. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 50 W; nó

2. Tá ‘fad bíge’ acu ar mó é ná 1 μs, agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 12 % agus tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriallta bíge atá níos mó ná 1 kHz; nó

2. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 20 W; nó

b. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 18 % agus tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 30 W; nó

2. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 500 W;

e. ‘Léasair’ toinne leanúnaí nach bhfuil ‘intiúnta’, ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 975 nm ach nach mó é ná 1 150 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 12 % agus tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriallta bíge atá níos mó ná 1 kHz; nó

b. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 50 W; nó

2. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 18 % agus tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 30 W; nó

b. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 500 W;

*Nóta: Le X.A.IV.005.e.2.b, ní rialaítear ‘léasair’ ilmhóid thrasnaigh thionsclaíocha ag a bhfuil cumhacht aschuir ar lú í ná 2 kW agus mais iomlán ar mó í ná 1 200 kg. Chun críoch an nóta seo, áirítear leis an mais iomlán na comhpháirteanna uile is gá chun an ‘léasar’ a oibriú, e.g. an ‘léasar’, an soláthar cumhachta, an malartóir teasa, ach ní áirítear léi an optaic sheachtrach le haghaidh léasacha a chomhoiriúnú agus/nó a sheachadadh.*

f. ‘Léasair’ nach bhfuil ‘intiúnta’, ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 1 400 nm ach nach mó é ná 1 555 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá fuinneamh aschuir acu ar mó é ná 100 mJ sa bhíog agus tá ‘uaschumhacht’ bhíogach acu ar mó í ná 1 W; nó

2. Tá meánchumhacht aschuir nó cumhacht aschuir CW acu ar mó í ná 1 W;

g. ‘Léasair’ saorleictreon.

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.IV.005, is é an sainmhíniú atá ar ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ an cóimheas idir an chumhacht aschurtha ‘léasair’ (nó an ‘mheánchumhacht aschurtha’) agus an chumhacht ionchuir leictrigh iomlán a theastaíonn chun an ‘léasar’ a oibriú, lena n-áirítear an soláthar cumhachta/an comhoiriúnú agus an comhoiriúnú teirmeach/an malartóir teasa.*

X.A.IV.006 ‘Maighnéadaiméadair’, braiteoirí ‘Forsheoltacha’ leictreamaighnéadacha, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

a. ‘Maighnéadaiméadair’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, ag a bhfuil ‘íogaireacht’ is ísle (i.e. is fearr) ná 1,0 nT (luach FMC) in aghaidh an Hz fréimhe cearnaí.

*Nóta Teicniúil: Chun críocha X.A.IV.006.a., ciallaíonn ‘íogaireacht’ (an leibhéal torainn) fréamh mheán na gcearnóg de chuid an leibhéil gaireas-teoranta torainn arb é an comhartha is ísle is féidir a thomhas.*

b. Braiteoirí ‘forsheoltacha’ leictreamaighnéadacha, comhpháirteanna atá monaraithe as ábhair ‘fhorsheoltacha’:

1. Tá siad deartha chun oibriú ag teocht arb ísle í ná ‘teocht chriticiúil’ ceann amháin ar a laghad de na comhábhair ‘fhorsheoltacha’ (lena n-áirítear gairis éifeacht Josephson nó gairis ‘fhorsheoltacha’ trasnaíochta candamaí (SQUIDS);

2. Tá siad deartha chun éagsúlachtaí i réimsí leictreamaighnéadacha ag minicíochtaí 1 kHz nó níos lú a bhrath; agus

3. Ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. Ionchorpraítear leo SQUIDS tanascannáin ag a bhfuil íosmhéid tréithe ar lú í ná 2 μm agus ag a bhfuil ciorcaid chúplála ionchuir agus aschuir;

b. Tá siad deartha chun oibriú le sliúráta réimse mhaighnéadaigh ar mó é ná 1 x 106 candaim flosca mhaighnéadaigh in aghaidh an tsoicind;

c. Tá siad deartha chun feidhmiú gan sciathú maighnéadach i réimse maighnéadach timpeallach an domhain; nó

d. Tá comhéifeacht teochta acu ar lú é ná 0,1 candam flosca mhaighnéadaigh/K.

X.A.IV.007 Meá-mhéadair le haghaidh úsáid ar talamh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

a. Tá cruinneas statach acu is lú (i.e. is fearr) ná 100 μGal; nó

b. Tá siad de chineál na heiliminte grianchloiche (Worden).

X.A.IV.008 Córais, trealamh agus comhpháirteanna móra radair, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

a. Trealamh radair aerbheirthe, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh;

b. Trealamh radair ‘léasair’ ‘spáscháilithe’ nó trealamh Braite Solais agus Raonála (LIDAR) atá saindeartha le haghaidh na suirbhéireachta nó le haghaidh na breathnóireachta meitéareolaíche;

c. Córais íomháithe radair amhairc fheabhsaithe um thonnta miliméadair atá saindeartha le haghaidh árthaí sciathán rothlach agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Oibríonn siad ag minicíocht 94 GHz;

2. Tá meánchumhacht aschuir acu ar lú í ná 20 mW;

3. Céim amháin atá i leithead an léis radair; agus

4. Tá raon oibriúcháin acu atá cothrom le 1 500 m nó atá níos mó ná sin.

X.A.IV.009 Trealamh próiseála sonrach, mar a leanas:

a. Trealamh braite seismeach nach rialaítear le X.A.IV.009.c;

b. Ceamaraí teilifíse atá cruaite in aghaidh na radaíochta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó

c. Córais sheismeacha braite ionraidh lena mbraitear, lena n-aicmítear agus lena gcinntear an tionchar ar fhoinse an chomhartha a bhraitear.

X.B.IV.001 Trealamh, lena n-áirítear uirlisí, díslí, daingneáin nó tomhsairí, agus comhpháirteanna agus gabhálais eile atá saindeartha lena aghaidh, atá saindeartha nó modhnaithe chun aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

a. Chun na nithe seo a leanas a mhonarú nó a iniúchadh:

1. Inbhéartóir ‘léasair’ saorleictreon maighnéid;

2. Insteallairí ‘léasair’ saorleictreon grianghraif;

b. Chun réimse maighnéadach fadchearchaill na ‘léasar’ saorleictreon a chur in oiriúint do na lamháltais is gá.

X.C.IV.001 Snáithíní braite optúla atá modhnaithe ó thaobh struchtúir de chun ‘fad buille’ is ná 500 mm (dé-athraonadh ard) a bheith acu nó ábhair braiteoirí optúla nach dtugtar tuairisc orthu in 6C002.b([19]) agus ag a bhfuil cion since 6 % nó níos mó de réir an ‘mhólchodáin’.

[19] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.C.IV.001:*

*1) Sainmhínítear 'mólchodán' mar chóimheas mhóil ZnTe le suim mhóil CdTe agus ZnTe atá sa chriostal.*

*2) Is é 'fad buille' an t-achar nach mór do dhá chomhartha atá polaraithe go hortagánach dul, i gcomhphas ar dtús, chun pasdifríocht dhá raidian Pí a bhaint amach.*

X.C.IV.002 Ábhair optúla mar a leanas:

a. Ábhair optúla ionsúcháin ísil, mar a leanas:

1. Comhdhúile bulcfhluairíde ina bhfuil comhábhair ag a bhfuil íonacht 99,999 % nó níos fearr; nó

*Nóta: Le X.C.IV.002.a.1, rialaítear fluairídí siorcóiniam nó alúmanaim agus athraithigh.*

2. Gloine bhulcfhluairíde atá déanta as comhdhúile a rialaítear le 6C004.e.1([20]);

b. 'Réamhfhoirmeacha snáithín optúil' atá déanta as comhdhúile bulcfhluairíde ina bhfuil comhábhair ag a bhfuil íonacht 99,999 % nó níos fearr, atá 'saindeartha' chun 'snáithíní fluairíde' a rialaítear le X.A.IV.004.b a mhonarú.

[20] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.C.IV.002:*

*1) Is éard is 'snáithíní fluairíde' ann snáithíní arna monarú as comhdhúile bulcfhluairíde.*

*2) Is éard is 'réamhfhoirmeacha snáithín optúil' ann barraí, tinní, nó slata gloine, plaisteacha nó atá déanta as ábhair eile a sainphróiseáladh lena n-úsáid chun snáithíní optúla a dhéanamh. Is iad saintréithe na réamhfhoirmeacha a chinneann bunpharaiméadair na snáithíní optúla a fhaightear ón bpróiseas monaraíochta.*

X.D.IV.001 'Bogearraí', cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh 'forbairt', 'táirgeadh' nó 'úsáid' earraí a rialaítear le 6A002, 6A003([21]), X.A.IV.001, X.A.IV.006, X.A.IV.007, nó le X.A.IV.008.

X.D.IV.002 'Bogearraí' atá saindeartha le haghaidh 'forbairt' nó 'táirgeadh' trealaimh a rialaítear le X.A.IV.002, X.A.IV.004, nó le X.A.IV.005.

X.D.IV.003 'Bogearraí' eile, mar a leanas:

a. 'Cláir' d'fheidhmchláir 'bhogearraí' Rialaithe Aerthráchta (ATC) a óstaítear ar ríomhairí ilfheidhmeacha atá suite in ionaid Rialaithe Aerthráchta, agus a bhfuil ar a gcumas sonraí príomhúla sprice radair a thabhairt ar láimh go huathoibríoch (mura bhfuil siad comhghaolaithe le sonraí ó radar tánaisteach faireachais) ón ionad ATC óstach go hionad ATC eile;

b. 'Bogearraí' atá saindeartha le haghaidh córais braite ionraidh sheismigh in X.A.IV.009.c; nó

[21] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

c. ‘Cód foinse’ atá saindeartha le haghaidh córais braite ionraidh sheismigh in X.A.IV.009.c.

X.E.IV.001 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh atá faoi rialú X.A.IV.001, X.A.IV.006, X.A.IV.007, X.A.IV.008 nó X.A.IV.009.c ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

X.E.IV.002 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh, ábhair nó ‘bogearraí’ atá faoi rialú X.A.IV.002, X.A.IV.004, nó X.A.IV.005, X.B.IV.001, X.C.IV.001, X.C.IV.002, nó X.D.IV.003 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’.

X.E.IV.003 ‘Teicneolaíocht’ eile mar a leanas:

a. Teicneolaíochtaí don mhonarú optúil chun comhpháirteanna a tháirgeadh go sraitheach ag ráta is mó ná 10 $m^2$ d’achar dromchla in aghaidh na bliana ar aon fhearsaid shingil agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Limistéar atá níos mó ná 1 $m^2$; agus

2. Cuaire dromchla ar mó í ná λ/10 (rms) ag an tonnfhad dá ndearadh;

b. ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh scagairí optúla a bhfuil bandaleithead acu arb ionann é agus 10 nm nó ar lú ná sin é, réimse amhairc (FOV) ar mó í ná 40° agus taifeach ar mó é ná 0,75 péire líne in aghaidh an mhillearaidiain;

c. ‘Teicneolaíocht’ chun ceamaraí atá faoi rialú X.A.IV.003 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’;

d. ‘Teicneolaíocht’ atá riachtanach le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘táirgeadh’ ‘maighnéadaiméadar’ floscgheata neamh-thrí-aiseach nó córas ‘maighnéadaiméadair’ floscgheata neamh-thrí-aiseach, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. ‘Íogaireacht’ ar lú (ar fearr) í ná 0,05 nT (rms) in aghaidh na fréimhe cearnaí de heirts ag minicíochtaí ar lú iad ná 1 Hz; nó

2. ‘Íogaireacht’ ar lú (ar fearr) í ná 1 x $10^{-3}$nT (rms) in aghaidh na fréimhe cearnaí de heirts ag minicíochtaí 1 Hz nó ar mó iad ná sin.

e. ‘Teicneolaíocht’ atá riachtanach le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘tairgeadh’ gaireas uastiontúcháin infridhearg, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Freagairt i réimse an tonnfhaid ar mó í ná 700 nm ach nach mó í ná 1 500 nm; agus

2. Comhcheangal d’fhotabhraiteoir infridhearg, dé-óid astaithe solais (OLED) agus nanachriostal chun solas infridhearg a thiontú ina sholas infheicthe.

*Nóta Teicniúil: Chun críocha X.E.IV.003, ciallaíonn ‘íogaireacht’ (nó an leibhéal torainn) fréamh mheán na gcearnóg den leibhéal gaireas-teoranta torainn arb é an comhartha is ísle is féidir a thomhas é.*

Catagóir V – Loingseoireacht agus Eitleonaic

X.A.V.001 Trealamh teileachumarsáide aerbheirthe, gach córas loingseoireachta táimhe ‘aerárthaigh’, agus trealamh eitleonaice eile, lena n-áirítear comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

*Nóta 1: Ní rialaítear le X.A.V.001. ceannfhearais ná micreafóin.*

*Nóta 2: Ní rialaítear le X.A.VI.001.j. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

X.B.V.001 Trealamh eile atá saindeartha chun trealamh loingseoireachta nó eitleonaice a thástáil, a iniúchadh nó a ‘tháirgeadh’.

X.D.V.001 ‘Bogearraí’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh loingseoireachta, trealaimh teileachumarsáide aerbheirthe agus trealaimh eitleonaice eile.

X.E.V.001 ‘Teicneolaíocht’, cé is moite di sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh loingseoireachta, trealaimh teileachumarsáide aerbheirthe agus trealaimh eitleonaice eile.

Catagóir VI – Cúrsaí Muirí

X.A.VI.001 Soithí, córais nó trealamh muirí, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, comhpháirteanna agus gabhálais, mar a leanas:

a. Córais radhairc faoi uisce, mar a leanas:

1. Córais teilifíse (ina bhfuil ceamaraí, solais, trealamh monatóireachta agus tarchurtha comharthaí) a bhfuil taifeach teorannach is mó ná 500 líne agus é á thomhas san aer agus atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun gur féidir iad a chianoibriú le feithicil intumtha; nó

2. Ceamaraí teilifíse faoi uisce a bhfuil taifeach teorannach acu ar mó é ná 700 líne agus é á thomhas san aer;

*Nóta Teicniúil: I réimse na teilifíse, is éard atá sa 'taifeach teorannach' tomhas de thaifeach cothrománach a chuirtear in iúl, de ghnáth, i dtéarmaí uaslíon na línte in aghaidh airde an phictiúir mar a léirítear ar chairt tástála é, i gcomhréir le Caighdeán IEEE 208/1960 nó le haon chaighdeán coibhéiseach eile.*

b. Ceamaraí grianghrafadóireachta socair atá saindeartha nó sainmhodhnaithe lena n-úsáid faoi uisce, a bhfuil formáid scannáin 35 mm nó níos mó acu, agus a bhfuil uathfhócasú nó cianfhócasú acu atá 'saindeartha' le haghaidh úsáidte faoi uisce;

c. Córais solais stróbascópacha, atá saindeartha nó sainmhodhnaithe lena n-úsáid faoi uisce, ar córais iad ar féidir dóibh fuinneamh solais is mó ná 300 giúl (J) in aghaidh na splaince a aschur;

d. Trealamh ceamara eile le haghaidh úsáid faoi uisce, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

e. Coirí muirí atá deartha chun aon cheann de na tréithe seo a leanas a bheith acu:

1. Ráta scaoilte teasa (ag an rátáil uasta) atá cothrom le nó níos mó ná 1 966,4 kW/$m^3$ de thoirt na foirnéise; nó

2. An cóimheas idir an ghal a ghintear i gcileagraim in aghaidh na huaire (ag an rátáil uasta) agus meáchan tirim an choire i gcileagraim atá cothrom le nó níos mó ná 37,6.;

f. Soithí (dromchla nó fo-uisce), lena n-áirítear báid inséidte, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

*Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.f soithí atá ar cónaí go sealadach, a úsáidtear le haghaidh iompar príobháideach nó chun paisinéirí nó earraí a iompar ó chríocha custaim an Aontais nó tríothu.*

g. Innill mhuirí (lena n-áirítear innill istigh agus innill transaim) agus innill fomhuireán agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

h. Gairis neamhspleácha análaithe (trealamh scúba) agus gabhálais lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

i. Seaicéad tarrthála, cartúis aershéidte, compáis tumadóireachta, agus ríomhairí tumadóireachta;

*Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.i. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

j. Soilsí faoi uisce agus trealamh tiomána faoi uisce; nó

*Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.j. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

k. Comhbhrúiteoirí aeir agus córais scagacháin atá saindeartha chun sorcóirí aeir a líonadh.

X.D.VI.001 ‘Bogearraí’ atá saindeartha nó atá sainmhodhnaithe le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.A.VI.001.

X.D.VI.002 ‘Bogearraí’ atá saindeartha chun feithiclí intumtha gan foireann a oibriú, ar feithiclí iad a úsáidtear sa tionscal ola agus gáis.

1. *'Is éard atá i gceist le cinnteoireacht uathoibrithe cumas an trealaimh pléascáin nó maidhmitheoirí a bhrath ar leibhéal íogaireachta an deartha nó an oibreora atá roghnaithe agus aláram uathoibrithe a sholáthar nuair a bhraitear pléascáin nó maidhmitheoirí ag an leibhéal íogaireachta nó os a chionn.*

2. *Ní rialaítear leis an iontráil seo trealamh atá ag brath ar léirmhíniú an oibreora ar thascairí amhail mapáil datha neamhorgánach/orgánach na n-ítimí atá á scanadh.*

3. *Áirítear le pléascáin agus maidhmitheoirí lánáin agus gairis tráchtála a rialaítear le X.C.VIII.004 agus X.C.IX.006 agus ábhair fuinneamhachais a rialaítear le 1C011, 1C111 agus 1C239([30]).*

X.A.X.002 Trealamh braite nithe ceilte a oibríonn sa raon minicíochta ó 30 GHz go 3 000 GHz agus ag a bhfuil taifeach spásúil de 0.1 mrad (millearaidian) suas go dtí 1 mrad (millearaidian) agus an taifeach sin san áireamh, ag achar scóipe de 100 m; agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

*Nóta: Áirítear le trealamh braite nithe ceilte trealamh chun daoine, doiciméid, bagáiste, earraí pearsanta eile, lasta agus/nó post a scagadh, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin.*

[30] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

*Nóta Teicniúil:*

Is éard atá i gceist le raon na minicíochtaí an raon a mheastar de ghnáth mar na réigiúin minicíochtaí toinne milliméadair, toinne fo-mhilliméadair agus teiriheirts.

X.A.X.003 Imthacaí agus córais imthacaí nach rialaítear le 2A001 (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Imthacaí gránacha nó imthacaí gránacha soladacha, ag a bhfuil lamháltais atá sonraithe ag an monaróir i gcomhréir le ABEC 7, ABEC 7P, nó ABEC 7T nó Aicme 4 de Chaighdeán ISO nó níos fearr (nó a gcoibhéisí) agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas;

1. Monaraítear iad lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin atá os cionn 573 K (300°C) trí ábhair speisialta a úsáid nó trí theaschóireáil speisialta; nó

2. Tá eilimintí bealaithe nó modhnuithe comhpháirteanna acu atá saindeartha, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chun go mbeidh na himthacaí in ann oibriú ag luasanna ar mó iad ná 2.3 milliún ’DN’;

b. Imthacaí rollacha barrchaolaithe soladacha, ag a bhfuil lamháltais atá sonraithe ag an monaróir i gcomhréir le hAicme 00 (orlach) nó Aicme A (méadrach) ANSI/AFBMA nó níos fearr (nó a gcoibhéisí) agus ag a bhfuil ceachtar de na saintréithe seo a leanas:

1. Tá eilimintí bealaithe nó modhnuithe comhpháirteanna acu atá saindeartha, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chun go mbeidh na himthacaí in ann oibriú ag luasanna ar mó iad ná 2.3 milliún ’DN’; nó

2. Monaraítear iad lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin faoi bhun 219 K (-54 C) nó os cionn 423 K (150°C);

c. Imthaca scragaill gásbhealaithe a mhonaraítear lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin de 561 K (288 C) nó níos airde agus ag a bhfuil acmhainn aonadlasta ar mó í ná 1 Mpa;

d. Córais imthacaí mhaighnéadacha ghníomhacha;

e. Imthacaí féinailínithe fabraiclíneáilte nó imthacaí sleamhnáin siurnail fabraiclíneáilte a mhonaraítear lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin faoi bhun 219 K (-54 C) nó os cionn 423 K (150 C).

*Nótaí Teicniúla*:

*1. Is toradh é 'DN' ar thrastomhas cró an imthaca in mm agus ar threoluas rothlach an imthaca in rpm.*

*2. Áirítear le teochtaí oibriúcháin na teochtaí sin a fhaightear nuair a stopann inneall gástuirbín tar éis oibriú.*

X.A.X.004 Píobánra, feistis agus comhlaí atá déanta as cóimhiotal copair-nicile dosmálta nó as cruach cóimhiotail eile, nó líneáilte leo, ina bhfuil 10 % nó níos mó de nicil agus/nó de chróimiam:

a. Brúfheadán, píopa agus feistis ag a bhfuil trastomhas inmheánach arb ionann é agus 200 mm nó ar mó é ná sin, agus atá oiriúnach chun oibriú ag brúnna de 3.4 MPa nó níos mó;

b. Comhlaí píopa ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas nach rialaítear le 2B350.g([31]):

1. Tá cónasc píopamhéide acu ag a bhfuil trastomhas inmheánach arb ionann é agus 200 mm nó ar mó é ná sin; agus

2. Tá siad rátaithe ag 10.3 MPa nó níos mó.

*Nótaí*:

*1. Féach X.D.X.005 le haghaidh bogearraí le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.*

*2. Féach 2E001 (‘forbairt’), 2E002 (‘táirgeadh’), agus X.E.X.003 (‘úsáid’) le haghaidh teicneolaíocht le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.*

*3. Féach rialuithe gaolmhara 2A226, 2B350 agus X.B.X.010.*

X.A.X.005 Caidéil atá deartha chun miotail leáite a bhogadh le fórsaí leictreamaighnéadacha.

*Nótaí:*

*1. Féach X.D.X.005 le haghaidh bogearraí le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.*

*2. Féach 2E001 (‘forbairt’), 2E002 (‘táirgeadh’), agus X.E.X.003 (‘úsáid’) le haghaidh teicneolaíocht le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.*

*3. Caidéil lena n-úsáid in imoibreoirí leachtmhiotail fuaraithe, rialaitear iad le 0A001.*

[31] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.A.X.006 ‘Gineadóirí leictreacha iniompartha’ agus comhpháirteanna atá saindeartha.

*Nóta Teicniúil:*

*‘Gineadóirí leictreacha iniompartha’ — Tá na gineadóirí atá in X.A.X.006 iniompartha — 2 268 kg nó níos lú ar rothaí nó inaistrithe i dtrucail 2,5 tona gan ceanglas socraithe speisialta.*

X.A.X.007 Trealamh próiseála sonrach, seachas iad siúd a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

a. Comhlaí séalaithe boilg;

b. Ní úsáidtear.

X.B.X.001 ‘Imoibreoirí sreafa leanúnaigh’ agus a ‘gcomhpháirteanna modúlacha’.

*Nótaí Teicniúla*:

1. *Chun críocha X.B.X.001, is éard atá in ‘imoibreoirí sreafa leanúnaigh’ córais mhearshuiteála ina mbíonn imoibreáin á gcur isteach san imoibreoir go leanúnach agus bailítear an táirge a bhíonn mar thoradh air sin ag an asraon.*

2. *Chun críocha X.B.X.001, is éard atá i ‘gcomhpháirteanna modúlacha’ modúil sreabhacha, caidéil leachta, comhlaí, modúil túir phacáilte, modúil mheasctha, brúthomhaiseoirí, deighilteoirí leachta-leachta, etc.*

X.B.X.002 Cóimeálaithe agus sintéiseoirí aigéid núicléasaigh nach rialaítear le 2B352.i, atá uathoibrithe go páirteach nó go hiomlán, agus atá deartha chun aigéid núicléasacha ar mó iad ná 50 bun a ghiniúint.

X.B.X.003 Sintéiseoirí peiptíde uathoibrithe atá ábalta oibriú faoi dhálaí atmaisféir rialaithe.

X.B.X.004 Aonaid rialaithe uimhriúil le haghaidh meaisín-uirlisí agus meaisín-uirlisí 'a rialaítear go huimhriúil', cé is moite díobh siúd a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821 (féach an Liosta Ítimí Rialaithe):

a. Aonaid 'rialaithe uimhriúil' do mheaisín-uirlisí:

1. Ceithre ais idirshuíomhacha ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe; nó

2. Tá dhá cheann nó níos mó d'aiseanna idirshuíomhacha acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe agus tá incrimint íosta in-ríomhchláraithe acu ar fearr (ar lú) í ná 0,001 mm;

3. Aonaid 'rialaithe uimhriúil' le haghaidh meaisín-uirlisí ag a bhfuil dhá ais, trí ais nó ceithre ais idirshuíomhacha ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe, agus iad in ann sonraí dearaidh ríomhchuidithe (DRC) a fháil go díreach (ar líne) agus a phróiseáil le haghaidh treoracha meaisín a ullmhú go hinmheánach; nó

b. Cláir rialaithe gluaisne atá saindeartha do mheaisín-uirlisí agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Idirshuíomh i níos mó ná ceithre ais;

2. An cumas próiseáil fíor-ama a dhéanamh ar shonraí chun conair na huirlise, an ráta fothaithe agus sonraí fearsaidí a mhodhnú, le linn na hoibríochta meaisínithe, trí aon cheann díobh seo a leanas:

a. Ríomh agus modhnú uathoibríoch sonraí páirtchláir le haghaidh meaisínithe in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna trí bhíthin timthriallta tomhais agus rochtain ar shonraí foinseacha; nó

b. Rialú oiriúnaitheach ag a bhfuil níos mó ná athróg fhisiceach amháin arna tomhas agus arna próiseáil le samhail ríomhaireachta (straitéis) chun ceann amháin nó níos mó de na treoracha meaisínithe a athrú chun an próiseas a bharrfheabhsú; nó

3. An cumas sonraí DRC a fháil agus a phróiseáil chun treoracha meaisín a ullmhú go hinmheánach;

c. Meaisín-uirlisí 'rialaithe uimhriúil' ar féidir iad a fheistiú, de réir shonraíochtaí teicniúla an mhonaróra, le feistí leictreonacha chun comhrianú comhuaineach a rialú in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna agus a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu:

1. Dhá cheann d'aiseanna nó níos mó ná sin ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe; agus

2. Cruinnis aimsithe suímh de réir ISO 230/2 (2006), agus gach cúiteamh ar fáil:

a. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní meilte;

b. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní muilleála; nó

c. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní deilte; nó

d. Meaisín-uirlisí, mar a leanas, chun miotail, ceirmigh nó comhchodaigh a bhaint nó a ghearradh, ar féidir, de réir shonraíochtaí teicniúla an mhonaróra, feistí leictreonacha a fheistiú orthu le haghaidh comhrianú comhuaineach a rialú in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna:

1. Meaisín-uirlisí deilte, meilte, muilleála nó aon chomhcheangal díobh sin, a bhfuil dhá cheann nó níos mó d'aiseanna acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach chun comhrianú a rialú agus ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. 'Fearsaid claoine' amháin nó níos mó ná sin;

*Nóta: Ní bhaineann X.B.X.004.d.1.a. ach le meaisín-uirlisí meilte nó muilleála amháin.*

b. ‘Ceamáil’ (díláithriú aise) in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) é ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0.0006 mm;

*Nóta: Ní bhaineann X.B.X.004.d.1.b. ach le meaisín-uirlisí deilte amháin.*

c. ‘Díláithriú gathach’ in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) é ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0.0006 mm; nó

d. Tá na ‘cruinnis aimsithe suímh’, agus gach cúiteamh atá ar fáil, níos lú (níos fearr) ná: 0,001° ar aon ais rothlach;

2. Meaisíní díluchtaithe leictreacha (EDM) den chineál fotha sreinge a bhfuil cúig ais nó níos mó acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach le haghaidh rialú comhrianaithe.

X.B.X.005 Meaisín-uirlisí ‘nach rialaítear go huimhriúil’ le haghaidh dromchlaí ardchaighdeáin optúla a ghiniúint, (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe) agus comhpháirteanna a dheartar go speisialta ina leith:

a. Meaisíní deilte lena n-úsáidtear uirlis gearrtha aonphointe agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Tá cruinneas aimsithe suímh sleamhnáin acu ar lú (níos fearr) é ná 0.0005 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;

2. Tá in-atrialltacht suímh sleamhnáin déthreoch acu ar lú (níos fearr) é ná 0,00025 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;

3. Is lú (níos fearr) ‘díláithriú gathach’ agus ‘ceamáil’ na fearsaide ná 0,0004 mm (TIR);

4. Is lú (níos fearr) diall uilleach ghluaiseacht an tsleamhnaithe (luascáil, claonadh agus rolladh) ná 2 shoicind den stua, TIR, thar thaisteal iomlán; agus

5. Ingearacht sleamhnáin ar lú (níos fearr) é ná 0,001 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;

*Nóta Teicniúil*:

*Is éard atá in in-atrialltacht suímh sleamhnáin dhéthreoch (R) d’ais uasluach in-atrialltachta an tsuí ag aon suíomh ar feadh na haise nó timpeall na haise a chinntear trí úsáid a bhaint as an nós imeachta agus faoi na coinníollacha a shonraítear i gcuid 2.11 de ISO 230/2: 1988.*

b. Meaisíní eangúcháin ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:

1. Is lú (níos fearr) ‘íláithriú gathach’ agus ‘ceamáil’ na fearsaide acu ná 0,0004 mm TIR; agus

2. Is lú (níos fearr) diall uilleach ghluaiseacht an tsleamhnaithe (luascáil, claonadh agus rolladh) ná 2 shoicind den stua, TIR, thar thaisteal iomlán.

X.B.X.006 Meaisínre déanta agus/nó bailchríche giaranna nach rialaítear le 2B003 atá in ann giaranna a tháirgeadh go leibhéal cáilíochta ar fearr é ná AGMA 11.

X.B.X.007 Córais nó trealamh iniúchta nó tomhaiste toisí nach rialaítear le 2B006 ná 2B206, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe):

a. Meaisíní iniúchta toisí de láimh, ar fíor ina leith an dá shaintréith seo a leanas:

1. Tá dhá cheann nó níos mó d'aiseanna acu; agus

2. Neamhchinnteacht tomhais arb ionann í agus (3 + F/300) µm nó ar lú (níos fearr) ná sin í in aon ais (is é F an fad arna thomhas ina mm).

X.B.X.008 'Róbait' nach rialaítear le 2B007 nó 2B207 a bhfuil ar a gcumas faisnéis aiseolais a úsáid i bpróiseáil fíor-ama ó bhraiteoir amháin nó níos mó chun ríomhchláir a ghiniúint nó a mhodhnú nó sonraí uimhriúla ríomhchlár a ghiniúint nó a mhodhnú.

X.B.X.009 Cóimeálacha, cláir chiorcad nó ionsáiteáin atá saindeartha do mheaisín-uirlisí a rialaítear le X.B.X.004, nó do threalamh a rialaítear le X.B.X.006, X.B.X.007 nó X.B.X.008:

a. Cóimeálacha fearsaidí arb é atá iontu fearsaidí agus imthacaí mar chóimeáil íosta, agus gluaisne aise ghathach ("díláithriú gathach") nó aiseach ("ceamáil") acu in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) í ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0,0006 mm;

b. Ionsáiteáin uirlisí gearrtha diamantphointe aonair, ar fíor ina leith gach ceann de na saintréithe a leanas:

1. Faobhar uirlise saor ó shlisíní agus gan cháim fiú agus é formhéadaithe 400 uair i ngach treo;

2. Ga gearrtha ó 0,1 go 5 mm go huile; agus

3. Is lú (níos fearr) ná 0,002 mm TIR an ga gearrtha ó thaobh mhíchruinneas an gha de.

c. Cláir chiorcad phriontáilte a shaindeartar agus a bhfuil comhpháirteanna feistithe iontu a bhfuil ar a gcumas aonaid "rialaithe uimhriúil", meaisín-uirlisí nó feistí aisfhotha a uasghrádú, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chuig na leibhéil a shonraítear in X.B.X.004, X.B.X.006, X.B.X.007, X.B.X.008, nó X.B.X.009.

*Nóta Teicniúil*:

*Ní rialaítear leis an iontráil seo córais thrasnamhéadair tomhais, gan aisfhothú iata ná aisfhothú lúb oscailte, ina bhfuil léasar chun earráidí gluaisne sleamhnáin a thomhas i meaisín-uirlisí, i meaisíní iniúchta toisí, nó i dtrealamh comhchosúil.*

X.B.X.010 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

a. Preasanna iseastatacha, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;

b. Trealamh monaraithe boilg, lena n-áirítear trealamh foirmithe hiodrálaigh agus díslí foirmithe boilg;

c. Meaisíní táthúcháin léasair;

d. Táthairí MIG;

e. Táthairí leictreonléis;

f. Trealamh Monal, lena n-áirítear comhlaí, píobánra, umair agus soithí;

g. 304 agus 316 chomhla cruach dosmálta, píobánra, umair agus soithí;

*Nóta: Meastar gur cuid de phíobánra iad feistis chun críocha X.B.X.010.g.*

h. Trealamh mianadóireachta agus druileála, mar a leanas:

1. Trealamh tollta mór atá in ann poill ar mó iad ná 61 cm ar trastomhas a dhruileáil;

2. Trealamh mór cré-ghluaiseachta a úsáidtear sa tionscal mianadóireachta;

i. Trealamh leictreaphlátála atá deartha chun páirteanna a bhratú le nicil nó alúmanam;

j. Caidéil atá deartha le haghaidh seirbhís thionsclaíoch agus lena n-úsáid le mótar leictreach de 5 each-chumhacht nó níos mó;

k. Comhlaí folúis, píobánra, feirí, gaiscéid agus trealamh gaolmhar a shaindeartar lena n-úsáid i seirbhís ardfholúis, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;

l. Meaisíní foirmithe guairne agus sreafa , cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;

m. Meaisíní ilphlánacha lártheifeacha cothromaithe, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó

n. Pláta cruach dhosmálta ástainíteach, comhlaí, píobánra, umair agus soithí.

X.B.X.011 Cochaill eastarraingthe atá feistithe ar an urlár (de chineál siúil isteach) a bhfuil leithead ainmniúil íosta 2,5 méadar acu.

X.B.X.012 Caibinéid bithsházbháilteachta agus boscaí lámhainní d'Aicme II.

X.B.X.013 Lártheifneoirí baisce ag a bhfuil toilleadh rótair 4 lítear nó níos mó, atá inúsáidte le hábhair bhitheolaíocha.

X.B.X.014 Soithigh choipthe ag a bhfuil toirt inmheánach 10–20 lítear, atá inúsáidte le hábhair bhitheolaíocha.

X.B.X.015 Soithí imoibriúcháin, imoibreoirí, teasmhalartóirí, comhdhlúthadáin, caidéil (lena n-áirítear caidéil ar a bhfuil séala amháin), comhlaí, umair stórála, coimeádáin, glacadóirí, agus colúin driogtha nó ionsúcháin a chomhlíonann paraiméadair feidhmíochta an rialaithe 2B350(32) , gan beann ar a n-ábhair tógála.

32 Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

*Nóta: Chun críoch rialú X.B.X.015, ní áirítear comhlaí pluiméireachta ná umair stórála a bhfuil toirt inmheánach (geoiméadrach) iomlán acu ar lú í ná 1 $m^3$ (1 000 lítear) atá deartha le haghaidh uisce tí nó córais gáis.*

X.B.X.016 Seomraí aeir ghlain ina bhfuil aershreabhadh traidisiúnta nó suaite agus aonaid aerála fhéinchuimsitheacha ag a bhfuil scagaire HEPA a fhéadfar a úsáid le haghaidh saoráidí srianta P3 nó P4 (BSL 3, BSL 4, L3, L4).

X.B.X.017 Caidéil folúis a bhfuil ráta sreafa sonraithe an mhonaróra acu ar mó é ná 1 m3/h (faoi chúinsí caighdeánacha teochta agus brú), cásálacha (coirp chaidéil), líneálacha cásála réamhfhoirmithe, rótair, agus soic de chuid caidéal scairde atá deartha do na caidéil sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis na ceimiceáin atá á bpróiseáil déanta as ábhair rialaithe.

X.B.X.018 Trealamh saotharlainne, lena n-áirítear páirteanna agus gabhálais don trealamh sin, chun substaintí ceimiceacha a anailísiú nó a bhrath, ar bhealach scriosach nó neamhscriosach.

X.B.X.019 Cealla leictrealaithe clór-alcaile iomlána – mearcair, spiara, agus scannán.

X.B.X.020 Leictreoidí tíotáiniam (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.021 Leictreoidí nicile (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.022 Leictreoidí nicile tíotáiniam dépholacha (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

| | |
|---|---|
| X.B.X.023 | Spiaraí aispeiste atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile. |
| X.B.X.024 | Spiaraí bunaithe ar fhluarapholaiméirí atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile. |
| X.B.X.025 | Scannáin ianmhalartaithe bunaithe ar fhluarapholaiméirí atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile. |
| X.B.X.026 | Comhbhrúiteoirí atá saindeartha chun clóirín fliuch nó tirim a chomhbhrú, gan beann ar ábhar tógála. |
| X.B.X.027 | Imoibreoirí micreathonnacha – Innealra, gléasra nó trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, le haghaidh cóireáil ábhar trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta amhail téamh. |
| X.D.X.001 | “Bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh a rialaítear le X.A.X.001 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid”. |
| X.D.X.002 | “Bogearraí” atá “riachtanach” chun trealamh braite réad ceilte a rialaítear le X.A.X.002 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid”. |
| X.D.X.003 | “Bogearraí” atá saindeartha le haghaidh trealamh a rialaítear le X.B.X.004, X.B.X.006, nó X.B.X.007, X.B.X.008, agus X.B.X.009 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’. |

X.D.X.004 “Bogearraí” sonracha, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe):

a. “Bogearraí” chun rialú oiriúnaitheach a sholáthar agus ar fíor ina leith an dá thréith seo a leanas:

1. I gcás aonaid mhonaraíochta sholúbtha (FMUanna); agus

2. Tá ar a gcumas cláir nó sonraí a ghiniúint nó a mhodhnú, i bpróiseáil fíor-ama, trí úsáid a bhaint as na comharthaí a fhaightear go comhuaineach trí bhíthin dhá theicníc braite ar a laghad, amhail:

a. Fís an mheaisín (raonáil optúil);

b. Íomháú infridhearg;

c. Íomháú fuaimiúil (raonáil fuaimiúil);

d. Tomhas tadhlach;

e. Suí támhúil;

f. Tomhas fórsa; agus

g. Tomhas casmhóiminte.

*Nóta: Ní rialaítear le X.D.X.004.a ‘bogearraí’ nach ndéanann ach athsceidealú ar threalamh lena mbaineann feidhm chomhionann laistigh ‘d’aonaid mhonaraíochta sholúbtha’ trí pháirtchláir réamhstóráilte agus straitéis réamhstóráilte a úsáid le haghaidh na páirtchláir a dháileadh.*

b. Ní úsáidtear.

X.D.X.005 “Bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh a rialaítear le X.A.X.004 nó X.A.X.005 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’.

*Nóta: Féach 2E001 (‘forbairt’) maidir le ‘teicneolaíocht’ maidir le ‘bogearraí’ a rialaítear faoin iontráil seo.*

X.D.X.006 “Bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun gineadóirí leictreacha iniompartha a rialaítear le X.A.X.006 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’.

X.E.X.001 “Teicneolaíocht” atá “riachtanach” chun trealamh atá rialaithe ag X.A.X.002 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’ nó atá “riachtanach” chun “bogearraí” a rialaítear le X.D.X.002 “a fhorbairt”.

*Nóta: Féach X.A.X.002 agus X.D.X.002 maidir le rialuithe gaolmhara tráchtearraí agus ‘bogearraí’.*

X.E.X.002 “Teicneolaíocht” chun trealamh a rialaítear le X.B.X.004, X.B.X.006, X.B.X.007, nó X.B.X.008 a “úsáid’.

X.E.X.003 “Teicneolaíocht” de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht chun trealamh a rialaítear le X.A.X.004 nó X.A.X.005 “a úsáid’.

X.E.X.004 “Teicneolaíocht” chun gineadóirí leictreacha iniompartha a rialaítear le X.A.X.006 a “úsáid’.

Cuid B

1. Gairis leathsheoltóra

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8541 10 | Dé-óidí, seachas dé-óidí fótamhothálacha nó dé-óidí astaithe solais (LED) |
| 8541 21 | Trasraitheoirí, seachas trasraitheoirí fótamhothálacha ag a bhfuil ráta ídithe is lú ná 1 W |
| 8541 29 | Trasraitheoirí eile, seachas trasraitheoirí fótamhothálacha |
| 8541 30 | Tíreastóirí, DIACanna agus TRIACanna (seachas gairis leathsheoltóra fhótamhothálacha) |
| 8541 49 | Gléasanna leathsheoltóra fótamhothálacha (seachas gineadóirí agus cealla fótavoltacha) |
| 8541 51 | Gairis leathsheoltóra eile: Trasduchtóirí bunaithe ar leathsheoltóir |
| 8541 59 | Gairis leathsheoltóra eile |
| 8541 60 | Criostail phísileictreacha shuite |
| 8541 90 | Gairis leathsheoltóra: Páirteanna |

2. Ciorcaid leictreonacha iomlánaithe, trealamh monaraíochta agus tástála

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 3818 00 | Dúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic, i bhfoirm dioscaí, nó sliseog nó i bhfoirmeacha comhchosúla; comhdhúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic |
| 8486 10 | Meaisíní agus gléasra le haghaidh peileanna nó sliseoga a dhéanamh |
| 8486 20 | Meaisíní agus gléasra le haghaidh gairis leathsheoltóirí nó ciorcaid leictreonacha chomhtháite a dhéanamh |
| 8486 40 | Meaisíní agus gléasra a shonraítear i nóta 11(C) a ghabhann leis an gcaibidil seo |
| 8534 00 | Ciorcaid phriontáilte |
| 8537 10 | Cláir, painéil, consóil, deasca, caibinéid agus boinn eile, atá feistithe le dhá ghaireas nó níos mó atá faoi cheannteideal 8535 nó 8536, le haghaidh rialú leictreach nó dáileadh leictreachais, iad siúd a bhfuil uirlisí nó gairis faoi Chaibidil 90 mar chuid díobh san áireamh, agus gairis rialaithe uimhriúil, seachas gairis lasctha faoi cheannteideal 8517 le haghaidh voltas nach mó ná 1 000 V |
| 8542 31 | Próiseálaithe agus rialaitheoirí, bídís comhcheangailte le cuimhní, tiontairí, ciorcaid loighce, aimplitheoirí, ciorcaid chloig agus tomhais ama, nó ciorcaid eile nó ná bídís |
| 8542 32 | Cuimhní |
| 8542 33 | Aimplitheoirí |
| 8542 39 | Ciorcaid Leictreonacha Iomlánaithe Eile |
| 8542 90 | Ciorcaid leictreonacha iomlánaithe: Páirteanna |
| 8543 20 | Gineadóirí comharthaí |
| 9027 50 | Uirlisí agus gléasra eile ina bhfuil radaíocht optúil (UV, infheicthe, IR) in úsáid iontu) |
| 9030 20 | Ascalascóip agus ascalagraif |
| 9030 32 | Ilmhéadair ina bhfuil gaireas taifeadta |
| 9030 39 | Ionstraimí agus gaireas chun voltas, sruth, friotaíocht nó cumhacht leictreach a thomhas nó a sheiceáil ina bhfuil gaireas taifeadta |
| 9030 82 | Ionstraimí agus gléasra chun sliseoga nó gairis leathsheoltóra a thomhas nó a sheiceáil |

3. Ceamaraí fótagrafacha, braiteoirí agus comhpháirteanna optúla

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8525 89 | Ceamaraí teilifíse, ceamaraí digiteacha agus fístaifeadáin cheamara eile |
| 8529 90 | Páirteanna eile atá oiriúnach le húsáid leis an ngléasra atá faoi cheannteidil 8524 go dtí 8528 |
| 9006 30 | Ceamaraí atá deartha go speisialta le húsáid faoin uisce, le haghaidh aershuirbhéireachta nó le haghaidh scrúdú máinliachta nó míochaine orgán inmheánach; ceamaraí comparáideacha chun críoch fóiréinseach nó coireolaíochta |
| 9006 91 | Páirteanna agus gabhálais le haghaidh ceamaraí |
| 9013 10 | Treoracha teileascóip le feistiú ar ghéaga; peireascóip; teileascóip arna ndearadh mar chuid d'innill, fearais, ionstraimí nó gaireas den chaibidil seo nó de Roinn XVI |
| 9013 80 | Gairis, fearais agus uirlisí optúla eile |
| 9025 19 | Teirmiméadair agus piriméadair eile nach bhfuil comhcheangailte le huirlisí eile |
| 9032 10 | Teirmeastait |

4. Comhpháirteanna leictreacha/maighnéadacha eile

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8501 32 | Mótair SD agus gineadóirí SD ar mó a n-aschur ná 750 W ach nach mó a n-aschur ná 75 kW (gan gineadóirí fótavoltacha a áireamh) |
| 8504 31 | Claochladáin a bhfuil acmhainn láimhseála cumhachta iontu nach mó ná 1 kVA (gan claochladáin thréleictreacha leachta a áireamh) |
| 8504 40 | Tiontairí statacha |
| 8505 11 | Buanmhaighnéid agus earraí ceaptha le bheith ina mbuanmhaighnéid tar éis iad a mhaighnéadú; de mhiotal |
| 8529 10 | Aeróga agus frithchaiteoirí aeróige de gach cineál; páirteanna atá oiriúnach le húsáid leo |
| 8532 21 | Toilleoirí seasta eile tantalaim |
| 8532 22 | Toilleoirí leictreacha seasta leictrealaíocha alúmanaim (gan toilleoirí cumhachta a áireamh) |
| 8532 24 | Toilleoirí ilsraitheacha tréleictreacha ceirmeacha |
| 8533 21 | Friotóirí leictreacha seasta le haghaidh toilleadh láimhseála cumhachta nach mó ná 20 W (gan friotóirí téimh, agus friotóirí seasta carbóin a áireamh) |
| 8533 40 | Friotóirí inathraithe leictreacha, lena n-áirítear réastait agus poitéinsiméadair (gan friotóirí inathraithe sreangthochraiste agus friotóirí téimh a áireamh) |
| 8536 41 | Athsheachadáin, le haghaidh voltas nach mó ná 60 V |
| 8536 49 | Athsheachadáin le haghaidh voltas is mó ná 60 V ach nach mó ná 1 000 V |
| 8536 50 | Lasca eile |
| 8536 69 | Plocóidí agus soicéid |
| 8536 90 | Gléasra eile le haghaidh ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó le haghaidh naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (mar shampla, lasca, athsheachadáin, fiúsanna, coscaire tintrí, plocóidí, soicéid, coinneálaithe lampa agus nascóirí eile, comhchumair), le haghaidh voltas nach mó ná 1 000 V; nascóirí le haghaidh snáithíní optúla, cuacha snáithíní optúla nó cáblaí |
| 8543 70 02 | Aimplitheoirí micreathonnacha |
| 8543 70 04 | Taifeadáin sonraí eitilte dhigiteacha |
| 8543 70 30 | Aimplitheoirí aeróige |
| 8548 00 | Páirteanna leictreacha d'innealra nó de ghléasra, nach bhfuil sonraithe ná áirithe aon áit eile i gCaibidil 85 |

5. Meaisín-uirlisí, trealamh chun breiseáin a mhonarú, agus nithe gaolmhara

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8205 59 80 | Uirlisí láimhe, lena n-áirítear diamaint na ngloineadóirí, gan uirlisí tí a áireamh, agus uirlisí saor cloch, uirlisí múnlóirí agus oibrithe stroighne, uirlisí pláistéirí agus péintéirí |
| 8456 11 | Meaisín-uirlisí chun aon ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint, a oibrítear le léasair |
| 8457 10 | Ionaid meaisínithe chun miotal a oibriú |
| 8458 11 | Deileanna cothrománacha, lena n-áirítear ionaid deileadóireachta, le miotal a bhaint, arna rialú go huimhriúil |
| 8458 91 | Deileanna eile, arna rialú go huimhriúil |
| 8459 61 | Meaisíní muilleála, arna rialú go huimhriúil |
| 8466 10 | Coinneálaithe uirlise d'aon chineál uirlise le haghaidh oibriú i ngreim láimhe agus do mheaisín-uirlisí; cinn dísle féinoscailte |
| 8466 93 | Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní faoi cheannteidil 8456 go 8461 amháin nó go príomha, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile. |
| 8485 20 | Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlaistigh nó rubar a leagan síos |
| 8485 30 | Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlástar, stroighin, ceirmigh nó gloine a leagan síos |
| 8485 90 | Páirteanna meaisíní le haghaidh monarú breiseán |

6. Ábhair agus réamhtheachtaithe fuinneamhachais

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 2829 90 | Sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití |
| 4706 10 | Laíon snáithíní a fhaightear ó pháipéar slánaithe nó páipéarchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll) nó laíon atá déanta as ábhair eile de cheallalóis snáithíneach: Laíon atá déanta as lintir cadáis |

7. Gairis, modúil agus cóimeálacha leictreonacha

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8471 50 | Aonaid phróiseála eile seachas na haonaid atá faoi cheannteideal 8471 41 nó 8471 49, bíodh ceann amháin nó péire de na cineálacha aonaid seo a leanas sa chásáil chéanna nó ná bíodh: aonaid stórála, aonaid ionchuir, aonaid aschuir |
| 8471 70 98 | Aonaid stórála eile |
| 8471 80 | Aonaid le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha (seachas aonaid phróiseála, aonaid ionchuir nó aschuir agus aonaid stórála) |
| 8517 62 | Meaisíní le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a fháil, a thiontú agus a tharchur nó a athchruthú, lena n-áirítear gléasra lasctha agus ródaithe |
| 8517 69 | Gléasra eile le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a ghlacadh, lena n-áirítear gléasra le haghaidh cumarsáide i líonra le sreang nó gan sreang |
| 8517 79 | Páirteanna eile de ghléasanna teileafóin, teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang agus de ghléasra eile le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a ghlacadh, gan aeróga ná frithchaiteoirí aeróige de gach cineál agus a bpáirteanna a áireamh |
| 8526 91 | Gléasra loingseoireachta le cúnamh raidió |
| 9014 20 | Uirlisí agus fearais le haghaidh aerloingseoireachta nó loingseoireacht spáis (seachas compáis) |
| 9014 80 | Ionstraimí agus fearais loingseoireachta eile |

8. Ceimiceáin, miotail, cóimhiotail, cumaisc agus ábhair shárfhorbartha eile

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8112 41 | Réiniam neamhshaoirsithe agus fuíoll, dramhaíl agus púdair réiniam |
| 8112 49 | Réiniam, seachas réiniam neamhshaoirsithe, fuíoll, dramhaíl agus púdair |

9. Páirteanna, cóimeálacha agus comhpháirteanna innealra

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8482 10 | Imthacaí gránacha |
| 8482 20 | Imthacaí rollacha barrchaolaithe, lena n-áirítear cóimeálacha cónrollóirí agus rollóirí barrchaolaithe |
| 8482 30 | Imthacaí rollacha sféaracha |
| 8482 50 | Imthacaí sorcóireacha rollacha eile, lena n-áirítear cóimeálacha cáis agus rollóirí |

10. Miscellaneus

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 8807 30 | Páirteanna eile d’eitleáin, héileacaptair agus aerárthaí gan foireann |

,

**IARSCRÍBHINN III**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014:

‘IARSCRÍBHINN VIII

Liosta na dtíortha comhpháirtíochta

dá dtagraítear in Airteagail 2(4), 2a(4), 2d(4), 3h(3), 3k(4), 5n(7), 5n(10), 5q(7), 12g(1) agus 12g(1a)

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

AN tSEAPÁIN

AN RÍOCHT AONTAITHE

AN CHÓIRÉ THEAS

AN ASTRÁIL

CEANADA

AN NUA-SHÉALAINN

AN IORUA

AN EILVÉIS

LICHTINSTÉIN

AN ÍOSLAINN’.

## IARSCRÍBHINN IV

In Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, cuirtear isteach na suíomhanna taraife seo a leanas, go díreach tar éis an tsuímh taraife a bhfuil cód AC 2803 luaite leis:

| | |
|---|---|
| ‘28042910 | Héiliam |
| 284540 | Héiliam-3’ |

## IARSCRÍBHINN V

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014:

‘IARSCRÍBHINN XXIII

Liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3k

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 0601 | Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim shuanacha nó iad ag fás nó faoi bhláth; plandaí siocaire agus fréamhacha seachas fréamhacha faoi cheannteideal 1212: |
| 0602 30 | Ródaideandróin agus asáilianna, bídís beangaithe nó ná bídís |
| 0602 40 | Rósanna, bídís beangaithe nó ná bídís |
| 0602 90 | Plandaí beo eile (lena n-áirítear a bhfréamhacha), beangáin agus slapair; pór beacán - Eile |
| 0604 20 | Duilliúir, craobhacha agus codanna eile de phlandaí, gan bláthanna nó bachlóga bláthanna, agus féara, caonaigh agus léicin atá ina n-earraí de shaghas atá oiriúnach do chrobhaingí nó chun críoch ornáideacha, iad úr, triomaithe, daite, tuartha, tuilte nó ar shlí eile ullmhaithe – Úr |
| 2508 | Créanna, andalúisít, ciainít agus silliminít, bídís cailcínithe nó ná bídís; muilít; chamotte nó créanna dinas (seachas cré chamotte agus créanna cailinneacha, agus cré leathnaithe) |
| 2509 | Cailc |
| 2512 | Min shiliciúil iontaise (mar shampla, kieselguhr, tripilít agus diatóimít) agus ithreacha siliciúla comhchosúla, bídís cailcínithe nó ná bídís, ar 1 nó níos lú a sainmheáchan dealraitheach |
| 2515 | Marmar, trabhairtín, ecaussine agus cloch chailcreach eile i gcomhair leacht cuimhne nó tógála ar >= 2.5, a sainmheáchan dealraitheach, agus albastar, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm cearnógach nó dronuilleogach |
| 2518 20 | Dolaimít chailcínithe nó shintéaraithe |
| 2519 10 | Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít) |
| 2520 10 | Gipseam; ainhidrít |

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 2521 | Flosc aolchloiche; aolchloch agus cloch chailcreach eile, de chineál a úsáidtear chun aol nó stroighin a mhonarú |
| 2522 | Aol beo, aol teilgthe agus aol hiodrálach, seachas ocsaíd chailciam agus hiodrocsaíd faoi cheannteideal 2825 |
| 2525 | Míoca, bíodh sé scoilte ina leatháin nó ina scealpaí nó ná bíodh; dramhaíl mhíoca |
| 2526 | Stéitít nádúrtha, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach); talc |
| 2530 20 | Cíosairít, eapsaimít (sulfáití maignéisiam nádúrtha) |
| 2602 | Mianta mangainéise agus tiúcháin díobh, lena n-áirítear mianta mangainéise iarnaí agus tiúcháin díobh, ina bhfuil cion mangainéise 20 % nó níos mó, arna ríomh de réir an mheáchain thirim |
| 2701 | Gual; brícíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as gual |
| 2702 | Lignít, bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh, cé is moite de ghaing |
| 2703 | Móin (lena n-áirítear easair mhóna) bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh |
| 2704 | Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna, bídís ceirtleánaithe nó ná bídís; carbón freangáin |
| 2707 30 | Xileol (xiléiní) |
| 2708 | Pic agus cóc pice, a fhaightear ó tharra guail nó ó tharraí mianracha eile |
| 2710 | Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas cinn amha); ullmhóidí ina bhfuil >= 70 % de réir meáchain olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, nach bhfuil sonraithe in áit eile; olaí dramhaíola ina gcuimsítear peitriliam nó mianraí biotúmanacha go príomha |
| 2712 | Glóthach pheitriliam, céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianraí eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bídís |
| 2715 | Maisteoga biotúmanacha, ciorruithe agus meascáin bhiotúmanacha eile atá bunaithe ar asfalt nádúrtha, ar bhiotúman nádúrtha, ar bhiotúman peitriliam, ar tharra mianrach nó ar phic tarra mhianrach - Eile |

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| Ex 2804 | Hidrigin agus neamh-mhiotail eile (seachas tearcgháis) |
| 2806 | Clóiríd hidrigine ‘aigéad hidreaclórach’; aigéad clórasulfarach |
| 2811 | Aigéid neamhorgánacha eile agus comhdhúile ocsaigine neamhorgánacha eile de neamh-mhiotail |
| 2813 | Suilfídí de neamh-mhiotail; tríshuilfíd fosfair thráchtála |
| 2814 | Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí |
| 2815 | Hiodrocsaíd sóidiam (sóid loiscneach); hiodrocsaíd photaisiam (potais loiscneach); sárocsaídí sóidiam nó potaisiam |
| 2818 30 | hiodrocsaíd alúmanaim |
| 2819 | Ocsaídí agus hiodrocsaídí cróimiam |
| 2820 | Ocsaídí mangainéise |
| 2825 | Hiodraisín agus hiodrocsalaimín agus a gcuid salann neamhorgánach; bunanna neamhorgánacha, ocsaídí, hiodrocsaídí agus sárocsaídí de mhiotal nach bhfuil sonraithe in aon áit eile |
| 2827 | Clóirídí, ocsaídí clóiríde agus hiodrocsaídí clóiríde; bróimídí agus ocsaídí bróimíde; iaidídí agus ocsaídí iaidíde |
| 2828 | Hipeachlóirítí; hipeachlóirít chalciam tráchtála; clóirítí; hipeabhróimítí |
| 2829 | Clóráití agus sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití |
| 2832 20 | Suilfítí (seachas sóidiam) |
| 2833 | Sulfáití; alúim; sárocsasulfáití (sárshulfáití) |
| 2834 10 | Nítrítí |
| 2836 | Carbónáití; sárocsacarbónáití (sárcharbónáití); carbónáit amóiniam tráchtála ina bhfuil carbamáit amóiniam |
| 2839 | Sileacáití; sileacáití miotail alcaile tráchtála |

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 2840 30 | Sárocsabóráití (sárbhóráití) |
| 2841 | Salainn as aigéad ocsaimiotalach nó sárocsaimiotalach |
| 2843 | Miotail chollóideacha lómhara; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís; malgaim as miotail lómhara |
| 2846 | Comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha as miotail tearc-chré, as itriam nó as scaindiam nó as meascáin de na miotail sin |
| 2847 | Sárocsaíd hidrigine, bíodh sí soladaithe le húiré nó ná bíodh |
| 2901 | Hidreacarbóin neamhchioglacha |
| 2902 | Hidreacarbóin chioglacha |
| 2903 | Díorthaigh halaiginithe hidreacarbón |
| 2904 | Díorthaigh shulfónaithe, níotráitithe nó níotrasaithe de hidreacarbóin, bídís halaiginithe nó ná bídís |
| 2905 | Alcóil neamhchioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2906 | Alcóil chioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2907 | Feanóil; feanól-alcóil |
| 2909 | Éitir, éitearalcóil, éitear-fheanóil, éitearalcól-fheanóil, sárocsaídí alcóil, sárocsaíd éitir, sárocsaídí céatóin (bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís), agus a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2910 | Eapocsaídí, eapocsa-alcóil, eapocsaifeanóil agus eapocsai-éitir, ag a bhfuil fáinne tríbhallach, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2911 | Aicéatail agus leathaicéatail, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2912 | Aildéid, bíodh feidhm ocsaigine acu nó ná bíodh; polaiméirí cioglacha d'aildéid; paraformaildéad |
| 2914 | Céatóin agus cuineoin, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 2915 | Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2916 | Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha neamhsháithithe, aigéid mhonacarbocsaileacha chioglacha, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2917 | Aigéid pholacarbocsaileacha, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2920 | Eistir d’aigéid neamhorgánacha eile de neamh-mhiotail (seachas eistir de hailídí hidrigine) agus a salainn; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe |
| 2921 22 | Heicsimeitiléindé-aimín agus shalainn |
| 2921 41 | Anailín agus a shalainn |
| 2922 11 | Mona-eatánólaimín agus a shalainn |
| 2922 43 | Aigéad antrainileach agus a shalainn |
| 2923 20 | Leicitin agus fosfaimínilipidí eile |
| 2924 | Comhdhúile feidhme carbocsa-aimíde; comhdhúile feidhme aimíde d'aigéad carbónach |
| 2925 | Comhdhúile feidhme carbocsa-imíde (lena n-áirítear siúicrín agus a shalainn) agus comhdhúile feidhme imín |
| 2926 | Comhdhúile feidhme nítríle |
| 2930 | Comhdhúile orgánasulfair |
| 2933 29 | Comhdhúile heitrichioglacha nach bhfuil ach heitrea-adamh (heitrea-adaimh) nítrigine amháin iontu, a bhfuil fáinne imíodasóil neamh-chomhleáite, bíodh sé hidriginithe nó ná bíodh, sa struchtúr, (gan hiondantoin agus a dhíorthaigh, agus táirgí faoi cheannteideal 3002 10 a áireamh) |
| 2933 54 | Díorthaigh eile de mhalóiniolúiré (aigéad barbatúrach); salainn díobh sin |
| 2933 71 | 6-Heacsánlachtam (eipsealón-capralachtam) |

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 2933 79 | Lachtaim (gan 6-heacsánlachtam ‘eipsealón-capralachtam’, clóbasam ‘inn’, meitipríolón ‘inn’, agus comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha de mhearcair a áireamh) |
| 2933 99 | Comhdhúile heitreachioglacha eile a bhfuil heitrea-adamh/adaimh nitrigine iontu amháin |
| 3201 | Eastóscáin súdaireachta de bhunadh plandúil; tainniní agus a gcuid salann, éitir, eistir agus díorthaigh eile |
| 3202 | Substaintí súdaireachta orgánacha sintéiseacha; substaintí súdaireachta neamhorgánacha; ullmhóidí súdaireachta, bíodh substaintí súdaireachta nádúrtha iontu nó ná bíodh; ullmhóidí einsímeacha le haghaidh réamhshúdaireachta |
| 3203 | ábhar dathúcháin de bhunadh plandúil nó ainmhíoch, lena n-áirítear eastóscáin súdaireachta (ach gan dubh ainmhí san áireamh), bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís; ullmhóidí bunaithe ar ábhar dathúcháin de bhunadh plandúil nó ainmhíoch, de chineál a úsáidtear chun fabraicí a dhathú nó chun ullmhóidí datháin a tháirgeadh (ach gan ullmhóidí faoi cheannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3213 agus 3215 a áireamh) - Eile |
| 3204 90 | Ábhair dhathúcháin orgánacha shintéiseacha, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís; ullmhóidí mar atá sonraithe i nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo bunaithe ar ábhar dathúcháin orgánach sintéiseach; táirgí orgánacha sintéiseacha de chineál a úsáidtear mar oibreáin ghealaithe fhluaraiseacha nó mar lúmanafóir, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís |
| 3205 | lochanna datha (seachas laicear agus péinteanna Síneacha nó Seapánacha); ullmhóidí bunaithe ar lochanna datha, de chineál a úsáidtear chun fabraicí a dhathú nó chun ullmhóidí datháin a tháirgeadh (ach gan ullmhóidí faoi cheannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3213 agus 3215 a áireamh) |
| 3206 41 | ultramairín agus ullmhóidí bunaithe ar ultramairín, de chineál a úsáidtear chun aon ábhar a dhathú nó chun ullmhóidí datháin a tháirgeadh (ach gan ullmhóidí faoi cheannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3213 agus 3215 a áireamh) |
| 3206 49 | ábhar dathúcháin neamhorgánach nó mianrach, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile; ullmhóidí bunaithe ar ábhar dathúcháin neamhorgánach nó mianrach, nach bhfuil sonraithe aon áit eile, de chineál a úsáidtear chun aon ábhar a dhathú nó ullmhóidí datháin táirge (ach gan ullmhóidí faoi cheannteidil 3207, 3208, 3209, 3210, 3213 agus 3215 agus táirgí neamhorgánacha de chineál a úsáidtear mar lúmanafóir a áireamh) – Eile |
| 3207 | Líocha ullmhaithe, teimhneoirí ullmhaithe agus dathanna ullmhaithe, cruain agus glónraí inghloinithe, eingeobanna, lonruithe leachtacha agus ullmhóidí comhchosúla, den chineál a úsáidtear sa tionscal ceirmeach, cruanta nó gloine; friochtachán gloine, i bhfoirm púdair, gráinníní nó calóg |

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 3208 | Péinteanna agus vearnaisí (lena n-áirítear cruain agus laicir) atá bunaithe ar pholaiméirí sintéiseacha nó polaiméirí nádúrtha atá modhnaithe ó thaobh ceimice de, iad easraithe nó tuaslagtha i meán neamh-uisceach; tuaslagáin táirgí atá faoi cheannteidil 3901 go 3913 i dtuaslagóirí orgánacha so-ghalaithe, ina bhfuil > 50 % tuaslagóir de réir meáchain (seachas tuaslagáin collódiain) |
| 3209 | Péinteanna agus vearnaisí (lena n-áirítear cruain agus laicir) atá bunaithe ar pholaiméirí sintéiseacha nó polaiméirí nádúrtha a mhodhnaítear ar bhun ceimice, easraithe nó tuaslagtha i meán uiscín |
| 3210 | Péinteanna agus vearnaisí eile (lena n-áirítear cruain, laicir agus leamhaol); líocha uisce ullmhaithe de chineál a úsáidtear chun leathar a bhailchríochnú |
| 3212 90 | Líocha (lena n-áirítear púdair mhiotalacha agus calóga miotalacha), easraithe i meán neamhuisceach, i bhfoirm leachtach nó taois, de chineál a úsáidtear agus péinteanna (cruain san áireamh) á monarú; scragaill stampála; ruaimeanna agus ábhar eile dathúcháin a chuirtear i bhfoirmeacha nó i bpacáiste lena miondíol - Eile |
| 3214 | Puití gloineadóra, puití beangúcháin, stroighin roisíneach , comhdhúile calctha agus maisteoga eile; líonta péintéirí; ullmhóidí neamh-theasfhulangacha le haghaidh dromchlú aghaidheanna, ballaí faoi dhíon, urlár, síleálacha nó a leithéidí |
| 3215 11 | Dúch priontála - Dubh |
| 3215 19 | Dúch priontála - Eile |
| 3403 | Ullmhóidí bealaithe (lena n-áirítear ullmhóidí ola gearrtha, ullmhóidí scaoilte boltaí nó cnónna, ullmhóidí frithmheirgithe nó frithchreimthe agus ullmhóidí scaoilte múnlaí, bunaithe ar bhealaí) agus ullmhóidí scaoilte múnlaí atá bunaithe ar bhealaí; Ullmhóidí teicstíle bealaithe agus ullmhóidí de chineál a úsáidtear chun ola nó ramhar ábhair theicstíle, leathar, fionnadhsheithí agus ábhair eile a chóireáil (seachas ullmhóidí ina bhfuil, mar chomhábhair bhunúsacha, cion meáchain >= 70 % d'olaí peitriliam nó d'olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha de réir meáchain) |
| 3505 10 | Deistriní agus stáirsí modhnaithe eile |
| 3506 99 | Gliúnna sainullmhaithe agus greamacháin eile shainullmhaithe, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; táirgí atá oiriúnach lena n-úsáid mar ghliúnna nó greamacháin, atá cóirithe lena miondíol mar ghliúnna nó greamacháin, nach mó a nglanmheáchan ná 1 kg - Eile |
| 3701 20 | Scannán inphriontáilte ar an toirt |
| 3701 91 | le haghaidh fótagrafaíocht dhaite (polachróm) |

| Cód AC | Tuairisc |
|---|---|
| 3702 | Scannán fótagrafach i bhfoirm rollaí, iad íograithe, neamhnochtaithe, d'aon ábhar seachas páipéar, páipéarchlár nó teicstílí; scannán inphriontáilte ar an toirt i bhfoirm rollaí, iad íograithe, neamhnochtaithe |
| 3703 | Páipéar agus cairtchlár fótagrafach agus teicstílí fótagrafacha, iad íograithe, neamhnochtaithe |
| 3705 | plátaí fótagrafacha agus scannán fótagrafach, nochta agus réalta (gan táirgí déanta as páipéar, cairtchlár ná teicstílí, scannáin chineamatagrafacha agus plátaí priontála réidh le húsáid a áireamh) |
| 3706 | Scannáin chineamatagrafacha, iad nochtaithe agus forbartha, bíodh fuaimrian ionchorpraithe iontu nó ná bíodh nó bíodh nach bhfuil iontu ach an fuaimrian |
| 3801 20 | graifít chollóideach nó leathchollóideach |
| 3806 20 | salainn róisín, salainn ó aigéid roisín nó ó dhíorthaigh de róisín nó d'aigéid roisín, (seachas salainn ó aduchtanna róisín) |
